

Dísirt Ióga in Éirinn
L. 17



Talamh gan éisc?
L. 20



Páidí Ó Lionáird
L. 15

Miss Galway ag caint linn
L. 16






Trevor ina Uachtarán?
L. 3

ISSN 2009-3055

# Gaelscéal

Ag Cothú Phobal na Gaeilge

€1.65 (£1.50)
Uí. 1

26.03.2010

## Ceist na Gréige chun tosaigh sa Bhruiséil

Le Ciarán Dunbar

BHAILIGH ceannairí na hEorpa sa Bhruiséil inné agus ar maidin fá choinne cruinniú mullaigh. Is é ceist gheilleagar na Gréige a bheas chun tosaigh sna cainteanna seo.

Tá imní ar na tíortha eile sa zón Euro fán tionchar atá an ghéarchéim eacnamaíochta sa Ghréig ag imirt orthu go léir.



George Papandreou

Agus Gaelscéal ag dul i gcló, tá an Euro ag an leibhéal is ísle i gcomparáid leis an Dollar le deich mí anuas.

Tá rialtas na Gréige go fóill ag súil go dtiocfaidh an tAontas Eorpach i dtarrtháil ar a dtír le beart tarrthála agus nach mbeidh orthu dul chuig an Chiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta mar atá bagartha acu.

Tá rialtas na Gearmáine i bhfách leis an Chiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta ag glacadh ról lárnach sa scéal ar an ábhar go mbeadh ar lucht íoctha cánachna Gearmáine an chuid is mó den airgead a chur ar fáil chun geilleagar na Gréige a tharraing amach as an fhaopach ina bhfuil sé.

# Ní masla é €9 billiúin sa bhreis a iarraidh d'Anglo Irish: Dukes

Le Treasa Bhreathnach

BEIDH ar an Rialtas suas le €9 billiún sa mbreis a infheistiú sa Bhanc Anglo Irish chun gur féidir leo an Banc a choinneáil ag imeacht agus athstruchtúrú a dhéanamh air, a dúirt Príomhfheidhmeannach an bhainc Mike Aynsley leis an Irish Times inné.

Dúirt Alan Dukes, cathaoirleach ainmnithe an bhainc, agus é ag caint go heisiach le Gaelscéal, nach mbeadh an Banc in ann feidhmiú go dtí deireadh na míosa gan an t-infheistiú seo.

Tar éis don comhlacht cuntasóireacht KPMG moladh a dhéanamh anuraidh do Anglo, gur cheart dóibh an dá leath a dhéanamh den mbanc, "an banc maith agus an drochbhanc," agus gníomhaíocht an drochbhainc a thabhairt chun críche de réir a chéile, bhí sé seo mar chuid den iarratas ar athstruchtúrú a rinne an Banc Anglo-Irish ar an gCoimisiún Eorpach. Tá siad ag súil le scéala a fháil faoin gcinneadh seo roimh dheireadh mhí Aibreáin.

**Thug Anglo Irish ardú pá do 78 dá bhfostaithe le déanaí, a deir an tUasal Dukes, a bhí ag teastáil mar gheall ar laghdú ar mhéid an bhainc**

Thug Anglo Irish ardú pá do 78 dá bhfostaithe le déanaí, a deir an tUasal Dukes, a bhí ag teastáil mar gheall ar laghdú ar mhéid an bhainc, agus mar gheall gur thóg roinnt oibrithe breis oibre orthu féin mar gheall ar an laghdú méid seo. Tugadh ardú pá do roinnt eile a fuair cáilíochtaí breise le bliain anuas.

Ní shíleann sé gur masla é do phobal na hÉireann an t-iarratas seo ar infheistíocht €9 billiún a dhéanamh ar an Rialtas ach masla a bheadh ann muna ndéanfaí é agus dá ligfí don Bhanc dul as gnó.



## ÁBHAR

**An Chéad Dualgas ag Carey: Gaelscéal!**

BEIDH Aire nua na Roinne Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta Pat Carey ag cur tús lena ndualgais inniu lena oifigiúla inniu lena chéad ócáid oifigiúil mar Aire. Beidh an tAire Carey i láthair ag seoladh oifigiúil Gaelscéal, á sheoladh ag Siún Nic Gearailt i nDámhlann Theach Cúirte an Phaoraigh, Baile Átha Cliath inniu.

**Seoladh Thuarascáil Bhliantúil 2009 Oifig an Choimisinéara Teanga**

FEIDHMÍONN Oifig an Choimisinéara Teanga mar sheirbhís Ombudsman agus mar ghníomhaireacht géilliúlachta i dtaca le seirbhísí stáit trí Ghaeilge. Beidh seoladh Thuarascáil Bhliantúil 2009 Oifig an Choimisinéara ar siúl ar an Luan seo chugainn in Óstán an Galway Bay, Bóthar na Trá, Gaillimh.

| | |
|---|---|
| RÉIGIÚNACH | 9 |
| TUAIRIMÍ | 12 |
| CÚRSAÍ SAOIL | 16 |
| GNÓ | 18 |
| COMHSHAOL | 20 |
| BEATHA | 22 |
| OIDEACHAS | 25 |
| MIONFHÓGRAÍ | 28 |
| SPÓRT | 29 |

GAELSCÉAL
Dé hAoine, 26 Márta, 2010

1 NUACHT NAISIÚNTA

# Fáilte go Gaelscéal

SEO é mar sin, an chéad eagrán de Gaelscéal, tá fáilte romhaibh go léir. Is é 'cothú phobal na Gaeilge' an mana atá againn agus táthar ag súil go mothóidh pobal na Gaeilge gur guth ár bpobail é Gaelscéal. Go raibh maith agaibh go léir as an dea-thoil a léiríodh don togra seo, chuidigh sé seo go mór linn.

Tá cuid mhór oibre le déanamh go fóill chun go mbeidh Gaelscéal chomh maith agus is féidir leis a bheith. Beidh muid ag obair i rith an ama chun a chinntiú go mbeidh an páipéar ag éirí níos tráthúla, níos téagartha agus níos ábhartha i gcónaí.

Sa ghearrthréimhse ba mhaith linn páipéar atá ar comhchéim leis na páipéir atá ár gcomhghleacaithe i bhFoinse agus i Nuacht 24 a chur amach gach seachtain agus a bheith chomh maith céanna is a bhí na páipéir Ghaeilge a bhí againn roimhe seo. Ina dhiaidh sin, ba mhaith linn an páipéar ab fhearr riamh i nGaeilge a chur amach, bun agus barr an scéil.

Is féidir a bheith ag léamh na léirmheasanna ach i ndeireadh na dála, níl ann ach dóigh amháin chun fiúntas an pháipéir a mheas, is é sin an méid cóipeanna a dhíoltar, tá an ceart ag an chustaiméir i gcónaí. Ní féidir gach duine a shásamh ach ba mhaith linn freastal ar an mhéid is mó daoine agus is féidir.

## Cad a bheas againn sa pháipéar mar sin?

Is é nuachtán i nGaeilge seachas páipéar Gaeilge atá beartaithe againn. Mar sin de, beidh nuacht idirnáisiúnta, náisiúnta is réigiúnach, scéalta ó Ghaeltachtaí agus ó Ghaelphobail na tíre ar fad chomh maith le scéalta Gaeilge á gclúdach againn. Lena chois sin, beidh cúrsaí spórt, ealaíne is litríochta, ceoil, saoil, chomhshaoil, gnó, teicneolaíochta agus eacnamaíochta ann.

Beidh cúrsaí oideachais á gclúdach againn le béim ar leith ar ábhar do dhaltaí atá ag foghlaim trí mheán na Gaeilge. Táthar ag súil go mbeidh muid in ann ábhar a chur ar fáil d'fhoghlaimeoirí fásta agus do dhaoine atá ag tógáil clann leis an Ghaeilge.

Níl gach rud atá beartaithe againn a bheith sa pháipéar ar fáil sa chéad eagrán seo ar ndóigh, tá go leor le déanamh againn go fóill chun ár réimse a leathnú amach a oiread is ba thoil linn.

## Radacachas ó thaobh na Gaeilge de

Fiú sna Gaeltachtaí is láidre tá an Ghaeilge faoi bhrú, níl aon amhras faoi sin. Ní féidir a bheith cinnte go mairfidh sí mar theanga phobail in áit ar bith. Mar sin, tá dúshlán ar leith roimh an teanga agus romhainn a labhraíonn í.

Thiocfadh linn a bheith ciniciúil diúltach agus éadóchasach ach cibé rud a dhéanann diúltachas agus díomuachas, ní dhéanann siad faic na ngrást leis an Ghaeilge a choinneáil beo ar chaoi ar bith. Níl a dhath gaelach ná dúchasach fúthu ach an oiread, ní fiú iad, cuir amú ama is fuinnimh atá iontu. Uime sin, beidh an páipéar seo dearfach, trodach is radacach fá thodhchaí na Gaeilge agus neamhbhalbh ar son chúis na Gaeilge ar fud na hÉireann agus níos faide anonn.

Tá go leor le bheith dearfach faoi. Tá an méid sin ratha ar na Gaelscoileanna. Tá stáisiún teilifís, soláthar an BBC, BBC Alba agus RTÉ, stáisiúin raidió againn agus go leor meáin eile againn. Tá gluaiseachtaí láidre againn fiú más lochtach é agus tá na mílte daoine óga páirteach ann.

Tá go leor áiteanna ina Éirinn ina bhfuil ráth ar an athbheochan agus ina bhfuil an Ghaeilge ag teacht i mbláth mar theanga phobail arís. Tá na mílte ag baint úsáid as an Ghaeilge mar theanga laethúil i mBéal Feirste agus i mBaile Átha Cliath. Níos tábhachtaí ná na rudaí seo go léir áfach ná go bhfuil Gaeltachtaí againn go fóill.

Tá dea-thoil an phobail Bhéarla againn den chuid is mó chomh maith cé go gcaithfeadh íomhá na Gaeilge i measc an mhórphobail Bhéarla teacht sa dara háit má thagann sé sin salach ar chearta na nGael.

Tá géarchéim ann go cinnte ach ní dhéanfaidh an coimeádachas a dhath don Ghaeilge, is aidhm radacach é athneartú na Gaeilge agus is ar mhodhanna radacacha amháin a bheas aon rath air.

## Ardán

Beidh mír againn dar teideal 'Ardán.' Tá muid ag iarraidh ar eagraíochtaí, grúpaí, polaiteoirí agus ar dhaoine aonair úsáid a bhaint as an deis seo chun smaointe agus dearcaí s'agaibhse ar chúrsaí éagsúla a chur ar fáil dúinn. Táthar ag súil go spreagfaidh an ghné seo den pháipéar go leor scríbhneoireachta agus díospóireachta, rud atá de dhíth go géar i saol na Gaeilge fá láthair. Bheinn ag iarraidh oraibh an t-ábhar a chur chuig nuacht@gaelsceal.ie. Cuireann muid fáilte ar leith roimh litreacha i gcónaí. Cuirtear litreacha chuig an seoladh seo le bhur dtoil, litreacha@gaelsceal.ie. Ná déanaigí dearmad le bhur dtoil an liathróid seachas an t-imreoir a leanúint i gcónaí.

## Caighdeán na Gaeilge

Ar cheann de na deacrachtaí is mó a bhíonn ag na meáin Ghaeilge tá caighdeán na Gaeilge. Beidh foireann Gaelscéal ag obair go díograiseach chun a chinntiú go mbeidh an páipéar scríofa sa Ghaeilge is fearr agus is féidir. Is róbheag líon na ndaoine ar an tsaol seo a bhfuil Gaeilge fhoirfe acu faraor. Is dúshlán ar leith é a bheith cruinn ó thaobh na gramadaí de agus duine ag scríobh i dteanga mionlaithe. Is dúshlán é freisin gan a theacht faoi anáil an Bhéarla is duine ag tuairisciú ar thír atá galldaithe den chuid is mó chomh maith.

Tá súil againn go mbeidh tacaíocht phobal na Gaeilge againn sa phróiseas sin. Mar sin de, cuireann muid fáilte roimh cheartúcháin i gcónaí. Má fheiceann tú botún ar bith nó má tá moladh ar bith agaibh, níl le déanamh agaibh ach dul i dteagmháil linn ar an rphost a leanas, ceartuchain@gaelsceal.ie.

Is gléas cumarsáide í an Ghaeilge go fóill agus is ar son na cumarsáide a bheas Gaelscéal á scríobh. Beidh an páipéar scríofa sa chaighdeán oifigiúil an oiread agus is féidir ar an ábhar gur mhaith linn a bheith soléite agus intuigthe don mhéid is mó daoine agus is féidir.

Tá sé de nós againn ár n-agallaimh a dhéanamh i nGaeilge chomh fada agus is féidir linn. Ní dhéanfar caighdeánú ar chaint daoine atá faoi agallamh, fágfar tréithe canúna nó Béarlachas sna hathfhriotail seo ach amháin nuair a bheadh sé deacair an bhunchiall a thuiscint.

Déanfar na rialacha ó thaobh an chaighdeáin oifigiúil a de a mhaolú go dtí pointe áirithe sa chuid sin den pháipéar a phléann le nuacht réigiúnach.

## Gaelscéal sna Siopaí

Is é ceann de na deacrachtaí is mó a bhíonn ag foilseacháin Ghaeilge tá cúrsaí dáileacháin. Beidh foireann s'againne ag déanamh a seacht ndícheall chun na deacrachtaí seo a shárú is a chinntiú go mbeidh Gaelscéal ar fáil d'oiread Gael agus is féidir.

Muna bhfuil Gaelscéal ar fáil sa siopa áitiúil, ná bíodh drogall oraibh scairt a chur orainn agus déanfaidh muid ár ndícheall chun sin a shocrú duit. Is féidir le pobal na Gaeilge cabhrú linn san obair sin trína bheith ag dul chuig na siopaí nuachtáin is ag iarraidh orthu Gaelscéal a chur ar na seilfeanna.

Is iad foireann Gaelscéal ná Trevor Ó Clochartaigh, ár mbainisteoir togra, Patricia Ní Chonghaile atá i mbun cúrsaí margaíochta agus dáileacháin, Treasa Bhreatnach agus Méadhbh Ní Eadhra atá mar sholáthróirí ábhair againn, Colm McSherry atá ag dearadh an pháipéir agus Gráinne McElwain a bheas i mbun cúrsaí spóirt linn.

Is mise Ciarán Dunbar agus beidh mise mar eagarthóir agaibh.

*An Ghaeilge Abú.*




Gaelscéal

**Trevor Ó Clochartaigh**
Bainisteoir Tionscadail
00353-91-536201
trevor.oclochartaigh@gaelsceal.ie

**Patricia Ní Chonghaile**
*Comhordaitheoir Táirgíochta*
00353-91-536201
patricia.nichonghaile@gaelsceal.ie

**Ciarán Dunbar**
*Eagarthóir*
00353-91-536201
ciaran.dunbar@gaelsceal.ie

**Treasa Bhreathnach**
*Soláthróir Ábhair*
00353-91-536201
treasa.bhreathnach@gaelsceal.ie

**Gráinne McElwain**
*Soláthróir Ábhair*
00353-91-536201
grainne.mcelwain@gaelsceal.ie

Le cabhair ó: Foras na Gaeilge

**Baineann Gaelscéal úsáid as Gaelspell agus Ceart, bogearraí a chabhraíonn le litriú agus gramadach na Gaeilge, www.cruinneog.com**

# Trevor Sargent mar Uachtarán? "amach anseo cá bhfios"



Le Treasa Bhreathnach

TAR éis do Trevor Sargent éirí as a phost mar Aire Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia ag deireadh Mhí Feabhra, bhí ceisteanna á gcur ó shin faoina thodhchaí ach tá sé ráite ag an Aire le Gaelscéal go mbeidh sé ag leanúint ar aghaidh sa bpolaitíocht.

Tar éis dó a rá le linn olltoghchán 2007 nárbh fhéidir leis a bheith mar cheannasaí ar an bPáirtí Glas dá rachadh siad i rialtas le Fianna Fáil, d'éirigh sé as ceannasaíocht an pháirtí. is éard a deir sé anois mar gheall ar an gcomhrialtas, ná go bhfuil "plean oibre ann, má chuirtear i gcrích é beidh slánú na tíre á bhaint amach," agus mura gcuirtear i gcrích é go "mbeidh teip ar an tír."

Beidh toghchán uachtaránacht na tíre i mí na Samhna 2011 agus cé go ndeir sé féin nach bhfeadfadh sé "jab an uachtaráin atá ann faoi láthair a shárú" agus chomh fada agus atá sí ann go mbeidh sé ag tabhairt tacaíochta di, ach ar an taobh eile, tá feachtas Facebook ann faoi láthair ag brú Trevor Sargent chun tosaigh mar iarrthóir d'uachtaránacht na tíre.

Deir sé go bhfuil sé "fíorbhuíoch don tacaíocht agus cineáltas, ach go bhfuil mo dhóthain idir lámha agam mo shuíochán a bhuachan i mBaile Átha Cliath Thuaidh faoi láthair". Ní hé sin le rá go mbeidh sé chomh gnóthach céanna i gcónaí mar go ndúirt sé, chomh maith, faoina bheith mar uachtarán na tíre, "amach anseo cá bhfios".




## NUACHT BLÚIRÍNÍ

Seoltar scéalta chuig: nuacht@gaelsceal.ie

### Éiríonn Lady Sylvia as an UUP



TÁ an UUP anois fágtha gan MP ar bith tar éis do Lady Sylvia Hermon éirí as an pháirtí ar fad.

Ní raibh Lady Sylvia sásta leis an nasc idir an UUP is Tóraithe Shasana ar an ábhar gur nádúrtha léi a bheith ag tacú leis na Labaraich.

Dar léi, cé go bhfuil "brón uirthi", tá 'bearna ró-mhór' idir í féin agus an UUP chun leanúint ar aghaidh ann.

Tá sé ar intinn aici a bheith ar ais san iomaíocht do shuíochán s'aici i dTuaisceart an Dúin mar iarrthóir neamhspleách.

### Breis airgid do na Sé Chontae

TÁ sé fógartha i mbuiséad Shasana go mbeidh gearradh £11 bhilliún ag teacht ar chaiteachas rialtas Shasana i 2011 ach tá Tuaisceart na hÉireann chun £33 milliún sa mbreis a fháil. Tuigtear go mbeidh £12m den airgead seo ag teacht ón bhfeidhmeannas agus £21m ag teacht ó airgead lárnach an Rialtais. Beidh an £21m seo ag dul i dtreo leasa shóisialaigh agus dífhostaíochta sa Tuaisceart leis an £12m ag dul chuig scéimeanna áitiúla leis an laghdú ar rátaí gnó ina measc.



### Airm Núicléacha na Stát Aontaithe agus na Rúise le laghdú



I GCOMHAONTÚ stairiúil idir an Rúis agus na Stáit Aontaithe Dé Céadaoin seo caite tá an dá thír chun líon a gcuid airm núicléacha a laghdú chuig tuairim is 1,500 an tír ar an mheán. Tar éis idirbheartaíocht fhada agus chasta tá an tUachtarán Barack Obama agus Uachtarán na Rúise Dmitry Medvedev chun an conradh a shíniú i gceann coicíse sa Phrág. Dúirt oifigí na Stát Aontaithe agus na Rúise nach raibh ach sonraí teicniúla fós le n-oibriú amach acu roimh an síniú stairiúil seo.



### Easpag Chluana John Magee éirithe as

GHLAC an Pápa an tseachtain seo le héirí as Easpag Chluana, John Magee. I dtuairisc de chuid na heaglaise a foilsíodh cúig mhí dhéag ó shin bhí sé ráite faoin Easpag Magee gur theip air páistí a chosaint nuair nár thuairiscigh sé gearáin maidir le mí-úsáid páistí do na Gardaí nó don FSS.

D'iarr an t-easpag Magee i ráiteas a rinne sé agus é ag éirí as "maithiúnas agus pardún" ó na híospartaigh ar chlis sé orthu.

### Bua ag na tábhairneoirí ar an Stát in easaontú Aoine an Chéasta i Luimneach

TÁ tábhairneoirí Luimnigh tar éis díolúine a fháil chun a dtithe ósta a oscailt don gcluiche mór rugbaí idir Cúige Mumhan agus Cúige Laighean ar Aoine an Chéasta. Ina bhreithiúnas inniu dúirt an breitheamh Tom O'Donnell nach raibh aon rogha eile ag na tábhairneoirí ach an t-iarratas a dhéanamh. Dúirt sé go raibh ceadúnas speisialta ólacháin ag Thomond Park agus go mbeadh an lucht leanúna ag an gcluiche in ann deoch a fháil agus iad ag breathnú ar an gcluiche agus nach ndearna sé aon chiall dó nach raibh tithe tábhairne an cheantair in ann oscailt chomh maith. Dúirt sé go bhféadfadh na tithe tábhairne oscailt ar Aoine an Chéasta ón 6 i.n. go dtí 11.30i.n.



**ANAILÍS** ar an athrú airí i rialtas Bhriain Uí Chomhain

# Atheagar na gcathaoireacha ar dheic na loinge fá thoinn?







ó chlé go deis, Pat Carey, Éamon Ó Cuív, Batt O'Keefe, Máire Ní Chochláin agus Máire Hanafin



**Le Páidí Ó Lionáird**

NÍL aon aithne agam ar an dTaoiseach. Níor bhuaileas riamh leis. Níor ólas pionta riamh ina chomhluadar. Níor chanas amhrán riamh ina theannta. Agus tá saghas bróin orm faoi sin. Saghas. Ar ndóigh ceapaimid ar fad go bhfuil aithne éigin againn ar an bhfear.

Óna chéad óraid mar Thaoiseach, bhíos an-tógtha leis agus, i bhfírinne, bhí sé ar m'intinn agam scríobh chuige ag déanamh comhgháirdeachais leis. Tá brón orm ó shin nár dheineas. Ar aon nós, de réir an méida scríobhas thuas, shamhlófá gur mór an spórt é Brian Cowen. Agus in aon ré eile bheadh an samhlú sin foirfe.

Agus nach iontach an post atá aige mar sin féin? Nuair gur féidir leis cuireadh a thabhairt dá rogha talainn laistigh de thithe an Oireachtais. Agus sin rogha a dhein sé ar an 8ú Bealtaine 2008 nuair a d'ainmnigh Brian Cowen baill na ComhAireachta don 28ú Rialtas (30ú Dáil).

Agus anois, i ndiaidh a ndeich lá sosa agus céilliúradh i Meiriceá, i gcomhluadar an Slánaitheora ansin, bhí deis aige faobhar a chur ar an scian d'fhonn a mháinlíocht a dhéanamh an tseachtain seo agus ardú céime a thabhairt do chairde nua fhaid's gur chuir sé iardhlúth-chairde ar gcúl in aon iarracht.

Deirtear go minic i gceantar Chois Fharraige nár chaill fear a' mhisnigh ariamh é, pé rud é an é áirithe sin ach sa chás seo, tá mé den tuairim nach raibh mórán in aon chor fágtha i bpóca an Taoisigh le cailliúint. Agus, i ndáiríre ní air féin an locht ar fad. Sea, chaith sé seal ina aire sláinte nuair ba chosúlaí le hAngóla í an tír seo. Deir a leathanach Vicipéid go raibh air dul i ngleic le heaspa leapacha in óispidéil ag an am. Is beag an difríocht atá ann anois de réir dealraimh. Bhí sé ina Aire Gnóthaí Eachtracha ina dhiaidh sin nuair a rinne an tUrramach Ian Paisley ionsaí pearsanta ar chuma agus ar chruth an fhir féin. Ansin, tháinig comhionann agus ainmniúchán do phost an Taoisigh féin nuair a cheap Taoiseach an ama sin, Bertie Ahern é ina Thánaiste agus, níos tabhachtaí ina Aire Airgeadais - reamhriachtannas don bpost mór. Is ann a tháinig lánstad lena chuid oibre áfach. Le linn a thréimhse i gceannas, níor fhair sé na rialaitheoirí a bhí fostaithe ag a roinn agus níor fhair siadsan na bainc le rialacha a bhí cumtha acu féin. Níor cumadh aon pholasaí nua ach an oiread.

Ba le linn na tréimhse "glórmhaire" seo a chaill Éire a cuid saibhris ar fad, saibhreas go mbeidh na glúnta atá le teacht ag díol go daor as go ceann i bhfad eile chomh maith linne atá ag íoc go daor as mar atá.

Agus caithfidh an Taoiseach seasamh leis an smál sin ina CV ar feadh i bhfad.

Ar ais chuig an máinliacht; cé afuair an scian agus cé a tháinig slán? D'éascaigh Martin Cullen agus Willie O Dea an cosán dó, ábhairín.

Agus fuair beirt pholaiteoirí cumasacha céim chun cinn, cuireadh chun boird do Tony Killeen mar Aire Cosanta agus an lár-iarthar neartaithe arís. Pat Carey mar Aire Gnóthaí Pobail, Comhionnanais agus Gaeltachta. Arís, luach na dílseachta. B'ait mar a chuir an Taoiseach Mary Hanafin ar leataobhle bheith ina hAire Turasóireachta agus Spóirt, bíodh is go bhfuil dualgas breise an Chultúir ann anois freisin. Agus bhí sé tapaigh le béim a chur ar an dtábhacht atá le turasóireacht don státchiste.

In ainneoin a mheasa ar dhílseacht, ba bheag an rogha a bhí aige leis an dTánaiste ach tá a náire féin slán áfach agus í bogtha aige go dtí an Roinn Oideachais le scileanna curtha ina theannta.

Ó thaobh an iarthair de, bhí sé raite go minic linn nach mbeadh Éamon O Cuív ná an Roinn GPT&G ná Craggy Island fágtha i ndiaidh na máinliachta ach ní hamháin go bhfuil an Roinn fágtha ach tá ardú céime faighte ag Éamon, go Coimirce Shóisialach!

Ta ardú céimefaighte ag Batt O'Keefe agus ceannas na Roinne Fiontar, Trádála agus Nuálaíochta aige. Deasmaoineamh an focal "nuálaíochta" a áireamh óir táan focal céanna i dteideal Mháire Geoghegan-Quinn sa Choimisiún Eorpach.

Tá Príomh-Aoire nua ceaptha - John Curran as iarthar Luimnigh agus cara mór don dTaoiseach.

Bearna an oir-dheiscirt líonta ag Seán Connick a bheidh i gceannas cúrsaí mara agus an chead aire le bheith i gcathaoir rothaí.

Ná dearmadaimis Dara Calleary, neart breis freagrachta curtha lena Aireacht shóisearachsiúd, saghas "Super-Junior" arís d'fhéadfaí a rá.

Pé scéal é; comhghairdeas leo ar fad. Bí cinnte go mbeidh corrthine chnámh lasta ar fud na tíre le fáilte abhaile a chur rompu.

Beidh Brian Cowen ag súil áfach go gcabhróidh an fhoireann nua leis cuid de na suíocháin atá i seilbh Fhianna Fáil a chosaint nuair a bheidh olltoghchán ann, cuma an luath nó mall a bheidh sé sin.

## Athrú na nAirí agus na Ranna Rialtais Atheagraithe

**Le Treasa Bhreathnach**

LE hathrú na n-airí sa rialtas ar an tseachtain seo ní amháin go bhfuil athruithe i measc na nAireachtaí éagsúla ach tá athruithe agus athchóiriú suntasach déanta i measc na Ranna éagsúla.

Sa Roinn Oideachais agus Scileanna, tá an Tánaiste Máire Ní Chochláin ainmnithe mar Aire. Níl mórán athruithe sa Roinn seo seachas dualgais rannóg nua na scileanna a bheith san áireamh freisin, faoina dtagann dualgais traenála FÁS.

Is é an tAire Éamon Ó Cuív an tAire nua ar an Roinn Coimirce Sóisialaí ina mbeidh sé ag glacadh dualgais leasa shóisialta. Beidh dualgais fostaíochta FÁS aistrithe don Roinn, chomh maith le seirbhisí pobail FÁS. Tá sé i gceist dualgais na scéime sóisialta tuaithe a aistriú don Roinn seo freisin sa gcaoi gur féidir leis na seirbhísí a chuireann ioncam agus obair dhíreach ar fáil dóibh siúd atá dífhostaithe a thabhairt le chéile.

Is í an tAire nua ar an Roinn Turasóireachta, Cultúir agus Spóirt ná Máire Hanafin. Níl mórán athruithe déanta sa Roinn seo seachas go mbeidh freagracht thionscail na gcapall agus na gcúnnaaistrithe amach as an Roinn. Is é an tAire Batt O'Keeffe Aire nua na Roinne Fiontar, Trádála agus Nuálaíochta ina mbeidh sé ag glacadh dualgais maidir le maoiniú do chlár taighde do choláistí tríú leibhéal. Pat Carey atá ainmnithe mar Aire nua ar an Roinn Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta a bheidh freagrach as cuimsiú sóisialta agus polasaithe chomh maith. Glacfaidh an tAire Carey dualgais maidir le comhionannas, míchumas, imeascadh agus cearta daonna sa Roinn athchóirithe seo chomh maith.

## Cad a cheapann na heagraíochtaí?

**Le ceapachán an Aire Pat Carey mar Aire Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta, seo a bhí le rá ag móreagraíochtaí Gaeilge na tíre.**

**Foras na Gaeilge:** 'Tá Foras na Gaeilge ag dúil go mór comhoibriú leis an Aire nua agus leanstan leis an obair a bhí ar siúl go dtí seo. Rinne an tUasal Carey cúpla bronnadh don Fhoras roimhe seo agus beidh lúcháir orainn fáiltiú roimhe isteach sa teach arís. Beidh muid ag dúil go leanfaidh tacaíocht an Rialtais don Fhoras faoi mar a gheall an tAire Ó Cuív arís ar an Satharn seo chuaigh thart."

**Údarás na Gaeltachta:** Ní bhaineann an straitéis 20 bliain le haon Aire amháin agus tá muid lánsásta go mbeidh an tAire Carey tiomanta don straitéis a chuir i bhfeidhm mar a rinne an tAire Ó Cuív roimhe. Tá muid ag súil le suí síos leis an Aire nua chun cúrsaí na Gaeltachta agus cúrsaí an Údaráis a phlé.

**Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge:** "Fáiltíonn Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge roimh cheapadh an Teachta Dála Pat Carey. Tá sár-obair déanta ag an Aire Ó Cuív ó bhí 2002 ann, chun an Ghaeilge agus an Ghaeltacht a chur chun cinn. Bhain sé níos mó amach mar Aire Gaeltachta ná mar a bhain aon Aire Gaeltachta amach roimhe sin, lena n-áirítear Stádas Oifigiúil don Ghaeilge san Aontas Eorpach, Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003, agus ceapadh an Choimisinéara Teanga.

Chun Straitéis fiche bliain an Rialtais i dtaobh na Gaeilge a chur i gcrích, is gá go mbeadh na hIonadaithe Stáit, na forais leathstáit, earnáil dheonach na Gaeilge agus pobal na Gaeilge ag pleanáil agus ag saothrú mar chomhpháirtnéirí i bhfiontar na teanga d'fhonn an Straitéis 20 Bliain a fhíorú.

# 'Tragóid' Oifig na bPas

Le hIrial Mac Murchú

BHEADH scéal Oifig na bPas greannmhar muna mbeadh sé chomh tragóideach sin do na daoine bochta dóchasacha atá ag fulaingt gach lá sa scuaine ag iarraidh dul i mbun gnó, saoire, nó fiú amháin ar imirce thar lear.

Tá dícheangal éigin eatarthu siúd atá i mbun na hagóide seo agus gach aon duine eile sa tír. Téann an gnáthdhuine ag obair, déanann siad a ndícheall, íoctar iad as an obair a dhéantar agus má dhéanann siad go maith gheobhaidh siad ardú céime i gcaitheamh ama. Gheobhaidh siad ardú pá má tá an t-airgead ann. Muna ndéanann siad a gcuid oibre go sásúil, cuirtear sin in iúl dóibh. Muna ndéanann siad a gcuid oibre go sásúil thar thréimhse leanúnach, scaoiltear leo.

I gcás na ndaoine atá i mbun na hagóide seo, feictear go bhfuil cultúr anois ann a deir go bhfuil sé de cheart ag daoine post a bheith acu pé acu go ndéanann siad go maith nó go holc é, pé acu an bhfuil dóthain airgid ag an bhfostóir (an stáit) nó nach bhfuil agus nach gá dóibh ach díreach a bheith ag an láthair oibre chun a gcuid pá a fháil ag deireadh na seachtaine gan aon fhreagracht maidir le seirbhís mhaith a chur ar fáil don bpobal, nó fiú an rud a deir a mbainisteoirí leo a dhéanamh.

Tá foráil i bhformhór conarthaí fostaíochta san earnáil phríobháideach a deir gur féidir tú a scor má dhéanann tú faillí i leith treoracha réasúnta a chur i gcrích. Seo é an gnáthchleachtas, seo an t-aon slí gur féidir le fostóirí caighdeán na hoibre agus caighdeán seirbhíse/ táirge a chinntiú. Glacann formhór d'oibreoirí na tíre leis seo.

Ach ní amhlaidh sin in Oifig na bPas. Ceapann siad agus a gcomhghleacaithe sa CPSU gur eisceacht iad agus go bhfuil siad i dteideal arduithe pá nach bhfuil ann agus go bhfuil cead ar leith acu chun suaitheadh mór a chruthú do na daoine atá ag lorg doiciméid taistil. Cad as ar dóigh leo a thiocfaidh an t-airgead breise atá siad a lorg? Cad as ar dóigh leo a dtiocfaidh an t-airgead do gach aon duine eile sa tseirbhís phoiblí uair amháin go n-íocfaí a leithéid d'ardú? An bhfuil siad ag moladh arduithe cánach do gach duine eile sa tír seachas iad féin? Nó an bhfuil siad sásta glacadh le harduithe cánach dóibh féin chun an t-ardú a íoc, rud a gheobhadh an t-ardú céanna a fhágáil ar ceal pé scéal é?

**Ceapann siad agus a gcomhghleacaithe sa CPSU gur eisceacht iad agus go bhfuil siad i dteideal arduithe pá nach bhfuil ann**

Tá breis is 400,000 duine gan aon phost. Tá na céadta mílte eile go bhfuil laghdú suntasach tagtha ar an méid atá siad a thógáil abhaile, ach tá áthas orthu post a bheith acu. Tá na daoine in Oifig na bPas ag fáil pá ag deireadh na seachtaine seo as obair a dhéanamh agus níl an obair sin déanta.

## Tacaíocht David Ford do Gaelscéal



IS é David Ford ceannaire pháirtí comhghuaillíochta Thuaisceart Éireann ó mhí Dheireadh Fómhar 2001, "páirtí atá ag obair ar son sochaí do chách gan claontacht i leith reiligiúin, cine, nó stádas sóisialta". I litir chugainn an tseachtain seo caite, chuir sé fáilte roimh Gaelscéal nuair a ghuigh sé deamhéinar an bpáipéar nuachta. Léirigh sé a thacaíocht don togra úr nua dúshlánach seo agus deir sé "go gcuideoidh Gaelscéal le próifíl mórcheisteanna cultúrtha a ardú sa Deisceart agus sa Tuaisceart."

# Toghchán d'Uachtaránacht Chonradh na Gaeilge

Le Treasa Bhreathnach

IS i 2008 a ceapadh Pádraig Mac Fhearghusa mar uachtarán ar Chonradh na Gaeilge agus deir sé go bhfuil "fonn orm an tréimhse trí bliana mar Uachtarán ar Chonradh na Gaeilge, a bhfuil a dhá dtrian istigh agam, a chríochnú."

Le linn a thréimhse dhá bhliain mar uachtarán ar an gConradh tá an ceanncháras athchóirithe agus athdheisithe agus bhí baint aige leis an mbua ar an Roinn Oideachais agus Eolaíochta chun luath-thumoideachas sa Ghaelige a cheadú arís i ngaelscoileanna



Pádraig Mac Fhearghusa



Seán Ó hAdhmaill

agus i scoileanna Gaeltachta an Stáit seo. Is as Béal Feirste an t-iarratasóir comhraic Seán Ó hAdhmaill atá 28 bliain d'aois agus é ag seasamh don toghchán den chéad uair. Tá Seán ag seasamh leis an gceist "an bhfuil muid réidh don 21ú haois?" mar mhana aige. Tá sé ag iarraidh na baill agus an eagraíocht féin a thabhairt isteach go dtí an 21ú haois ó thaobh na teicneolaíochta de. Is féidir tacú le Seán, más mian leat é sin a dhéanamh, ar Facebook nó Twitter. Beidh toghchán uachtaránachta Chonradh na Gaeilge ar siúl i gCathair Luimnigh ar an Satharn, 17 Aibreán.

# Díomá Theaghlaigh Dhomhnach na Fola

Le Danny Brown

BHÍ cúis díomá arís ag teaghlaigh Dhomhnach na Fola i nDoire Dé Luain na seachtaine seo nuair a d'fhógair an Rúnaí Stáit do na Sé Chontae, Shaun Woodward, gur féidir go mbeadh moill ar fhoilsiú thuarascáil Bhinse Fiosrúcháin an Tiarna Saville má fhógraítear toghchán do Westminster.

Tá sé níos mó ná sé bhiana ó d'éist Saville leis an fhianaise dheireanach agus tá na teaghlaigh ag iarraidh air a thuarascáil a fhoilsiú chomh tiubh géar agus a thiocfadh leis. Gealladh an tuarascáil anuraidh ach dúirt Saville go raibh fadhb leis na huimhreacha ag bun na leathanach agus nach mbeadh sí réidh go dtí i mbliana.

Beidh deis ag dlíodóirí MI5 agus Roinn Cosanta an rialtais féachaint ar an tuarascáil le cinntiú nach bhfuil rud ar bith ann a sháródh rialacha a bhaineann le slándáil náisiúnta nó le bagairt ar shaol duine ar bith. Ní bheidh teacht ag na teaghlaigh ar an chaipéis go dtí cúpla uair an chloig sula bhfoilsítear í. Meastar go nglacfaidh sé coicís leis an scagadh sin a dhéanamh ar an tuarascáil agus go mbeidh sí réidh i ndiaidh na Cásca.

Ach glactar leis go mbeidh Gordon Brown ag fógairt toghcháin Dé Máirt 6 Aibreán nuair a thagann na feisirí ar ais i ndiaidh shos na Cásca agus, má tharlaíonn sin, ní bheidh Saville in ann an tuarascáil a bhronnadh ar an Pharlaimint. Níl cuid de Theaghlaigh Dhomhnach na Fola sásta leis an chasadh is déanaí sa scéal, áfach. Dúirt cuid acu an tseachtain seo go bhfuil muinín caillte acu sa phróiseas agus dúirt Mark Durkan ón SDLP go raibh sé náireach go mbeadh teacht ag dlíodóirí ón Roinn Cosanta agus ó MI5 ar an tuarascáil ar feadh tréimhse fhada sula bhfaigheann na teaghlaigh cóip di.

B'fhéidir gurb é an rud is iontaí áfach ná an easpa feirge i measc phobal Dhoire faoin mhoill is déanaí. Bhí agóid taobh amuigh de Halla na Cathrach i lár Dhoire Dé Sathairn seo a chuaigh thart le brú a chur ar an rialtas an tuarascáil a fhoilsiú agus ní raibh ach céad duine nó mar sin i láthair.



# An bhfuil barraíocht eagraíochtaí ann?

Le Ciarán Dunbar

AN bhfuil barraíocht eagraíochtaí Gaeilge ann? An bhfuil airgead á chur amú ar mhaorlathas? Ar cheart go mbeadh na heagraíochtaí Gaeilge ábalta teacht le chéile faoi bhrat amháin? An bhfuil an iomarca taoisigh ach easpa saighdiúirí singilte againn? Cá bhfuil airgead na Gaeilge á chaitheamh? An bhfuil muid ag fáil luach ár gcuid airgead? An bhfuil an bhéim san áit cheart?

Sin ceisteanna atá le cloisteáil i bpobail na Gaeilge agus sa saol polaitíochta mar aon.

Mar shamplaí, chreid an tiar-Aire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta Éamon Ó Cuív go bhfuil "an iomarca eagraíochtaí Gaeilge ann" agus tá sé ráite ag Micheal Ring, urlabhra Fhine Gael ar Ghnóthaí Pobail agus Gaeltachta agus é ag caint leis an Irish Times go bhfuil "an iomarca 'vested interests'" ann agus go bhfuil "gach éinne ag tarraingt uisce chun a mhuilinn féin."

Tá 'cuíchóiriú' iarrtha ag an Chomhairle Aireachta Thuaidh Theas ar na heagraíochtaí bunmhaointithe ar fad. Dar le Foras na Gaeilge "tá próiseas ar siúl faoi láthair i gcomhar leis na heagrais féin agus beifear ag súil le moltaí a ullmhú thar an chéad chúpla mí romhainn."

Tuigtear do Gaelscéal go bhfuil eagraíochtaí bunmhaoinithe ann atá i gcoinne an phróisis seo ach tá sé léirithe ag eagraíochtaí eile linn go bhfuil siad i bhfách leis agus go gcreideann siad go gcaithfidh sé a bheith ann.

Ach cé hiad na heagraíochtaí bunmhaoinithe seo? Cé atá i gceannas orthu? Cad iad na haidhmeanna atá acu? Cad é a dhéanann siad go díreach?

An bhfuil dul amú ar an Aire Ó Cuív agus eile? An bhfuil cúis mhaith le gach uile eagraíocht bhunmhaoinithe? An bhfuil míthuiscint ann fán obair a dhéanann siad ar fad?

Chun an t-eolas ar fad a chur roimh shúile phobal na Gaeilge, tá Gaelscéal ag ullmhú sraith eolais i gcomhar leis na heagraíochtaí ar fad a fhaigheann bunmhaoiniú ó Fhoras na Gaeilge agus ar na daoine atá i gceannas ar na heagraíochtaí sin.

Mar sin de, chuir Gaelscéal ceistneoir amach chuig gach eagraíocht bhunmhaoinithe. Seo deis ag na heagraíochtaí a gcás a dhéanamh agus saothar s'acu a chur os comhair phobal na Gaeilge. Tá muid ag tosú an tseachtain seo le Gael Linn.

## EOLAS

- Bunaíodh Gael Linn i 1953
- Tá lipéad ceoil acu a chuireann amach ceol traidisiúnta is taifeadáin Ghaeilge
- Tá ceithre coláistí samhraidh acu, Coláiste Bhaile Bhúirne, Co. Chorcaí, Coláiste Mhachaire Rabharthaigh is Coláiste Bhun an Inbhir i dTír Chonaill agus Coláiste Riocaird Bairéid i gCo. Mhaigh Eo

# Freagraí Ghael Linn

*Ainm :* Gael Linn

*Aidhm*: Deiseanna tarraingteacha, inrochtana a chruthú do chách chun an Ghaeilge a fhoghlaim agus a úsáid, mar bheotheanga ina comhthéacs cultúrtha. Sa chuid sin de ghníomhchlár na heagraíochta atá páirtmhaoinithe ag Foras na Gaeilge, déanann Gael Linn-:

- an teanga a mhúineadh
- tacú le sealbhú na Gaeilge trí dheiseanna úsáide Gaeilge a chur ar fáil
- tacú le múinteoirí agus foghlaimeoirí na Gaeilge

*Méid an Deontais a fuarthas ó Fhoras na Gaeilge do 2010, 2009 agus 2008*:
2008: €731k. 2009: €702k. 2010: Ní fios fós. Íocfar ráta 2009, lúide 10%, go míosúil go lár na bliana; ní fios ina dhiaidh sin.

*Príomhfheidhmeannach*: Antoine Ó Coileáin

*Tuarastal an Phríomh-Fheidhmeannaigh* : Níl post an Phríomhfheidhmeannaigh maoinithe ag airgead an Fhorais

*Líon na ndaoine ar an bhfoireann* : 22 lánaimseartha agus 3 páirtaimseartha. Astu siúd, 6 phost lánaimseartha atá maoinithe ag airgead an Fhorais.

*Cad é próifíl na foirne ó thaobh gráid de?* : Tá 3 ball foirne san ardbhainistíocht agus 5 sa mheán-bhainistíocht.

**Ceisteanna don phríomhfheidhmeannach**

*Cad é an aidhm / na haidhmeanna atá ag bhur n-eagraíochtsa?*
Gníomhchlár suntasach spreagúil i leith cur chun cinn na Gaeilge a fheidhmiú sna réimsí a leanas- oideachas, pobal, óige, cultúr, na healaíona.

**1 MÚINEADH NA GAEILGE**
- cúrsaí d'aosaigh sa Ghaeltacht agus lasmuigh di
- sainchúrsaí d'fhorais agus d'institiúidí
- cúrsaí do dhéagóirí sa Ghaeltacht agus lasmuigh di

**2 TACÚ LE MÚINEADH NA GAEILGE**
- foilseacháin agus áiseanna tacaíochta do mhúinteoirí agus d'fhoghlaimeoirí

**3 CRUTHÚ DEISEANNA D'ÚSÁID NA TEANGA**
- imeachtaí agus comórtais don aos óg
- ócáidí siamsaíochta agus eile d'aosaigh

**4 CUR CHUN CINN CHULTÚR/DHÚCHAS NA TEANGA**
- ceol, amhránaíocht agus scannáin ar lipéad Gael Linn

*Cad atá bainte amach agaibh maidir leis an aidhm / na haidhmeanna sin?*
Cuirtear clár oibre suntasach i gcrích gach bliain agus údar sásaimh na torthaí a bhaintear amach.

*Cad a theip oraibh a bhaint amach go dtí seo maidir leis an aidhm / na haidhmeanna sin?*
**Níl aon rud.**

*Le breathnú siar tá radharc soiléir agat, an raibh aon chinneadh go ndearna tú a fheiceann tú anois gur botún a bhí ann?* **Níl.**

*An bhfuil sibh sásta leis an mhéid airgid a fhaigheann sibh ón Fhoras?* **Níl.**

*An bhfuil sibh sásta leis an obair atá ar bun ag na heagraíochtaí bunmhaoinithe eile?* Tá sárobair ar bun ag go leor de na heagrais i gceist. Gan amhras, dá mbeadh córas pleanála agus comhoibriú níos mó ann d'fhéadfaí cur leis na torthaí.

*As na heagraíochtaí Gaeilge eile cé acu a bhfuil an meas is mó agat orthu?* Forbairt Naíonraí Teo.

*Cén ról a shíleann tú féin a bheas agat san eagraíocht amach anseo?*
**Mar atá.**

*Cad iad na tréithe carachtair a theastaíonn chun bheith i do phríomhfheidhmeannach maith?*
Léargasach, fiontraíoch, diongbháilte agus spreagthach.

2010 BARR 50 GNÓ LE GAEILGE 50

**Tabharfar gradam do Bharr-50, idir dhaoine aonair agus chomhlachtaí, a rinne ceannródaíocht ar ghnó le Gaeilge, ag ceiliúradh bliaintiúl Gradaim Barr 50 Gnó le Gaeilge, sa Mansion House, Baile Átha Cliath, Dé hAoine, 14 Bealtaine 2010.**

**Is iad an Barr-50 a ainmneofar**
- *Gnónna atá lonnaithe sa Ghaeltacht nó a oibríonn trí mheán na Gaeilge*
- *Ceannasaithe gnó a aithnítear mar thacadóirí na Gaeilge*
- *Gnónna a bhaineann úsáid as an Ghaeilge mar uirlis mhargaíochta nó a sholáthraíonn seirbhís as Gaeilge*

***Bronnfar Gradam Gaisce ar seisear den Bharr-50 ag an lón gradam***

**Ina measc siúd a gheobhaidh an gradam ar leith seo, beidh:**
- *Fiontraí Gaeilge na bliana*
- *Comhlacht nó duine aonair san earnáil phoiblí a bhaineann an úsáid is éifeachtaí as an Ghaeilge mar uirlis mhargaíochta*
- *Comhlacht nó duine aonair san earnáil phríobháideach a bhaineann an úsáid is éifeachtaí as an Ghaeilge i soláthar seirbhíse*
- *Comhlacht nó duine aonair a léiríonn nuálaíocht agus úrsmaoineamh sa ghnó trí úsáid na Gaeilge*
- *Comhlacht nó duine aonair, lonnaithe sa Ghaeltacht, a bhaineann sár-úsáid as an Ghaeilge sa ghnó*

**Déanfar Gradaim Bharr-50 Gnó Le Gaeilge a chomóradh trí iris faoi leith a fhoilsiú ina ndéanfar cur síos ar an Bharr-50 agus a gcuid éachtaí.**

**DUILLÍN AINMNIÚCHÁIN**

BA MHIAN LIOM ____________________

A AINMNIÚ DO GHRADAM BARR 50 GNÓ LE GAEILGE DE THAIRBHE: ______

TEAGMHÁIL DON GHNÓ NÓ DON DUINE AONAIR AINMNITHE THUAS ______

SONRAÍ TEAGMHÁLA S'AGAT ____________________

IARRTAR ORT AN DUILLÍN AINMNIÚCHÁIN
A LÍONADH ISTEACH IS A CHUR CHUIG: CONNLA LAWLOR, BELFAST MEDIA GROUP, TEACH BASIL, 2 CNOC BHAILE HAINE,BÉAL FEIRSTE BT17 0LT
E: c.lawlor@belfastmediagroup.com T: 048 9061 1916

**nó is féidir ainmniúchán a dhéanamh arlíne ag www.belfastmedia.com/barr50gno**
**Dúnta 16 Aibreán 2010 5in**

Údarás na Gaeltachta · The Marketing Institute · Foras na Gaeilge · Grúpa Meán Bhéal Feirste · TG4 · udar.ie

# Féile Raifteirí i mBaile Locha Riach

Le Treasa Bhreathnach

MÁ tá deireadh seachtaine lán spraoi agus spleodair uait is i mBaile Locha Riach ba cheart duit a bheith, áit a gcuirfear tús anocht le féile ag ceiliúradh an fhile ildánaigh ón 18ú agus 19ú aois déag, Antoine Ó Raifteirí.

Bhí an chéad Fhéile Raifteirí in Oirthear na Gaillimhe i 1902 agus i measc na ndaoine a d'fhreastail ar an bhféile sin bhí W.B. Yeats, Jack B.Yeats, Lady Gregory agus An Craoibhín Aoibhinn féin. Tá féile in ómós Raifteirí ar siúl anois is arís ó shin, le Gaeilge Locha Riach ag plé leis le cúig bliana anuas.

Ba as Cill Liadáin i gContae Mhaigh Eo é Raiftéirí, fear ar caochadh mar leaid óg é tar éis tinneas bolgach agus a chaith a shaol ag seinm ar a fhidil agus ag insint a chuid filíochta i dtithe na móruaisle. Breithlá Raiftéirí atá ann ar an 30ú Márta agus dá mbeadh sé beo inniu bheadh sé 231 bliain d'aois.

Níor scríobhadh aon chuid d'fhilíocht Raiftéirí riamh go dtí gur spreag Lady Gregory Dubhghlas de hÍde chun tabhairt faoi thaighde ar shaothar Raifteirí agus na lámhscríbhiní uile a thabhairt le chéile.

Is í Colette Nic Aodha, file de bhunadh Mhaigh Eo, a bheas i mbun oscailt oifigiúil na féile anocht ag a 9 a chlog sa Seomra Glas, sa Teach Beag i mBaile Locha Riach. Beidh idir cheol, amhránaíocht, fhilíocht agus damhsa i gceist ag an bhféile faoi théama na bliana seo "Raiftéirí ....Fear conspóideach". Is do gach uile aoisghrúpa é Féile Raiftéirí. Beidh "Ceolchoirm na nÓg" i gcomhar le "Branar" le feiceáil amárach in Óstan Locha Riach idir a 3 agus a 5.i.n.

San oíche amárach, chomh maith, beidh ceolchoirm mhór na féile le meascán mór ceoltóirí cáiliúla, ina measc siúd Joe Burke agus Anne Conroy-Burke, na hamhránaithe Tommy Healy agus Muireann Ní Dhuigneáin agus an damhsóir Seosamh Ó Neachtain. Agus an fhéile ag teacht chun críche ar an Domhnach tá clár na féile ag tabhairt seans duit cuairt a thabhairt ar uaigh Raifteirí i gCillínín idir a 2.00 agus a 5.00i.n.

Beidh clabhsúr na féile i Cawley's i gCreachmhaoil le haíonna speisialta Maidhc Ó hÉanaigh agus Úna Nic Lochlainn.

Mar a deir Pádraig Ó Baoill ó Ghaeilge Locha Riach "Is é an príomhchuspóir le Féile Raifteirí ná Raifteirí a cheiliúradh mar Ghael, mar fhile, mar amhránaí agus mar cheoltóir ... Cad chuige nach mbeadh bród air a bheith inár gcuideachta agus Féile Ghaelach ar siúl a dhéanann comóradh ar na tréithe is fearr dá chuid."




**ANTOINE Ó RAIFEIRÍ:**

- **Chaitheadh sé cóta fada bréideach agus brístí corda.**
- **Chaith sé an chuid is mó dá shaol fásta in Achréidh na Gaillimhe**
**Tá sé soiléir go raibh eolas aige ar an Laidin agus ar an nGréigis mar go ndearna sé comparáid idir mná an cheantair agus Véineas, agus Héilin na Troí.**
- **Scríobh Seán Ó Ceallaigh "Mise Raiftearaí an File" a raibh na chéad cheithre líne de ar an sean-nóta cúig phunt.**
- **Is iad na dánta "Eanach Dhúin" agus "Cill Aodáin" cuid dá dhánta is cáiliúla.**

# Foclóir Gaelainn Chorcaí Sasanach

Le Treasa Bhreathnach

TÁ Sasanach darbh ainm David Webb tar éis foclóir nua de Ghaeilge Chorcaí a thosú ar líne agus atá dírithe ar fhoghraíocht, ar fhoclaíocht agus ar ghramadach na nGaeilgeoirí dúchasacha Corcaíocha. Is trí úsáid a leithéid, "Mo Sgéal Féin" leis an Athair Peadar Ua Laoghaire agus "The Irish of West Muskerry" le Brian Ó Cuív, atá an foclóir seo á chur le chéile.

Is í Gaeilge Chorcaí amach is amach atá á foghlaim ag David, "Mar shampla, an focal "srian" (the reins on a horse) - is focal firinscneach é sa Chaighdeán Oifigiúil, ach do bhí "an tsrian" ag an Athair Peadar, agus mar sin is baininscneach é im fhoclóir-se".

Ba i 1953 a foilsíodh Gramadach na Gaeilge – Caighdeán Rannóg an Aistriúcháin le moltaí agus tuairimí ó ghnáthphobail na Gaeilge agus cainteoirí dúchasacha ó gach uile chúinne den tír. Bhí sé i gceist acu go n-úsáidfí an Caighdeán Oifigiúil seo den Ghaeilge mar threoir d'oifigigh ghnó, múinteoirí agus an pobal i gcoitinne agus ó shin i leith glacadh leis na treoracha ó thaobh na Ghaeilge Oifigiúla ar fud na tíre.

Cé nach nglacann David Webb leis gurb í an Ghaeilge Oifigiúil an bealach is fearr le dul, luann sé é sa bhfoclóir, "Agus mar a bhfuil difríochtaí idir Ghaelainn Chorcaí agus an Caighdeán Oifigiúil, táid siad luaite sa bhfoclóir chomh maith, mar shampla, má fhéachann tú ar an bhfocal "maireachtáil", chífir gur dheineas crostagairt do "mhaireachtaint". 'sea, is obair idir lámhaibh í, ach tá súil agam go mb'fhéidir le daoine gurbh mhian leo Gaelainn Chorcaí a fhoghlaim baint úsáid as chun na bhfoirmeacha a faightear i litríocht Chorcaí a fháil".

Tá céim bainte amach ag David sa tSínis agus sa Rúisis cheana agus tá sé ag foghlaim na Gaeilge faoi láthair. Is as Corcaigh naonúr dá shinsear agus ba mhaith leis cultúr s'acu a thuiscint.

Cé gur tógadh é féin agus na ceithre ghlúin dheireannacha dá mhuintir i Sasana airíonn sé go bhfuil nasc géiniteach níos treise aige le hÉirinn ná le Sasana. Ba mhaith leis an próiseas sin agus foinsí foghlamtha na Gaeilge a roinnt leis an domhain idirlíne agus le foghlaimeoirí Gaeilge na Mumhan. Go dtí seo tá 212 leathanach scríofa aige, agus dar leis féin tá sé ag dul i méid agus i bhfeabhas gach lá.

*Tá an leagan is deireanaí den bhfoclóir le fáil ag www.corkirish.com.*

# Glórtha nach féidir a chur ina dtost

## Leabhar dátheangach agus dlúthdhioscaí de ghlórtha Ghaeilge dhúchasach Uladh anois ar fáil

Le Ciarán Dunbar

SHEOL an tOllamh Seosamh Watson Ulster Gaelic Voices, Bailiúchán Doegen 1931 Dé Céadaoin na seachtaine seo sa Black Box i mBéal Feirste. Tá an leabhar bunaithe ar na ceirníní a rinne an teangeolaí Gearmánach Wilhelm Doegen in Ultaibh i 1931.

Tá na ceirníní sin le cloisteáil ar dhá dhlúthdhiosca a théann leis an leabhar in éineacht le dhá dhlúthdhiosca ar a bhfuil glórtha cainteoirí dúchais as Gaeltachtaí Aontroma, Ard Mhacha, an Chabháin, Dhoire, Lú, Thír Eoghain agus Thír Chonaill le cloisteáil ann.

Dar le Róise Ní Bhaoill, as Rann na Feirste i nGaeltacht Thír Chonaill agus údar an leabhair, "gurb iontach an rud é na bliantaí a chur ar neamhní agus deis a bheith ag duine éisteacht le guthanna cuid de na cainteoirí dúchais deireanacha in Oirthear Uladh."

Dúirt Aodán Mac Póilin, Stiúrthóir Iontaobhas ULTACH Trust go bhfuil sé "de nós acu foilseachán dátheangach a chur amach, chomh maith leis an ábhar Gaeilge, sa dóigh is go mbeadh fáil leitheadach i measc an phobail ar shaibhreas na hoidhreachta atá againn anseo i gCúige Uladh."

Seo an tríú leabhar a scríobhadh ar an ábhar seo, iad ar fad dírithe ar Chúige Uladh. Níor tugadh an aird chéanna ar na ceirníní Doegen a rinneadh i gCúige Chonnacht agus i gCúige Mumhan go dtí seo ach tá togra ar bun ag Acadamh Ríoga na hÉireann leis an easpa sin a réiteach.

Is in Oirthear Uladh atá an spéis is mó in athbheochan na Gaeilge mar a bhí sí á labhairt i gceantracha nach maireann sí iontu anois agus ina bhfuil suim san oidhreacht Ghaeilge áitiúil seachas i nGaeilge na nGaeltachtaí beo amháin, tá obair ar leith ar siúl i nGlinntí Aontroma agus i gceantar Oirialla i gcónaí ó thaobh amhráin agus seanchas na gceantair sin de.

*Tá Ulster Gaelic Voices, Bailiúchán Doegen 1931, Róise Ní Bhaoil, £22, ar fáil ó Iontaobhas ULTACH (028) 90230749 nó eolas@ultach.org; ón Cheathrú Póilí agus ó www.litríocht.com.*

GAELSCÉAL
Dé hAoine, 26 Márta, 2010

# Ceiliúradh agus faoiseamh i mBéal Feirste

Le Deirdre Ní Ghrianna

RINNE David Coultard callán bocht ina charr Formula 1 ach níor baineadh de bhua An Droichead ag bronnadh duaiseanna Ghlór na nGael i mBéal Feirste Oíche Shathairn.

Bhí Halla na Cathrach, a tógadh san am nuair a bhí Preispitéirigh na cathrach i bhfách le teanga na tíre a shábháil ón neamart, dubh le Gaeilgeoirí taobh istigh agus bhí an dubh scata cruinn taobh amuigh ag imeacht Faoiseamh Spóirt.

Ach b'ócáid stairiúil a bhí ag dul ar aghaidh taobh istigh ann do Ghaeilgeoirí Bhéal Feirste.

Bhí an Halla Mór curtha ar fáil ag leas mhaor na cathrach, an tUasal Danny Lavery do ócáid bliantúil Ghlór na nGael agus arís bhí An Droichead, an grúpa díograiseach ó dheisceart na cathrach ann leis an phríomhdhuais a thabhairt leo don dara huair le ceithre bliana anuas.

Cuireadh tús leis an ócáid le fáiltiú ó Lorcán Mac Gabhann, Ceannasaí Ghlór na nGael agus é dóchasach go mbeidh tógáil cian ag Glór na nGael ó seo amach nó; "...tugann Dréacht-Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge an Rialtais deiseanna iontacha dúinn agus níl aon amhras orm ach go dtapóidh na coistí áitiúla deonacha Gaeilge na deiseanna atá ar fáil dóibh sa Straitéis sin."

Agus obair ag an lucht éisteachta óráid Íde Ní Uallacháin a chloisteáil thar scréacha ar nós Le Mans, thug sí buíochas do na laochra a bhí i measc na lucht éisteachta nó ar sise; "Is iad an fhoireann ar an bpáirc a dhéanamh an gaisce agus déanann siad ar son a bpobail agus a bparóiste féin é. Déanann siad le chéile é, agus déanann siad go deonach é, mar gur mór acu an mórtas cine agus an comhar, glór a ndúchais, Glór na nGael."




Íde Ní Uallacháin, Cathaoirleach Glór na nGael, Pól Deeds ón Droichead agus Éamon Ó Cuív, Iar-Aire na Gaeltachta



Íde Ní Uallacháin, Stephen Long ó Chomhaltas Tacsaithe Iarthar Bhéal Feirste agus Éamon Ó Cuív, T.D.




Íde Ní Uallacháin, Éamonn Ó Neachtain, Deirdre Gillespie agus Joan Maloney ó Chumann Gaeilge na hAstráile, Ambasadóir na hAstráile in Éirinn Bruce Davis agus Éamon Ó Cuív TD

I measc na ngrúpaí ar bronnadh duaiseanna orthu ann agus a fuair, b'fhéidir an bualadh bos a ba mhó ar an oíche, bhí Cumann Gaeilge na hAstráile, ar thaistil ionadaithe an ghrúpa ó Sidney agus ó Melbourne le bheith i láthair. An grúpa, a bhunaigh daonscoil agus a bhain an chéad áit i gComórtas Domhanda agus a mhol Ambasadóir na hAstráile Bruce Davis a gcuid oibre ag rá; "Cruthaíonn siad, le coláistí samhraidh a eagrú, ag comhoibriú le grúpa eile Gaeilge san Astráil agus fiú ag cur seó raidió i láthair, go bhfuil siad ag cur i bhfeidhm bealach úr, cuimsitheach agus forchéimitheach le todhchaí thairbheach don Ghaeilge."

Ba mhaith a d'fhóir suíomh an tseastáin don ócáid nuair a ghlac Éamon Ó Cuív, Aire na Gaeltachta mar a bhí, a áit ag deireadh bhronnadh na nduaiseanna leis an phríomhduais a bhronnadh.

Ar a chúl, léirigh fuinneoga an fhoirgnimh brat gach cúige i bhfoirm shean ghloine dhaite, scáthán ar fhoirne áitiúla Ghlór na nGael agus buaiteoirí an chomórtais.

Leithéid An Chuallacht, ó Ollscoil Chorcaí a bhain Comórtas na gCumann Gaelach Tríú Leibhéil nó buaiteoirí Dhuais na Comhairle Um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta ná Comhlacht Forbartha Acla, gan trácht ar West Belfast Taxi Association as an Ghaeilge a chur chun cinn nó fiú Glór na Rígh ó Chill Dara a fuair bua i nDuais Iontaobhas Ultach.


Sular bronnadh an duais mhór, nocht an tAire go raibh dóchas aige go mairfidh an Ghaeilge, a bhí beo beathach i mBéal Feirste in ainneoin a bheith "in aghaidh na trá" le fada ach chonacthas dó le Straitéis 20 bhliain don Ghaeilge nach mbeadh "aon bhaol don teanga sa sprioc uaillmhianach leis an Ghaeilge a chur ó ghlúin go glúin" go háirithe nuair a chuirfeadh an Straitéis "cúram na teanga ar bhonn uile Éireann."

Múchadh racán na rásaíochta nuair a d'éirigh Pól Deeds ar an ardán le gártha molta an scata agus i ndiaidh dó pictiúir de chuid Tony Bell, ealaíontóir Bhéal Feirste, a bhronnadh ar an Aire, labhair sé ar áthas an Droichead faoin bhua is déanaí agus mhol sé obair na foirne, ach go háirithe Ray Giffen agus Pilib Ó Ruanaí.

Ag caint le Gaelscéal i ndiaidh na hócáide thug Pól, bainisteoir na heagraíochta, le fios gur baineadh geit astu leis an bhua, ar seisean; " Tá sé dochreidte gur bhain muid dhá uair le ceithre bliana. Insíodh dúinn gur bhain muid cionn is go bhfuil an tionscnamh leanúnach go háirithe nuair a d'éirigh le Féile an Droichid, ceol na tíre seo agus ceol na hAlban a chur chun tosaigh."

Ní lá rúin ag An Droichead a ndromanna a shíneadh leis an bhua seo agus gach seans go mbeidh an chaithréim mhór acu ó seo amach nó nocht Pól;

"Tá an t-airgead caite cheana féin agus suíomh againn ar an Bhóthar Ormeau le hionad úr agus halla cheoil níos mó a thógáil mar chuid den phlean 10 mbliana atá againn agus le líon na seirbhísí atá ar fáil anois a leathnú."



# Ceisteanna le freagairt ag Cabhlach agus ag Rialtas na Sile








**Le Maebh Ní Fhallúin in Santiago**

DE réir a chéile, tá muintir na Sile ag dul i ngleic le hiarmhairtí fadtéarmacha an chreatha talún thubaistigh a bhuail an tír ceithre seachtaine ó shin, ach tá ceisteanna tromchúiseacha le freagairt anois ag na húdaráis maidir leis an bhealach inar láimhseáladh an ghéarchéim sna huaireanta agus sna laethanta i ndiaidh na heachtra. Go deimhin, tháinig an tSile measartha slán as an chrith i gcomparáid leis an léirscrios forleathan a rinneadh i Háítí i mí Eanáir.

Ach níl mórán fiúntais ann comparáid a dhéanamh idir polasaithe na tíre is boichte i Meiriceá Laidineach agus cur chuige ceann de na tíortha is forbartha i leith na tubaiste. In agallamh le ceann de na príomhbhealaí teilifíse cúpla lá ó shin, d'admhaigh Uachtarán nua na Sile, Sebastian Piñera, go bhfuair daoine bás mar thoradh ar bhotúin mharfacha a rinne an Cabhlach agus an Oifig Éigeandála Náisiúnta (ONEMI) díreach i ndiaidh an chreatha talún.

Seo na fíricí mar is eol dúinn iad. Luath maidin Dé Sathairn, 27ú Feabhra, bhuail crith talún 8.8 ar an scála Richter deisceart na Sile, gar don dara cathair is mó sa tír, Concepción, agus tuairim is 330km ó dheas den phríomhchathair Santiago. Rinneadh damáiste millteach d'infreastruchtúr agus do shealúchas pearsanta áitritheoirí an cheantair sin agus maraíodh cúpla céad duine, iad sáinnithe i bhfoirgnimh a thit go talamh. Thart ar 30 nóiméad níos déanaí, bhuail tonnta súnámaí bailte beaga ar chósta na Sile, ag déanamh damáiste as cuimse do thithe agus do shráideanna, agus ag marú go leor eile.

Chlis ar an soláthar leictreachais agus bhí fadhbanna móra leis an gcóras fón póca sa réigiún ar fad. De réir dealraimh, ní raibh guthán satailíteach ar bith ag na húdaráis sa cheantar thart ar chroílár an chreatha, fiú amháin i gcathair mhór Concepción gan trácht ar na bailte beaga forimeallacha, dá bhrí sin, ní raibh tuairim dá laghad ag na seirbhísí éigeandála i Santiago ná ag an Uachtarán Michelle Bachelet díreach cé chomh holc is a bhí an scéal ó dheas. Ní hé go dtí gur thóg siad turas héileacaptair ó dheas an mhaidin dár gcionn chun iniúchadh a dhéanamh ar an damáiste, go bhfuair siad radharc agus tuiscint ar an léirscrios forleathan a bhí déanta i gcaitheamh na hoíche.

Is cinnte nár chuidigh an easpa teagmhála idir láthair na tragóide agus Santiago le cúrsaí, ach ní hé sin an scéal ar fad. Laistigh d'achar gairid ama i ndiaidh an chreatha talún, rinne an tUachtarán Bachelet fógra ar raidió, bunaithe ar fhaisnéis faighte aici ón gCabhlach, nach raibh aon bhaol súnámaí ann. I ngan fhios di agus don Chabhlach, bhí roinnt bailte cósta buailte cheana féin ag tonnta scriosacha agus bhí tuilleadh le teacht. Ó shin i leith, tá ráite ag an Chabhlach gur sheol siad rabhadh súnámaíle facs go ONEMI díreach tar éis an chreatha talún. Ach nuair a d'iarr an tUachtarán cinntiú ón gCabhlach go gairid ina dhiaidh sin, dúirt siad gur mheas siad nach raibh an bhagairt sin ann níos mó. Thug an tUachtarán fógra poiblí raidió ansin ag impí ar dhaoine fanacht socair agus gan a bheith buartha faoi shúnámaí.

Ardaíonn sé seo cúpla ceist thábhachtach: conas a bhí dul amú iomlán ar an Chabhlach maidir le féidearthacht súnámaí; cad é ba chúis le dóiléireacht na dteachtaireachtaí a d'eisigh siad; cén fáth nach raibh cumarsáid cheart idir iad agus ONEMI; agus ar deireadh thiar, an bhfuil cás dlíthiúil le freagairt ag an rialtas de bharr an eolais chiotaigh a d'fhógair siad. (Tá roinnt teaghlaigh a d'fhulaing go mór sa súnámaí cheana féin tosaithe ar chásanna cúirte a thabhairt ina choinne). Tá dhá iniúchadh éagsúla ar bun faoi láthair ag fiosrú cad go díreach a thit amach idir an Chabhlach agus ONEMI agus cad é ba chúis leis na fadhbanna cumarsáide agus comhordaithe eatarthu. Coicís i ndiaidh an chreatha talún, d'éirigh ceannaire ONEMI as oifig toisc an cáineadh géar a fuair an eagraíocht faoi láimhseáil na géarchéime agus chuir an Cabhlach ceannasaí dá chuid a bhí ag plé le cúrsaí cumarsáide as a phost. Ceann de na rudaí is suntasaí faoin scéal seo ná nach raibh daoine ullmhaithe mar is ceart le haghaidh eachtra dá leithéid. Níl leithscéal ar bith dó sin. Tuigeann muintir na Sile go léir, idir óg agus aosta, go bhfuil an tír s'acu lonnaithe i gceantar seismeach. I ngach scoil múintear do pháistí na rudaí gur cheart a dhéanamh i gcás crith talún. Má tá cónaí ort ar an chósta, cuirtear ina luí ort an baol atá ann go dtarlóidh súnámaí i ndiaidh crith talún. Níor cheart duit fanacht ar fhógra ón gCabhlach ná ón rialtas. Má tharlaíonn crith talún, bogann tú go talamh ard gan aon cheist. Léiríonn pátrúin na gcreathanna talún le breis is céad bliain, go dtarlaíonn siad sa tSile gach 20-25 bliain. Bhí crith talún ag teacht agus, faraor, meabhrúchán scanrúil a bhí ann nuair a tháinig sé.


> **Tháinig an tSile measartha slán as an chrith i gcomparáid leis an léirscrios forleathan a rinneadh i Háítí i Mí Eanáir. Ach níl mórán fiúntais ann comparáid a dhéanamh idir pholasaithe na tíre is boichte i Meiriceá Laidineach agus cur chuige ceann de na tíortha is forbartha i leith na tubaiste.**

Léireoidh torthaí na bhfiosrúcháin na lochtanna i gcleachtais bhainistíocht phráinnfhreagartha an rialtais ach beidh sé thar a bheith deacair tomhas beacht a dhéanamh ar cé mhéad den locht a luíonn leis an rialtas. Tá líon oifigiúil na marbh laghdaithe ó bhreis is 700 go 497. Is é príomhaidhm an rialtais anois ná cuidiú leis na céadta míle atá fágtha gan dídean agus leis na páistí óga nach féidir leo filleadh ar scoil don bhliain acadúil nua.

*Is iar-Bhainisteoir ar Raidió na Life & Léiritheoir Teilifíse Neamhspléach í Maebh Ní Fhallúin atá lonnaithe i Santiago de Chile i láthair na huaire*

# 2 NUACHT RÉIGIÚNACH

## CONNACHT NUACHT



### 4,000 Ciliméadar de Rothaíocht d'Ospís na Gaillimhe

**Le Treasa Bhreathnach**

TÁ ceathrar fear chun tabhairt faoi thuras rothair de 4,000 ciliméadar ó Ghaillimh go dtí Maracó san Afraic, chun airgead a bhailiú don eagraíocht charthanachta, Ospís na Gaillimhe.

Is iad siúd Eoin Geoghegan as Gaillimh, an t-aisteoir aitheanta ón sraith Seacht ar TG4, Steve Murray as Luimneach, Ryan Skelton ó Bhaile Átha Cliath agus an Corcaíoch Andrew Hassett a bheidh ag tabhairt faoin turas ollmhór seo.

Roghnaíodar Ospís na Gaillimhe mar gheall gur cheap siad gur carthanacht fhíormhaith í agus de bhrí go bhfuil orthu brath go hiomlán ar dhea-thoil an phobail chun na costais reatha de €3 mhilliún in aghaidh na bliana a bhailiú.

Tógfaidh an turas seo idir 35 agus 40 lá agus iad ag rothaíocht suas le cúig huaire an chloig nó 170 míle in aghaidh an lae, tá siad ag súil "nach mbeidh mórán polladh rotha acu!"

Ní féidir an cineál seo turais a dhéanamh gan traenáil ach deir Eoin "go bhfuil siad an-*fit* mar dhaoine cheana féin," agus go bhfuil siad "ag déanamh a lán traenáil *endurance* agus *weights* in Ocean Fitness i nGaillimh."

Is ag tús mhí Mheithimh a bheidh an turas seo á dhéanamh ag Eoin agus a chairde, séasúr inar féidir le teocht an-ard a bheith ann i Maracó ach ceapann Eoin gurb é an chéad chuid den turas idir Gaillimh agus Corcaigh an chuid is deacra mar gheall ar na bóithre dainséaracha agus na cora contúirteacha ar na bóithre sin.

Má tá suim agat deontas airgid a dhéanamh don fheachtas carthanachta seo, níl le déanamh agat ach dul chuig www.mycharity.ie/events/cycle-toafrica nó is féidir leat do dheontas a dhéanamh in Áras na nGael i Sráid Doiminic i gCathair na Gaillimhe.

### "The Journal of Music" ainmnithe do Ghradam Utne i Meiriceá

**Le Treasa Bhreathnach**

TÁ an iris "The Journal of Music" atá lonnaithe sa Spidéal agus a seoladh i mí Aibreáin 2009 ainmnithe do na Gradaim Utne i Meiriceá.

Tá na Gradaim Utne anois san aonú bliain is ficheagus deir siad gur roghnaigh siad "The Journal of Music" mar gheall go raibh ascéalta úra, a gcuid scríbhneoireachta agus a gcuid eagarthóireachta eiseamláireach agus nach féidir leo fanacht gach mí go dtagann an iris isteach an doras chucu. Roghnaíodh "The Journal of Music" as 1,300 iris eile timpeall na cruinne. Is éard a deir an t-eagarthóir Toner Quinn faoin ainmniúchán ná go raibh sé i gceist acu an chéad lá riamh iris úr a thabharfadh an mórphictiúr ar shaol an cheoil a sheoladh, a d'fhéadfadh dul i ngleic leis an ré dhigiteach, agus go raibh sé i gceist acu i gcónaí ainmniúchán Utne a bhaint amach agus go bhfuil siad anois ar bís go bhfuil sé sin déanta acu. Beidh na Gradaim Utne ar siúl i Washington DCan 25 Aibreán...

### Eagraíochtaí Ealaíona Chonamara neamhchinnte tar éis athrú Aire na Gaeltachta

TAR éis don Aire Éamon Ó Cuív a aireacht Ghaeltachta a fhágáil tá a lán eagraíochtaí Gaeltachta anois fágtha neamhchinnte mar gheall ar a dtodhchaí. Bhí cruinniú ag Pléaráca Chonamara an tseachtain seo caite leis an Aire Ó Cuív chun a dtodhchaí a phlé inar thug sé cuireadh dóibh freastal ar chruinniú le heagraíochtaí eile ealane na Gaeltachta.

Bhí sé i gceist ag an Aire Ó Cuív na heagraíochtaí ealaíne ar fad a thabhairt le chéile faoi aon bhrat amháin, rud a deir Péigí Ní Chonghaile ó Phléaráca Chonamara nach raibh uathu riamh mar gheall nach bhfuil siad ag déanamh an obair chéanna agus atá na comhlachtaí ealaíne eile.

Deir sí chomh maith go bhfuil siad ag súil gur féidir leo leanacht ar aghaidh mar chomhlacht ach, i láthair na huaire, nach bhfuil siad ró-chinnte an mbeidh siad in ann.


Bhí Pléaráca Teo maoinithe ag Clár Forbartha Pobail na Roinne Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta, scéim a tháinig chun deiridh ag deireadh na bliana seo caite. Tugadh síneadh ama de thrí mhí dóibh ag an am agus ansin athraíodh é sin go síneadh ama bliana chun athstruchtúrú a dhéanamh ar an gcomhlacht. Cé go gcuireann Pléáraca Chonamara fáilte roimh an Aire nua Gaeltachta Pat Carey, deir siad go bhfuil siad anois níos neamhchinntie ná mar bhí riamh faoina dtodhchaí.




**Duais Ghlór na nGael don Iontráil Nua is fearr á bronnadh ar Choiste Pobail na Ceathrún Rua.**



# LAIGHEAN NUACHT



## Gradam Ceoil TG4 2010

BEIDH Gradam Ceoil TG4 2010 ar siúl in Áras Ceoldráma Loch Garman Dé Sathairn ag 8 i.n., curtha i láthair ag Daithí Ó Sé agus Aoife Ní Thuairisg. Is é buaiteoir Gradam Ceoil na bliana seo ná Seán McKiernan;, is as Carna in Iorras Aithneach in iarthar na Gaillimhe an píobaire ildánach seo.

Na buaiteoirí sna rannóga éagsúla eile ná Aidan O'Donnell - Ceoltóir Óg, Seán Potts - An Gradam Saoil, John & Finbarr Dwyer - Gradam an Chumadóra, Cathal McConnell - Gradam na nAmhránaithe agus Muiris Ó Rócháin - Gradam na gCeoltóirí. Ina dteannta sin beidh ceoltóirí eile den scoth, Martin Hayes, Liam O'Flynn, The Boys of the Lough agus Fidil. Tá na Gradaim Cheoil ar siúl ó 1998 agus breathnaítear air mar phríomhscéim aitheantais do lucht an cheoil thraidisiúnta sa tír. I mbliana beidh sé ina cheol ó dhubh go dubh le scoth cheoltóirí traidisiúnta na tíre le cloisteáil agus iad le feiceáil ar an gclár teilifíse féin nuair a chraolfar é ar TG4 ar Dhomhnach Cásca ag 12.30i.n.

## Imeachtaí Gaeilge i mBaile Átha Cliath

**Le Kate Fennell**


MÁS a bheith ag siúl agus ag labhairt Gaeilge atá ag teastáil uait tá an cumann sléibhteoireachta Na Cnocadóirí ag eagrú siúlóide don Domhnach beag seo, an 28ú Márta, i gceantar Áth an Bharra Mhóir, Log na Coille. Tá dhá áit chruinnithe agus am fágála: sin Sráid Mhic Liam ag 10.30r.n. nó ag tús na siúlóide ag 11.45 san ionad páirceála i nGleann Molúra.
Tosaíonn an tsiúlóid ag 11.45 agus de réir dealraimh is siúlóid fhada dhian sé huaire an chloig atá ann. Ta tuilleadh eolais ar fáil ó: www.cnocadoiri.com. Bíonn imeachtaí ilghnéitheacha ar siúl in Ionad Cultúrtha Áras Chrónáin i gCluain Dolcáin ó choirmeacha ceoil go ranganna Gaeilge. Beidh dianchúrsa Gaeilge ar siúl tráthnóna an 28ú Bealtaine idir 7-9 agus i rith an lae an 29ú óna 10-6i.n.

Tá tuilleadh eolais ar fáil ó: www.araschronain.ie

Tá dáta na féile litríochta Francaí/Éireannaí, FrancoIrish Literary Festival, ag druidim linn arís agus beidh an scríbhneoir Éilis Ní Dhuibhne i measc na scríbhneoirí a bheidh ag cur agus cúiteamh cúrsaí litríochta i gCaisleán Bhaile Átha Cliath agus san Alliance Francaise ón 16 - 18ú Aibreán. Tá tuilleadh eolais ar fáil ag: www.francoirishliteraryfestival.com

Dóibh siúd i mBré tá fáilte romhaibh teacht chuig ciorcal cainte gach Déardaoin i Holland's ag a 9i.n. Tá fáilte roimh gach leibhéal. Is iad lucht an Bhéal Binn atá á eagrú agus is fiú teagmháil a dhéanamh leo maidir leis na himeachtaí eile a bhíonn ar siúl acu go rialta. Gach eolas ag: www.anbealbinn.com nó: 085 78243411

# MUMHAN NUACHT



**le Seán Ó Loingsigh**

## Suirbhé le déanamh ar dhrochbhóthar an N22 i mBaile Bhúirne

AG cruinniú poiblí i mBaile Bhúirne i rith na seachtaine, cuireadh in iúl go bhfuil sé i gceist suirbhé obairibre chotabhála a dhéanamh ar stráice ainnis de phríomhbhóthar an N22 atá ag gabháil tríd an gceantar. Tugadh seo le fios de thoradh cruinnitheú a bhí ag an gcoiste eagraithe, 'Muintir Bhaile Bhúirne', le hoifigeach ó Oifig na mBóithrethar Náisiúnta de Chomhairle Chontae Chorcaí an tseachtain seo caite. Cuireadh coiste Mhuintir Bhaile Bhúirne ar bun le déanaí mar go bhfuil muintir na háite bréan de dhrochstaid an bhóthair ó leagadh píopaí nua séireachais agus draenála in 2007.

Dúradh ag an gcruinniú poiblí in Óstán Ghobnatan oíche Dé Máirt gur cur amú achmhainní é a bheith ag paisteáil poill le tarra, agus gur chóir conraitheoir d'fhostú chun oibreacha deisiúcháin a dhéanamh i gceart.

Bhí sé beartaithe cheana ag muintir Bhaile Bhúirne bac a chur ar an dtrácht mar agóid phoiblí ar an stráice seo den phríomhbhóthar idir Corcaigh agus Cill Áirne, agus tá sé i gceist cruinniú eile a thionóil i gceann trí seachtaine chun cúrsaí a mheas.

## An bua ag beirt Eibhlís i gcomórtais amhránaíochta

BHÍ an bua ag na hamhránaithe Eibhlís Ní Shúilleabháin, Cúil Aodha, agus Eibhlís Uí Thuama, Béal Átha 'n Ghaorthaidh, in ndhá chomórtas amhránaíochta a reachtáladh san Ionad Cultúrtha i mBaile Bhúirne an deireadh seachtaine seo caite.

Bronnadh Corn Uí Fhlannagáin ar Éibhlís Chúil Aodha a bhuaigh an comórtas d'amhráin nuachumtha agus bhí Eibhlís Bhéal Átha 'n Ghaorthaidh sa chéad áit i gCorn an Dr Uí Loingsigh d'amhránaíocht ar an sean-nós. Fuaireadar beirt €200 an duine chomh maith.

'B'fhearr liom féin Múscraí' a bhí mar theideal ar an amhrán nuachumtha ag Eibhlís Ní Shúilleabháin, agus bronnadh €100 ar Mhuiris Mac Giolla Coda as Inis Cara a bhí sa dara háit.

Ba í Áine Uí Chuill, Cúil Aodha, a bhain amach an dara duais sa chomórtas sean-nóis.

Tugadh ardmholadh don 11 iomaitheoir a ghlac páirt sna comórtais, agus bhí moladh ar leith ag duine den triúr moltóirí, an t-amhránaí Áine Uí Cheallaigh ón Rinn, do Chonchubhar Ó Luasa ó Chúil Aodha, buachaill 13 bliainan d'aois a chan go binn i gCorn an Dr Uí Loingsigh.


## Cartlann litríochta ar taispeáint i Leabharlann Bhaile Bhúirne

TÁ ábhar cartlainne a bhaineann le roinnt de mhórfhilí agus scríbhneoirí Mhúscraí agus doiciméid stairiúla eile á chur ar taispeáint faoi láthair i Leabharlann Bhaile Bhúirne.

I measc an ábhair, tá saothair le Pádraig Ó Cruadhlaoich ('Gaedheal na nGaedheal'), Domhnall Ó Ceocháin, Pádraig Mac Suibhne ('An Suibhneach Meánn') agus an tAthair Peadar Ua Laoghaire.

Tá na cáipéisí, lámhscríbhinní agus grianghrafanna bailithe ag Ionad Cultúrtha Bhaile Bhúirne ó cuireadh an tIonad ar bun 30 bliain ó shin, agus bronnadh an t-ábhar go sealadach ar Leabharlann Bhaile Bhúirne an tseachtain seo caite chun é a chur ar taispeáint don phobal.

# ULADH NUACHT



## Macalla Ghaeltacht Fhear Manach

**le hAnton Mac Cába**

IS nasc beo le Gaeltacht Fhear Manach é Pat Flanagan ón nGarastún. Tá Pat anois 97 bliain d'aois. Rugadh é thart ar an Chaiseal, trí mhíle soir ó dheas ón nGarastún.

Is cuimhin leis tréan-Ghaeilge bheith ag a sheanmháthair, Margaret Duffy ón gceantar céanna, a fuair bás agus é óg. "She would have been about the top one," an dóigh a chuireann sé síos ar a cumas Gaeilge. Labhraíodh Margaret Gaeilge le gach duine. "Labhair achan duine Gaeilge thart ar an am sin," arsa Pat. "Bhí níos mó Gaeilge agam an t-am sin, nuair a bhí mé trí nó ceithre bhliain d'aois, ná mar a d'fhoghlaim mé ó shin."

Ní raibh Gaeilge i ngach teach sa cheantar áfach: "Bhí sé ag brath ar an teach go ndeachaigh tú ann. Bhí siad ann a labhair é, agus daoine eile nár bhac leis." Chonaic sé meath ag teacht ar an Ghaeilge agus é óg. Bhí teaghlaigh ag fás aníos, agus ag imeacht leo. Tá an áit inár tógadh é fá mhíle de Choillte Clochair i gCo Liatroma. B'shin an baile a bhíodh ag an teaghlach, mar a ndéanadh siad siopadóireacht agus mar sin. Bhí tréan-Ghaeilge ag dul ar an bhaile céanna an t-am sin, agus í níos láidre arís faoin tuath.

Sa lá atá inniu ann, is sampla de mheath na tuaithe é Coillte Clochair. A mhalairt a bhí fíor agus Pat óg: "B'áit iontach ag an am é. Bhíodh aonach iontach ann, margadh ime agus mar sin." Tháinig an meath mór ar an Ghaeilge sa cheantar ag tús na 20idí, idir Fhear Manach agus Liatroim.

Bhí siad ann, ar ndóigh, a lean orthu dá labhairt. Agus maireann Gaeilge trí chaint na ndaoine ar fad, leithéidí 'Dia's Muire dhuit', madadh, tiocfaidh tú liom'.

Seasann na fíricí le cuimhní Pat. Ba le toghcheantar an Leatóin a bhain áit dúchais Pat. De réir daonáirimh 1911 ba í an Leatóin an toghcheantar ba láidre Gaeilge i bhFear Manach, Gaeilge ag beagnach 20% orthu siúd thar an dá scór. Bhí sé rud beag bídeach níos láidre i dtoghcheantar Coillte Chlochair.

Ní amháin go bhfuair an Ghaeilge bás sa cheantar, rud a tharla i gcás neart Gaeltachtaí eile atá anois marbh, ach rinneadh dearmad ar fad ar Ghaeltacht Fhear Manach.



# 3 TUAIRIMÍ

## ARDÁN

# Beir Bua don Lá Nua sna Stáit Aontaithe

**Le Niall O'Dowd i Stáit Aontaithe Mheiriceá**

NÍL aon dabht gurb seo é an tseachtain is fearr do Barack Obama ón am a chuaigh sé isteach sa teach bán. Rinneadh iarracht a chumhacht a bhriseadh ach níor éirigh leis na Poblachtánaigh sin a dhéanamh, is maith sin.

Níl aon mheas agam ar pholaiteoirí nach n-oibríonn ar son na tíre go léir agus atá chomh dubh i gcoinne an Uachtaráin stairiúil seo gurbh fhearr leo dá dteipfeadh air. Ní bhacann siad leis an damáiste atá á dhéanamh acu don tír seo, ag am an chruacháis mar atá anois againn anseo.

Bhí na meáin chumarsáide go léir ag rá go raibh deireadh leis an Uachtárán muna n-éireodh leis an Bille Sláinte a chur tríd an House agus an Seanad a thabharfadh cúram sláinte do gach aon duine .

Ba shoiléir gur shíl na Poblachtánaigh go dteipfeadh ar an Uachtarán agus go mbeadh deireadh leis an chumhacht atá aige. Cheap mé féin go raibh an chuid is mó de na meáin ar aon fhocal leo. In uaireanta, ba léir go raibh gach lámh i gcoinne Obama.

Ach tharla rud iontach. Bhí mé ag an Teach Bán oíche Lá 'Le Pádraig agus bhí atmaisféar iontach ann.

**Níl aon mheas agam ar pholaiteoirí nach n-oibríonn ar son na tíre go léir agus atá chomh dubh i gcoinne an Uachtaráin stairiúil seo gurbh fhearr leo dá dteipfeadh air. Ní bhacann siad leis an damáiste atá á dhéanamh acu don tír seo, ag am an chruacháis mar atá anois againn anseo.**

Cheap mé an oíche sin go raibh rud stairiúil ag tosú agus go raibh na Daonlathaigh ag glacadh misnigh chun an bille nua a bhrú tríd an Congress.



Gach polaiteoir Daonlathach ar bhuail mé leo, mháigh siad liom go raibh rudaí ag athrú agus go raibh an tUachtarán tar éis iarracht mhór nua a chur ar siúl chun an Bille a chur tríd. "Ní aithneoinn an tUachtarán seo, tá sé tar éis an misneach a fháil chun dul díreach in aghaidh na bPoblachtánaigh" a dúirt polaiteoir amháin liom.

Agus sin mar a tharla sé, tá ré nua againn sna Stáit Aontaithe anois, ré an Uachtaráin Obama, fear a thaispeáin go raibh sé in ann Bille Sláinte stairiúil a chur tríd an Congress, rud nach raibh aon uachtarán roimhe in ann a dhéanamh. Is iontach an rud é dúinne anseo.

*Is scríbhneoir is iriseoir é Niall O'Dowd, is ball aitheanta é den phobal Éireannach sna Stáit Aontaithe. Tá leabhar amuigh aige fá láthair, 'An IrishVoice' ó O'Brien Press.*

# Ba chóir do na Ceardchumainn spriocanna nua a aimsiú

**Le Conall Ó Mórán**

BHÍ am ann nuair a chreid daoine go raibh ceardchumainn radacach sa troid acu chun cosc a chur ar an gcos ar bolg a bhí ar siúl ag fostóirí beaga agus móra, anseo agus i gcéin, ar a gcuid oibrithe. Anois, creideann fostaithe na gceardchumann féin go bhfuil siad fós radacach ach leis an mballraíocht acu tar éis titim ó na naoi déag ochtóidí, nuair a bhí dhá thrian de lucht oibre na hÉireann i gceardchumainn, go dtí an lá atá inniu ann, agus gan ach an triú cuid díobh siúd atá ag obair ag díol a gcuid táillí ballraíochta leis na cumainn.

Is dóigh liom gur féidir tomhas a dhéanamh, bunaithe ar an mhéid seo, nach gcreideann tromlach mór d'oibrithe na tíre gur fiú a gcuid airgid a chur amú ar a gcuid fuascailteoirí sna ceardchumainn chéanna.

Is féidir bheith cuibheasach cinnte go bhfuil idir 200,000 agus 250,000 mionchomhlacht sa tír seo, gach aon cheann acu á rith ag fiontraithe - daoine móra, daoine beaga, sean agus óg, gnáthdhaoine.

Is féidir a bheith cinnte freisin, ós rud é go bhfuil thart ar 1.8 milliún duine fós ag obair sa tír, in ainneoin na géarchéime eacnamaíochta, go bhfuil breis agus deich faoin gcéad de na daoine fásta atá ag obair, ag reáchtáil a gcuid comhlachtaí féin. Seo athrú millteanach mór i gcultúr eacnamaíochta na tíre seo le fiche bliain anuas.

Bhí am ann nuair d'imíodh Éireannach ar imirce go Meiriceá agus tar éis dó tamaillín ama a chaitheamh ansin bhí sé nó sí breá sásta gnólacht beag a bhunú agus dul sa seans ar an bhfiontraíocht. An fear nó an bhean chéanna, dá bhfanfaidís in Éirinn, ní bheadh an fonn céanna orthu.

Chreid siad go dteipfeadh orthu, agus ar ndóigh tarlaíonn sé sin, ach níor theastaigh uatha an caitheamh anuas a bheadh cinnte ag teacht ina dtreo a fhulaingt anseo sa bhaile, i measc a gcuid 'cairde'. Má rinne an Tíogar Ceilteach aon ghar don tír d'athraigh sé an meon go dtí ár bhfréamhacha eacnamaíochta.

Ag uasphointe an Tíogair, nuair nár chreid muid riamh go stopfadh an carnabhal, bhí cúpla céad comhlacht nua sa tseachtain á bhunú anseo. Is trua é ach tá roinnt mhaith acu ag dúnadh anois, chomh tapa céanna. Is iad na fiontraithe beaga seo cnámh droma ár ngeilleagair. Ní hé amháin go bhfuil na comhlachtaí seo ag táirgeadh agus ag díol a gcuid cánach, a choimeádann an earnáil phoiblí ag feidhmiú, ach os a chionn sin, ar ndóigh, fostaíonn siad seo na céadta míle duine eile, agus arís iad siúd freisin ag díol leath dá gcuid ioncaim, i bhfoirm cánach, chun an tír a choimeád ag obair. Nuair a deir mé mionchomhlachtaí, tá mé ag trácht anseo ar ghnáthjabanna, daoine atá ag reáchtáil siopaí caifé, gruagairí, gréasaithe, siúinéirí srl., obair nach bhfuil PhD ag teastáil chun é a dhéanamh. Seo comhlachtaí nach bhfuil carn mór airgid ag teastáil chun iad a bhunú. Seo obair atá fonn ar dhaoine a dhéanamh os rud go dteastaíonn uatha stiúradh a dhéanamh ar a saol féin, a bheith i gceannas orthu féin, gan aon duine ag déanamh saoistíochta orthu.

Ag teacht ar ais arís go dtí an dream bídeach a reáchtálann na ceardchumainn, an 'chléir dhearg' a d'fhéadfá a thabhairt orthu, caithim súil go minic ina dtreo ag iarraidh a thuiscint cad a spreagann iad? Mar a scríobh mé níos túisce tá líon a mballraíochta ag titim go tubaisteach agus lasmuigh den earnáil phoiblí níl mórán daoine sásta máirseáil leo sna laethanta seo.

Tá sé in am dóibh, mar sin, athbhreithniú a dhéanamh orthu féin agus sprioc nó spriocanna nua a aimsiú. Mar shampla, cén fáth nach mbeidís fiorradacach agus casadh iomlán a dhéanamh ar a 'ngnó', mar a dhéanann gach gnó eile má tá siad ag iarraidh maireachtáil. Mar a dúirt mé, ceann de na spriocanna atá ag na ceardchumainn ó bunaíodh iad breis agus céad bliain ó shin, ná stop a chur le dúshaothrú oibrithe. Déanann úinéirí mionchomhlachtaí an-chuid gearáin faoi cé chomh dian agus atá an saol orthu ach níor bhuail mé riamh le duine acu a bhí in ann dúshaothrú a dhéanamh orthu féin.

**Ag teacht ar ais arís go dtí an dream bídeach a reáchtálann na ceardchumainn, an 'chléir dhearg' a d'fhéadfá a thabhairt orthu, caithim súil go minic ina dtreo ag iarraidh a thuiscint cad a spreagann iad? Mar a scríobh mé níos túisce tá líon a mballraíochta ag titim go tubaisteach agus lasmuigh den earnáil phoiblí níl mórán daoine sásta máirseáil leo sna laethanta seo.**

I measc na n-aidhmeanna atá ag na ceardchumainn ná fuascailt a dhéanamh ar a gcuid baill chun saol níos fearr a bheith acu. Dea-aidhm ar ndóigh. Ach cén fuascailt a b'fhearr ná an seans a thabhairt do dhuine, nó do dhaoine, seilbh eacnamaíochta a ghlacadh ar a saol féin.

Ní bheadh aon 'mháistir' in ann rá leis an 'sclábhaí pá' cé mhéad uair an chloig oibre chaithfeadh sé nó sí a dhéanamh, cé mhéad airgead a d'fhéadaidís a thuilleamh. Ar ndóigh seo an gnáthshaol ag an bhfiontraí - tá sé i gceannas ar a shaol féin. Ní bheadh i gceist ach bun-mhodhanna gnó a mhúineadh dá gcuid baill agus scaoileadh leo chun a gcuid gnólachtaí a reáchtáil. Smaoinigh air, na ceardchumainn ina gcrann taca ag fiontraithe. Anois bheadh sé sin radacach! Ach ar ndóigh ní dhíolann fiontraithe táillí ceardchumainn.

*Is iar-chomhfhreagraí gnó le RTÉ é Conall O Móráin, tá comhlacht cumarsáide aige - The Media Group agus is láithreoir é ar an Sunday Business Show ar Today FM*

# Saoirse do ‘Padania’?

Cad chuige a vótálann 30% de mhuintir Veneto in Oirthuaisceart na hIodáile do *Lega Nord?*



Le Ciarán Dunbar




“Tomhas cé hé an duine deireannach do thithíocht, d’obair agus do cheartа sláinte?”




“D’fhulaing siadsan inimirce, anois tá cónaí orthu i dtearmainn, smaoinígí air!”

IS páirtí polaitiúil iad Lega Nord atá ag iarraidh, go hoifigiúil ar a laghad, go mbrisfeadh Tuaisceart na hIodáile ón chuid eile den tír. Is dócha go bhfuil corrdhuine sa pháirtí a bheadh ar son neamhspleáchas iomlán do Padania, an t-ainm a thugann lucht an Lega ar thuaisceart na hIodáile. Déanta na fírinne áfach is dócha gur ag iarraidh feidearálachais atá siad, sin an tuiscint a bheadh ag an ghnáthdhuine sna ceantracha ina bhfuil an Lega láidir cibé ar bith.

Labhair mé le daoine éagsúla as Veneto in oirthuaisceart na tíre, an ceantar a thugann an tacaíocht is mó don Lega ar an cheist. Cé nach raibh oiread is duine amháin acu sin sásta a admháil gur thug siad tacaíocht dóibh, fuarthas amach go raibh daoine báúil le smaointe s’acu agus sásta iad a chosaint go tréan fiú.

Tá íomhá ‘garbh’ ag an Lega agus ní bheadh go leor daoine meánaicmeacha ach go háirithe sásta a admháil go dtugann siad tacaíocht dóibh.

Is dócha, ar an ábhar go bhfuil beagnach 30% den vóta ag an Lega in Veneto áfach, go nglacann daoine gur ionann ionsaithe ar an Lega agus ionsaithe ar mhuintir s’acu féin.

D’aithnigh duine ar labhair mise leo áfach nach bhfuil mórán céille le coincheap “Padania,” “cacamas atá ann” dar le roinnt mhaith acu ach maítear nach bhfuil ann ach “caint dhéimeagógach” agus iarracht chun daoine a ghríosú.

Tá an Lega go mór i bhfách le feidearálachas ó thaobh polasaithe fioscach (fiscal policy) de.

Is é sin le rá go mbeadh smacht ag na réigiúin ar an dóigh a gcaitear airgead agus go mbeadh níos mó den cháin a bhailítear go háitiúil á caitheamh go háitiúil. Is polasaí é sin a bhfuil tacaíocht nach beag ann dó, ar an ábhar nach dtagann ach 24% de OTI (GDP) na hIodáile ón Deisceart ach tagann 54% ón Tuaisceart.

Maíodh go minic liom gurb as Veneto a thagann 30% de OTI na hIodáile, go bhfuil siadsan “ag íoc as an deisceart” agus go bhfuil airgead s’acu á ghoid ag an maifia agus eile agus go bhfuil an rialtas sa Róimh ag éascú sin. Déanta na fírinne, tagann 9.5% de OTI na hIodáile as an réigiún, níos lú mar a shíleann daoine áirithe ach measartha ard ag an am céanna.

Déanann daoine an pointe go daingean go bhfuil an costas maireachtála i bhfad níos ísle ó dheas

**Cuirtear cinı́ochas i leith an Lega go minic. Ní doiligh sin a chreidiúint, mar shampla bhain Giancarlo Gentilini, méara Verona de chuid an Lega, na binsí ar shiúl ó na páirceanna áitiúla chun “bac a chur ar na hinimircigh as a bheith ag cruinniú thart orthu.”**

fosta, “mar shampla, más oibrí de chuid na comhairle sa tSicil thú, tá tú saibhir ach más oibrí de chuid na comhairle thú anseo, bocht atá tú, níl sin cothrom ar chor ar bith, caithfidh rátaí difriúla a bheith ann.”

Tá clú ar an Lega le blianta beaga anuas as tacaíocht a thabhairt do theangacha réigiúnda cé nach minic a bhaineann urlabhraithe an pháirtí úsáid as teanga áitiúil ar bith go poiblí. Glacann cuid mhór daoine mar ionsaí ar an Iodáilis agus ar an Iodáil féin é an seasamh seo agus maítear nach bhfuil i gceist ach claonadh i gcoinne múinteoirí ón deisceart agus nach bhfuil ach dochar déanta do theangacha réigiúnda mar gheall ar thacaíocht an Lega. Ar an lámh eile, níl mórán tacaíochta ag teacht ó pháirtí ar bith eile don chúis sin. Mhothaigh mé i gcónaí go raibh daoine míchompordach agus mé ag cur ceisteanna fá mhionteangacha orthu, ba léir go bhfuil náire éigin i gceist go fóill.

Cuirtear ciníochas i leith an Lega go minic. Ní doiligh sin a chreidiúint, mar shampla bhain Giancarlo Gentilini, méara Verona de chuid an Lega, na binsí ar shiúl ó na páirceanna áitiúla chun “bac a chur ar na hinimircigh as a bheith ag cruinniú thart orthu.” Cuireadh bac ar shiopaí ceibeab i gcathair eile.

Maíonn póstaer úr toghchánaíochta s’acu, a bhfuil léaráid de Mheiriceánach dúchasach air, “D’fhulaing siadsan inimirce, anois tá cónaí orthu i dtearmainn, smaoinígí air!”

Séanann cuid mhór de mhuintir Veinéise go bhfuil an Lega nó muintir Veinéise ciníoch áfach, “tá inimircigh níos ‘imeasctha’ in Veneto ná áit ar bith eile san Iodáil, in Calabria agus sa tSicil caitear go dona leo ach tugtar postanna is tithe dóibh in Veneto.” Maítear go bhfuil níos mó claonadh i gcoinne daoine as an Deisceart ná mar atá ann do dhaoine eachtrannacha.

Is mé ag caint le lucht Veinéise, ba léir dom gur cúrsaí airgid agus cúrsaí cánach a bhí taobh thiar de thacaíocht Lega Nord agus gur chuir “an easpa aitheantas” don rachmas a bailítear sa réigiún isteach ar dhaoine ach go háirithe ach bhí rud éigin eile ann fosta.

Ba léir go raibh cloch sa mhuinchille ag daoine do na hIodálaigh ó dheas, “is as an Róimh na polaiteoirí uilig,” a chuala mé go minic - rud nach bhfuil fíor in aon chor dar ndóigh, ach ba mhinic a thug an Lega “gadaithe na Róimhe” ar rialtas na hIodáile, cé go bhfuil siad anois mar pháirt de.

“Déantar neamhaird ar Veinéis ... nuair a smaoiníonn daoine ar an Iodáil, smaoiníonn siad ar an tSicil nó ar an Róimh amháin,” a dúradh liom. Arís, ní fíor sin go hiomlán, smaoiníonn daoine ar chathair Veinéise go cinnte, ach ní smaoiníonn daoine ar na ceantracha tionsclaíocha thart air.

Tá na barúlacha seo taobh thiar de chuid mhór den tacaíocht a fhaigheann Lega Nord sa réigiún, tá an tuiscint ann go forleathan gurb iad “an Lega an t-aon dream atá ag seasamh an fhód ar son na Veinéise.” Is é go síltear go bhfuil an Lega ag cosaint an tuaiscirt agus saibhreas an tuaiscirt an toisc is mó taobh thiar de thacaíocht s’acu, ní náisiúnachas Padania é ar chor ar bith.

### CÉ HIAD LEGA NORD?

- Is é Lega Nord per l'Indipendenza della Padania (Conradh an Tuaiscirt ar Son Neamhspleáchais do Padania) an teideal iomlán ar an bpáirtí
- Bunaíodh iad i 1991 nuair a tháinig roinnt páirtithe réigiúnda le chéile faoin bhrat sin
- Tá Lega Nord mar chuid de chomhrialtas na hIodáile i láthair na huaire in éineacht le páirtí an phríomh-aire Silvio Berlusconi, Il Popolo della Libertà.
- Thug 10.2 de mhuintir na hIodaile tacaíocht dóibh sa toghchán is déanaí, an toghchán Eorpach. Ba é sa réigiún Veneto, áit ina bhfuil cathair na Veinéise, a fuair siad an leibhéal tacaíochta is airde acu, 28%.

www.leganord.org/

Gaelscéal

Gaelscéal
An Chuasnóg, Baile Ard
An Spidéal,
Co. na Gaillimhe

## Imeacht Uí Chuív

I NDIAIDH dó a bheith ina Aire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta le hocht mbliana, tá Éamon Ó Cuív á aistriú go dtí An Roinn Coimirce Sóisialaí.

Caithfear an t-aistriú seo a mheas mar ardú céime d'Éamon Ó Cuív. Is ról tábhachtach é agus beidh buiséad mór faoina stiúir aige. Beidh roinnt mhaith teaghlaigh in Éirinn ag súil go mór go mbeidh sé in ann don phost seo.

Níl mórán measa ag na meáin Bhéarla i mBaile Átha Cliath ar an Aire Ó Cuív ach ní hiad a dheachtaíonn cé a suíonn sa Dáil, sin pribhléid atá ag vótóirí agus is léir go bhfuil an-mhuinín ag an Taoiseach, Brian Ó Comhain, san Aire Ó Cuív.

Níl muintir na Gaeltachta ar aon fhocal faoi Éamon Ó Cuív agus a bhfuil déanta aige don Ghaeltacht áfach. Táthar ann a aontaíonn leis agus a bhfuil ardmheas acu air agus tá a mhalairt ann freisin. Sin an pholaitíocht. Níl dabht ann ná gur chuir sé an Ghaeilge i mbéal an phobail, cé gurbh fhearr linn mar Ghaeil go léir go mbeadh sí ann mar theanga phobail seachas mar ábhar conspóide. Ach cheana, ní féidir aon amhras a bheith ann ná go bhfuil Éamon 100% ar son chúis na Gaeilge sa Ghaeltacht agus lasmuigh di. An mbeidh an chéad fhear eile chomh tugtha céanna don chúis sin?

Tá Ciarraíoch, Pat Carey, anois againn mar Aire Roinn Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta. Beidh le feiceáil cé chomh héifeachtach is a bheas sé sa ról, guíonn muid gach rath air. Is comhartha maith é go bhfuil Gaeilge líofa aige.

Cé go bhfuil an Ghaeilge láidir i mBaile Munna , níl Gaeltacht thraidisiúnta ar bith i dtoghcheantar an Uasail Carey, Baile Átha Cliath Thiar Thuaidh, ná níl sé faoin tuath ach an oiread. Beidh le feiceáil an mbeidh sé sin ina bhuntáiste nó ina mhíbhuntáiste aige agus é ag plé le cúrsaí Gaeltachta agus tuaithe.

Tá Máire Ní Chochláin i mbun na Roinne Oideachais anois. Táthar ag súil go mbeidh sí báúil don tumoideachas Gaeilge agus go mbeidh sé de mhisneach aici an Ghaelscolaíocht a chothú agus go mbeidh sí ag cur le líon na nGaelscoileanna seachas a bheith ag cur bac ar bith ar an fhás rábach atá orthu i láthair na huaire.

## An Droichead

COMHGHAIRDEAS le foireann an Droichid, lárionad Gaeilge Dheisceart Bhéal Feirste, a bhain príomhdhuais Ghlór na nGael i mbliana.

Is dea-shampla iad den obair ar an talamh atá riachtanach leis an Ghaeilge a athbhunú mar ghnáth-theanga laethúil agus is eiseamláirí iad don tír ar fad.

## Rith 2010

GHLAC na mílte daoine páirt i Rith 2010 ar fud na tíre, idir Ghaeltacht is iar-Ghaeltacht. Ba é an soiscéalachas is éifeachtaí ar son na Gaeilge dá raibh againn le blianta.

D'éirigh leo na mílte euro is punt a bhailiú do chúis na teanga i gceartlár ghéarchéim airgeadais. Is éacht oibre é sin, táthar ag súil go rachaidh an t-airgead sin i dtreo na riachtanais is mó atá againn mar phobal teanga.

Is ábhair dóchais iad na daoine óga a d'eagraigh is a ghlac páirt i Rith 2010, ní amháin do na Gaeil ar fad ach don tír ar fad.

Ní dúirt siad é, rinne siad é, rith siad é.

## Foras na Gaeilge

TÁ muid fíorbuíoch d'Fhoras na Gaeilge as cuidiú le maoiniú Gaelscéal.

# Iriseoirí i mBaol



Le Bernie Ní Flathartha

TÁ taispeántas ar siúl i Músaem na Gaillimhe faoi láthair a chuirfeas ag smaoineamh daoine. Léiríonn Journalists at Risk an chontúirt ina bhfuil na meáin, agus iad ag obair ar fud an domhain. Ó 1996 amháin, maraíodh 1,000 ball de na meáin, idir iriseoirí, cheamaradóirí agus ghrianghrafadóirí agus tá na mílte eile faoi chois, sa bpríosún.

Is iriseoir as an Asarbaiseáin atá ina cónaí i gCathair na Gaillimhe le cúig bliana anuas a chuir an taispeántas le chéile mar go raibh sí ag iarraidh aird a thabhairt ar an chaoi a gcaitear le hiriseoirí i dtíortha eile. Tá an t-ádh linn sa tír seo go bhfuil saoirse labhartha agus foilseoireachta againn agus murach iad ní bheadh na scannail atá faoi bhráid againn ós comhar an phobail. Mar sin, samhlaigh tír gan na meáin – cé a chuirfeadh na ceisteanna crua?

Ach tá fios maith ag Sabina Salimova céard a tharlaíonn nuair a chuireann tú na ceisteanna crua. Cuirtear sa bpríosún thú agus muna gcuirtear, cuirtear bac ort agus ar do chlann. Ní raibh aon rogha ag Sabina, a dúirt sí, ach imeacht as a tír dhúchais lena beirt mhac. Cailleadh a fear céile sa bpríosún go tragóideach.

Tá cara léi sa bpríosún le hocht mbliana anuas agus tá súil aici achainí a dhéanamh trí Amnesty International le go saorfar é. Tá cairde eile aici a cailleadh agus iad ag tuairisciú ar chogaí ach freisin deirtear gur cailleadh go leor iriseoirí i dtimpistí cairr . . . ach tá a fhios ag Sabina nach timpistí a bhí iontu. Dar léi, is í an Rúis an tír is contúirtí d'iriseoirí a labhraíonn amach i gcoinne an chórais. Is uafás atá sa taispeántas seo ach is ceann é a chuirfeas oideachas ar dhaoine.

**Tá an t-ádh linn sa tír seo go bhfuil saoirse labhartha agus foilseoireachta againn agus murach iad ní bheadh na scannail atá faoi bhráid againn ós comhar an phobail. Mar sin, samhlaigh tír gan na meáin – cé a chuirfeadh na ceisteanna crua?**

Tá fiú beirt Éireannach i measc na n-iriseoirí atá luaite – Veronica Guerin, a dúnmharaíodh agus í ag fiosrú scéil faoi choiriúlacht, agus Martin O'Hagan, iriseoir don Sunday World, a chaitheadh agus é ag siúl abhaile. Níor thaitin a chuid scéalta leis na Dílseoirí ach ní fios go dtí seo cé a mharaigh é. Is cinnte gur chuir an taispeántas ag smaoineamh mé féin.

Tá dearmad déanta ag go leor againn gur cailleadh daoine agus iad ag baint saoirse amach in Éirinn agus sin é an fáth nach bhfuil an meas céanna againn ar shaoirse na cainte agus atá i dtíortha eile, ina bhfuil siad fós ag troid ar a son.

Tá Journalists at Risk ar taispeáint gach lá ó Luan go Satharn, i Músaem na Gaillimhe ón 10r.n. go 5i.n., cead isteach saor in aisce agus é ar siúl go dtí an Cháisc, am a mbeidh muid ag comóradh Éirí Amach 1916!

*Is iriseoir í Bernie Ní Fhlatharta leis an gCuradh Connachtach*

## Ar na blaganna

## Gradam Blaganna na hÉireann 2010

Le Treasa Bhreathnach

BEIDH gradam blaganna na hÉireann á reáchtáil sa Radisson Blu i nGaillimh san oíche amárach ag tosú ag 7 i.n. I measc na 22 rannóg de ghradam tá rannóg do bhlaganna ina bhfuil an Ghaeilge úsáidte. Tá cúig bhlag san iomaíocht do dhuais na Gaeilge, Réabhlag scríofa ag Réamonn Ó Ciaráin, An Druma Mór scríofa ag daoine éagsúla ach ag Eoghan Ó Néill go príomha, iGaeilge, scríofa ag Conchubhar Ó Liatháin, Smaointe Fánacha Aonghusa scríofa ag Aonghus Ó hAlmhain, Nótaí Imill le Dennis King atá lonaithe i Meiriceá le Dialann Scott, curtha le chéile ag Scott de Buitléir. Seo blaiseadh dá bhfuil scríofa ar na blaganna áirithe sin an tseachtain seo:

**Réamhlag:** "Chuaigh mé féin a amharc ar chuid de Rith 2010 atá ag dul ó Bhéal Feirste go Gallaimh tríd Bhaile Átha Cliaith in Iúr Cinn Trá. Bhí na reathaí ag ardú airgid don Ghaeilge agus ag iompar bata ina bhfuil teachtaireacht ón Uachtarán Uasal Máire Mhic Giolla Íosa a thugann an-tacaíocht go deo dár dteanga dhúchais. Féach www.raymondkieron.blogspot.com chun tuilleadh a léamh.

**An Druma Mór:** "Deir an Dr Dónall Mac Eoin, Easpag Cúnta i ndeoise Dún is Conaire, gur trua nár chuir an Pápa Benedict físeán ar fáil mar aon lena tréadlitir. Dar leis go gcuireann sé go mór le teachtaireacht mar seo má bhíonn aghaidh le feiceáil agus ba láidre an tréadlitir dá mbeadh a macasamhail ann."

Féach www.andrumamornuacht.blogspot.com chun tuilleamh a léamh.

**iGaeilge:** "Ní fheadar ar cheart dom bille a chur chuig Ciaran Dunban (sic.), eagarthóir Gaelscéal, as ucht úsáid a bhaint as coincheap iGaeilge, an Gaeltacht Gan Teorainn, mar mhanna, de réir mar atá luaite aige in agallamh atá foilsithe ar an suíomh 'Gaelport' inniu? …Níl a fhios agam an bhfuil feoil curtha ag an tUasal Dunbar ar an manna seo go fóill. Mura bhfuil is féidir leis é do sheiceáil ar an phostáil seo ar iGaeilge a foilsíódh i mí Iúil seo chaite.Ní dócha gur cheart bheith buartha faoi"

féach www.igaeilge.wordpress.com chun tuilleadh a léamh.

**Smaointe Fánacha Aonghusa:** "Beidh mé féin ag tarraingt siar ón idirlíon ar feadh an Charghais. Feicfidh mé um Cháisc nó mar sin sibh!"

Féach www.aonghus.blogspot.com chun tuilleamh a léamh.

**Nótaí ón Imill:** "Den chéad uair riamh, beidh cúram sláinte ar fáil do dhaoine bochta (agus do dhaoine dífhostaithe nach bhfuil beo bocht fós) sa tír seo ar bhonn rialta. Tháinig an dlí nua seo isteach anocht a bhuí le hObama agus a pháirtí. Níor chaith fiú is Republican amháin vóta ar son an dlí. Tá páirtí an doichill á dhéanamh féin neamhábhartha en masse."

Féach www.nimill.blogspot.com chun tuilleamh a léamh.

**Dialann Scott:** "Sa bhliain 2005, scrios RTÉ Raidió na Gaeltachta a pholasaí gan liricí Bhéarla a chraoladh ar an stáisiún chun Anocht FM a bhunú; spás ar 'RnaG' curtha in áirithe d'aos óg na Gaeilge. Is é an eiseamláir is fearr dá bhfuil ag Anocht FM ná C2 ar BBC Radio Cymru, .i. Raidió na Breataine Bige."

Féach www.dialannscott.blogspot.com chun tuilleamh a léamh.

# Na Túir Éabhair

## Conas a chreidfidh muid san Eaglais Chaitliceach go brách arís?



**Le Páidí Ó Lionáird**

TÁ fadhbanna ón mbun aníos le sonrú i mór-institiúidí na hÉireann agus go deimhin an domhain ach ní faic iad i gcomparáid lena bhfuil d'easpa creidiúna fágtha ag an aon institiúid a raibh tóir ag móramh na nGael uirthi le míle go leith bliain anuas. Anois tá fadhbanna ón mbarr anuas ann agus is cosúil nach bhfuil siúd ag barr an dréimire in ann dul i ngleic leo.

Rugadh agus tógadh mise sna seascaidí déanacha agus ní raibh seachtain nuair nach rabhas ag freastal ar aifreann an Domhnaigh.

Bhí iontaoibh láidir againn as an eaglais. Bhíomar inár bhfreastalaithe fonnmhara Aifrinn agus bhí suim againn ina raibh le rá ag an sagart ina chuid seanmóirí - é ag tabhairt léargais ar na rúin faoi cheilt sna scriptúir. Níl anois áfach. Conas go mbeadh? Ní scannail iad na scéalta seo, na sceithiúintí seo, na tuairiscí seo! Is ábhar náire iad ar fad don uile bhall den eaglais (sinne ina measc) a chreid go raibh focal Chríost á sheachadadh agus á chur chun oibre inár saol againn, nó rud éigin mar sin.

Má tá aon chreidiúint ag an bhfocal a thuilleadh, ba pheacaí iad!

Níor chreid mé san institiúid le fada agus ní hé go raibh faisnéis éigin agamsa ar choireanna a bhí le múscailt ag na meáin a bhí sásta cluas éisteachta a thabhairt d'íobartaigh a bhí in ann saol éigin a chur le chéile dóibh féin in ainneoin na míúsáide seo ar fad.

É sin ráite, táim tar éis mo mheon a oscailt arís beagán don eaglais le blianta beaga anuas. Téim ar Aifreann corruair in eaglais na nAibhistíneach i gCathair na dTreabh. Is maith liom a mbíonn ar siúl acu.

Creidim gur fir mhaithe iad na sagairt oird atá ann. Tá neamhspleáchas agus léann ar leith acu. Cuireann siad dúshláin os comhair a dtréad. Baineadh barrthuisle asam cúpla seachtain ó shin ámh, an tseachtain ar fhill na hEaspaig Éireannacha abhaile i ndiaidh a gcomhthionól leis an bPápa Benedict sa Róimh.

Gach Domhnach (nó Satharn i mo chás -sa) bíonn colún toipiciúil agus reatha ó pheann Dick Lyng, sagart an Pharóiste úd, sa bhileog Aifrinn. Bíonn greann ann agus bíonn gruaim ann ach bíonn tuairim nochta i gcónaí ann.

Sa cheann áirithe seo, bhí sé ag cur cosaint láidir chun cinn i leith an Easpaig Martin Drennan, é ag diúltú éirí as oifig de bharr é a bheith ainmnithe i dtuairisc Murphy. Ní aontaím áfach le tuairim an Athar Lyng faoi na meáin, gur uainne atá an díocas seo ag teacht fáil réidh leis na heaspaig a bhí in Ard-Deoise Bhlaile Átha Cliath le linn na 90í agus nach ndearna a ndóthain leis na coirpigh seo a chur in aithne do na húdaráis cuí.

Is iomaí botún atá déanta ag na meáin le blianta anuas ach ní seo ceann acu. Seo bua, ní dóibh siúd ag plé leis na meáin ach don tsochaí i gcoitinne.

De réir na tuairisce a foilsíodh le déanaí, ní dhearna an tEaspag Drennan aon bhotún agus ní cheapaimse gur cóir dó éirí as oifig muna gceapann sé féin é - éirí as follasach a bheadh ann muna gcreidfeadh sé féin go mbeadh tairbhe nó fiúntas ann.

Ach caithfidh an tEaspag agus an cliarlathas i gcoitinne teacht chucu féin i dtéarmaí na ngortuithe agus na gonta agus na bpionóis saoil atá gearrtha ar íobartaigh na sagart agus na mbráithre sin a rinne olc.

Ar an ábhar sin, caithfear tosú ag an mbarr. Le seachtain nó dhó anuas, go híorónta, le linn cheiliúradh seachtaine Lá Naomh-Phátrúin na tíre, bhí tuilleadh sceithiúintí fós ag teacht inár dtreo a bhuíochas leis na meáin chéanna. Agus é ag mionnú rúndachta ó íobartaigh an Athar Brendan Smyth, nuair a bhí sé ag glacadh fianaise uatha, bhí an Cairdinéal Seán Brady ciontach as coir é féin. Bíodh is go ndeir sé gur ag déanamh birt de réir briathar a shinsir féin a bhí sé, an é sin a leithscéal do na híobartaigh ar fad a ghortaigh Brendan Smyth sna blianta i ndiaidh 1975 go dtí gur gabhadh é i 1993?

B'fhéidir gur de thairbhe na nuachta is déanaí seo nach bhfuil oiread is focal cloiste againn ó Ardeaspag Bhaile Átha Cliath, Diarmuid Martin, ó d'fhill sé ón gcomhthionól úd. An raibh a fhios aige go mbeadh an scéal seo ag teacht chun solais? Cá bhfios? Sa chás seo, *ní binn béal ina thost!*

Pé scéal é, caithfidh an Cairdinéal a ról féin sa scéal uafáis seo a mheá agus a mhachnamh a dhéanamh ar a thodhchaí. Ach tá ceist amháin ar a bhfuil amhras fós faoina fhreagra agus is é sin, dá n-ofraladh sé éirí as don bPápa, an nglacfadh sé leis? Nach raibh Ratzinger ciontach as a bhodhaire féin sa Ghearmáin?

**Ní scannail iad na scéalta seo, na sceithiúintí seo, na tuairiscí seo! Is ábhar náire iad ar fad don uile bhall den eaglais (sinne ina measc) a chreid go raibh focal Chríost á sheachadadh agus á chur chun oibre inár saoil againn**

*Is craoltóir idir láithriú agus stiúradh neamhspleách teilifíse agus raidió é Páidí Ó Lionáird. Múineann sé ábhair iriseoirí mar léachtóir pháirtaimseartha in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath (DCU).*

## Litir ón Iar-Aire Gnóthaí Pobail Tuaithe Agus Gaeltachta, Éamon Ó Cuív T.D

TÁ an-áthas orm fáilte mhór a chur roimh an bhfoilseachán nua Gaelscéal agus tá mé ag súil go gcuirfidh sé go mór le héagsúlacht na meán cumarsáide atá ar an bhfód cheana féin. Tá a fhios againn ar fad go bhfuil tábhacht mhór agus lárnach leis na meáin chumarsáide agus is gné riachtanach iad d'aon chóras daonlathach. Nach bhfuil mana amháin luaite go minic leis na meáin chumarsáide, is é sin, go bhfreagraíonn siad ceisteanna agus go gceistíonn siad freagraí? Bhuel, tá mé cinnte go leanfaidh Gaelscéal leis an mana uasal sin.

.Beidh dúshlán ar leith ag an Eagarthóir agus ag an bhfoireann chun pobal dílis léitheoirí a chruthú agus spás a aimsiú ar na seilfeanna atá lán le foilseacháin eile cheana féin. Níl aon amhras ach go mbeidh iomaíocht ghéar ag teastáil le tabhairt faoi sin go rathúil.



Mar fhocal scoir glacaim leis gur togra dúshlánach é seo, go háirithe san aeráid eacnamaíochta atá ann faoi láthair. Tá a fhios agam, áfach, go bhfuil foireann fuinniúil, díograiseach agus ábalta curtha le chéile atá réidh chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin. Táim dóchasach go n-éireoidh go geal leis an tionscnamh nua agus guímid gach rath ar an obair sna seachtainí agus sna blianta amach romhainn.

*Gúim gach rath ar Gaelscéal don todhchaí*
*Éamon Ó Cuív T.D.*
*Aire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta*
(Eag.: Tá An tUasal Ó Cuív anois ina Aire ar an Roinn Coimirce Sóisialaí )

## SÚIL SIAR ar an stair

# "Ceist na hÉireann"

**An Stoc, Márta 1920**

### Ceist Aimhréidhteach

TÁ sé i dtrácht go bhfuil ceist na hÉireann a' déanamh imnidhe don tSasanach agus go bhfuil sé cinnte air í a fhuasgailt.

Nuair a bhí fortoghadh i nÉirinn an tráth seo i n-uraidh, cuireadh isteach teachtaí nó members a raibh trí cheathramha cuid acu ar son Éire a bheith saor ó Shasana agus an cheathramha chuid eile ar mhaith leo Éire a bheith i bpáirt le Sasana agus a bheith fá n-a smacht. Tá sé de cheist anois ar an Sasanach cé dhó a dtuibhra sé comhairle ar an tír. Shílfeadh duine againne nach raibh moill ar bith ar an gceist sin a réidhteach .i. nach raibh air ach an chomhairle a thabhairt do thromlucht na ndaoine a bhí ar aon fhocal amháin dá hiarraidh sin. Ach ní hé sin don tSasanach agus ní hamhlaidh a fheictear dó é. Tá sé anois, a deir na páipéir, a a dhithcheall ag iarraidh párlaiméid nó dhá phárlaiméid a cheapadh d'Eirinn, ceann do Ghaedhil agus an ceann eile do Chúige Uladh, agus ní léigfe sé don dá dhream teacht un a chéile ach ar chonndar go mbeidh ceannas agus comhairle ag an uimhir Gallda agus go mbeidh Gaedhil fá n-a smacht. Agus ní hé sin an scéal ar fad. Le faitchíos go dtiocfadh malairt chostais ar na Cúig-Ulaidh níl aon ghlacadh ag an Sasanach le aon "réidhteach" ná socrú ach an socrú a choinneochas easaontas idir Cúige Uladh agus an chuid eile d'Éirinn. Tá rud eile ina theannta sin a' déanamh trioblóide dhó. Té sé ag iarraidh seift a cheapadh, cébí sórt dligheadh a bhéas ar bun i nÉirinn, más Gaedhealach nó Gallda a bhéas sé, go mbeidh sé féin a' tarraint na milliún punt de bhrabaigh aistí mar ba ghnáthach leis go dtí seo.

### Casadh Eile

TÁ casadh eile ar cheist na hÉireann atá a' cur mearbhaill ar an Sasanach agus tá a' dul idir é agus suaimhneas na hoidhche.

Ní fusa ar a réidhteach í ná an cheist eile, ní rud é a thugas sásamh intinne dhó bheith a' cuimhniú air go dtí le leith-chéad bliadhain bhí talamh na hÉireann bunáithe ar fad ina seilbh ag boic móra a dtugaidís oighrí dúithche nó tighearnaí talmhan orthu. Fhad' s bhí an talamh acu-san ní raibh orthu féin punt ar bith a dhéanamh. Bhí ar thunóntaí bochta na hÉireann bheith a' sglábhuidheacht dóibh. An t-airgead a shaothruigh na tunóntaí sin le hallus a gcnámh bhí sé a' dul chucu-san gan cuntas. Ní raibh orthu féin ach a bheith a' caitheamh leo, a fiadhach agus a' seilg le n-a chuid capall agus a gcuid coinfeasta sa ló agus a bheith le ól agus dreabhlás agus ragairne san oidhche.

Cé'n éadáil sin dhá mbu i nÉirinn a chaithfidís an t-airgead, 7 an saothrú a bheith ag na daoine bochta bhí thart orthu. Ní rud ar bith dhá shórt ba mhian leo ach a chaitheamh go dona thall i Sasana. Sgapadar a gcuid ar an mbealach sin.

# 4 CÚRSAÍ SAOIL

**AGALLAMH NA SEACHTAINE** Meghann Scully, Miss Galway

# Deireadh ré na Miss's?



Le Treasa Bhreathnach

TÁ Meghann Scully, nó Miss Galway mar is fearr aithne uirthi, ar tí a bliain mar Miss Galway a chríochnú i mí an Mheithimh 2010. Rugadh Meghann i mBaile Átha Cliath ach bhog sí go dtí an Spidéal, Co na Gaillimhe nuair a bhí sí an-óg. Agus í deich mbliana d'aois bhog an chlann arís chuig Ard Raithín i gContae na Gaillimhe chun a bheith gar dá seanmháthair.

Ach i láthair na huaire tá athrú treo tógtha aici, agus í ag freastal ar chúrsa in Ollscoil Luimnigh ar an Ghaeilge agus na Meáin Úra agus deir sí amach anseo gurbh fhéidir gur "mhaith liom post a fháil sna meáin, b'fhéidir mar láithreoir" agus a bheith ag obair mar mhainicín go páirtaimseartha, a deir sí.

Tharla sé gur chuir sí isteach ar an gcomórtas Miss Galway an chéad lá riamh trí Facebook: "Fuair mé teachtaireacht ó 'Coyotes'", teach ósta i gcathair na Gaillimhe, "ag lorg cailíní chun páirt a ghlacadh. Cheap me gur dheis mhaith é agus taithí mhaith a bheadh ann. Ar dtús rinne mé é mar phíosa craic". Le linn a bliana mar Miss Galway is í an oíche a bhuaigh sí an chuimhne is fearr atá aici: "bhí sé thar barr. Nuair a d'fhógair siad m'ainm, bhí mé 'i dturraing' ach buíoch. Ach i rith na míosa bhain me an-taitneamh as gach rud a rinne mé, na shoots, gach agallamh, na daoine ar bhuail mé leo, na cairde a rinne mé. Deis iontach é."



Is éard atá i gceist leis an gcomórtas Miss Galway agus na comórtais eile cosúil leis a bhíonn ar bun timpeall na tíre, ná go gcuirtear na buaiteoirí ar aghaidh chuig an gcomórtas Miss Ireland agus an deis acu an teideal clúiteach Miss Ireland a bhuachan agus ansin dul ar aghaidh chuig an gcomórtas Miss World. Tá an comórtas áilleachta seo, Miss Ireland, ar siúlin Éirinn ó 1952 ach tá ceisteanna á gcur anois an mbeidh an comórtas clúiteach seo ar siúl i 2010? I 2009 chuaigh Krishna Nadoo, an fear ar leis saincheadúnas Miss Ireland, chomh fada leis an gcomhlacht Diva Next Door Ltd., ag iarraidh orthu an comórtas áilleachta Miss Ireland a léiriú. Rinne siad é sin agus rinne siad infheistiú sa chomórtas, rud nach mbeidh siad ag leanúint ar aghaidh leis i 2010. Deir Stephen Saleh, príomhfheidhmeannach Diva Next Door, nárbh fhéidir leo tacú leis an gcomórtas i mbliana mar go gceapann siad gur coincheap seanfhaiseanta atá sa chomórtas sa chaoi nach féidir le cailíní dul san iomaíocht má bhí siad pósta cheana, nó má tá páiste acu nó má tá siad níos sine ná 23 bliain d'aois. Ceapann Stephen nach bhfuil na srianta atá ar na cailíní sa chomórtas seo réalaíoch don 21ú haois agus, dá bharr sin, nach mbeidh an comhlacht ag tacú leis an gcomórtas seo a thuilleadh. Ag tús na míosa seo bhí oíche cheiliúrtha do na Miss's ar fad i gclub oíche Krystal i mBaile Átha Cliath, an ócáid oifigiúil dheireanach den bhliain do na cailíní, ach ní dheachaigh ach deichniúr den 32 cailín chuig an oíche seo. Cé nach ndeachaigh an Miss Ireland reatha Laura Patterson ann, bhí Meghann Scully i láthair.




**Tá Mr. Ireland ann freisin, tá na buachaillí ag iarradh an deis céanna.**

Dar le Meghann tá cúpla lá i gceist leis an gcomórtas Miss Ireland, bhí uirthi dul go Baile Átha Cliath ar feadh cúpla lá chun a fháil réitithe don chomórtas, an *tan* a dhéanamh agus an damhsa a fhoghlaim; rinne siad damhsa le hamhrán Micheal Jackson ar an oíche. Bhí éadaí snámha á gcaitheamh acu agus gúna ar an oíche. "Bhí agallamh againn leis na moltóirí i rith an lae agus ar stáitse bhí orainn mainicíneacht a dhéanamh", ach deir sí faoin bpróiseas seo ar fad nár thaitin an brú léi a chuirtear ar chailíní a bheith tanaí. Deir sí chomh maith go m'fhéidir go bhfuil comórtais mar seo ag díriú isteach an iomarca ar áilleacht na mná agus ní ar intleacht na mná ach go minic gurb iad na cailíní a chuireann an brú orthu féin. I gcomhair Miss Ireland deir Meghann go raibh sí ag dul chuig an gym trí huaire in aghaidh na seachtaine chun go mbeadh sí tanaí chun na héadaí snámha a chaitheamh ar an stáitse, ach go bhfuil sé difriúil do gach duine. Ach, ina ainneoin sin ar fad, síleann sí go mbeidh a leithéid de chomórtas ar súil ar feadh na mblianta má tá suim ag na cailíní ann. Ceapann Meghann gur "ócáidí deasa iad agus níl cailíní faoi bhrú páirt a ghlacadh iontu. Tá Mr. Ireland ann freisin, tá na buachaillí ag iarradh an deis céanna. Bliain iontach a bhí agam féin. Níl aiféala or mar chor ar bith. Ba mhaith liom é a dhéanamh arís".



**DÍSIRT IÓGA** in Éirinn

# Saoire sa mbaile, an fiú an tairbhe an trioblóid?





**Le Treasa Bhreathnach**

NÍL gá oraibh dul thar lear do do laethanta saoire díseart Ióga. Tá imní orainn ar fad faoinár gcuid pinginí i mbliana agus mar sin b'fhéidir gur fiú dúinn breathnú níos giorra do bhaile do na laethanta saoire agus is é ceann de na roghanna is fearr ná díseart Ióga.

Tá os cionn 100 stíl dhifriúil Ióga ann agus tá sé an-éasca é a bheith ina chíor thuathail mar gheall ar an stíl ba mhaith leat féin a dhéanamh, iyengar, Sivananda, Ashtanga, Anusara, agus Vinyasa i measc neart neart eile.

Níl aon duine go hiomlán cinnte cén uair a thosaigh Ióga don gcéad uair ach is féidir fréamhacha Ióga a leanúint chomh fada siar le 5,000 bliain ó shin agus níos faide arís.

Ciallaíonn an focal Ióga "ag teacht le chéile". Mar gheall go dtéann Ióga chomh fada sin siar, tá an-chuid athruithe tagtha air agus ar ndóigh ní féidir comparáid a dhéanamh idir an Ióga a bhí coitianta 5,000 bliain ó shin agus atá againn anois. Tá sé ráite gur thosaigh Ióga nua-aimseartha ag Parlaimint na Reiligiún i Chicago i 1893 agus is tar éis an ama seo a bunaíodh na scoileanna Ióga ar fud an domhain atá fós le feiceáil inniu. Téann Iógaí (fear)nó Iógaíní (bean) tríd na blianta traenalá ina stíl roghnaithe féin de Ióga chun go mbeidh siad in ann bheith ina dteagascóir Ióga.

Tá buntáistí sláinte ag baint le bheith ag cleachtadh Ióga; laghdú strus, codladh níos fearr, laghdú buairimh agus teannas matáin i measc rudaí eile. Is féidir le haon duine Ióga a thosú ach an cineáil Ióga ceart a phiocadh do d'aclaíocht agus aois. Is féidir le roinnt cineálacha difriúla Ióga a bheith sách fuinniúil mar sin is fearr labhairt le do theagascóir roimh duit do rogha a dhéanamh maidir le Ióga. Ní gá an iomarca airgid a chaitheamh chun Ióga a thosú, níl ag teastáil ach éadach compordach, mata (muna soláthraíonn an rang ceann duit) agus ar ndóigh íocaíocht ar an gcúrsa.

Bíonn cúrsaí á reáchtáil i ndíseart Oileán Cliara, cúrsaí Ióga agus cócaireacht feoilséantach, nó Ióga agus traenáil capaill nó fiú díreach Ióga leis féin ar chostas idir €400 agus €720. Nó, más fearr leat, d'fhéadfá do chúrsa a dhéanamh saor in aisce, níl le déanamh ach bheith sásta obair gharraíodóireachta, feirmeoireachta nó tógála a dhéanamh agus gheobhaidh tú cúrsaí Ióga, lóistín agus beatha ag brath ar iad a bheith ar fáil. Is féidir leat do chúrsa a chur in áirithe ar an suíomh idirlín www.yogaretreats.ie nó glaoigh ar (098) 25412.





> **"Múineann Ióga dúinn an chaoi le leigheas a fháil ar an rud nach gá a fhulaingt, agus an chaoi leis an rud nach féidir a leigheas a sheasamh."**
>
> B.K.S IYENGAR

Bíonn cúrsaí Ióga ar siúl sa mBoirinn chomh maith, atá tar éis a bpraghsanna a ísliú go rátaí 2007 mar go dtuigeann siad go bhfuil brú airgid ar dhaoine de thoradh ar an ngéarchéim eacnamaíochta.

Tá ísliú tagtha na gcúrsaí deireadh seachtaine ó €320 go €300 agus táthar ag lorg íocaíochta de €280 uathu siúd nach bhfuil ag obair. Is féidir cúrsa sé lá a dhéanamh ar chostas €650 a thógann beatha veigeatórach agus lóistín san áireamh. Chun tuilleadh eolais a fháil téigh chuig an suíomh idirlín www.burrenyoga.com nó glaoigh ar (091) 637680.

Má tá suim agat taitneamh a bhaint as só an tsaoil agus ag an am céanna bheith cúramach mar gheall ar do lorg carbóin, b'fhéidir gurb é an áit is fearr duitse dul ná "Ard nahoo" i gContae Liatroma áit a gcuireann siad feirm sláinte, éici-cábáin (eco-cabins), díseart agus Ióga ar fáil.

Is féidir cúrsa Ióga agus sú (juice and yoga) a dhéanamh a chosnaíonn €630, ach do d'airgead faigheann tú lóistín in éici-cábáin, siúlóidí, suathaireacht, snáthaidpholladh (acupuncture) agus ar ndóigh Ióga. Is féidir dul i dteagmháil leo ach glaoch ar (071) 9134939 nó ríomhphost a sheoladh chuig info@ardnahoo.com

# iPad úr nó iPhone mór?

Le Diarmuid Ó Muirgheasa



Ní raibh ionadh ar dhuine ar bith nuair a d'fhógair Apple a ríomhaire táibléid nua, an iPad, ag deireadh mhí Eanáir. An t-aon iontas a bhí ann i ndáiríre, ná an gléas féin, atá le feidhmiú ar an gcóras oibriúcháin céanna leis an iPhone agus an iPod Touch agus atá gan an-chuid gnéithe a raibh daoine ag súil leo.

Ní hamháin go bhfuil sé gan tacaíocht do Flash, a úsáidtear in an-chuid suímh idirlín, ach ní bheidh aon iltascáil ar siúl agat air, ná fís-chomhrá, ná ceangal díreach le haon ghléas USB ach oiread. B'fhéidir go ndéarfadh duine ciniciúil, nach ndearna lucht deartha an iPad ach iPod Touch a thógáil agus é a mhéadú faoi dhó i bhfad agus leithead, ach ní thugann sé sin tomhas ceart ar an ngléas agus ar an oiread úsáidí atá aige nach bhfuil, i ndáiríre, ag an iPhone/iPod Touch. Tóg mar shampla, léamh nuachtáin nó ríomh-leabhair - cinnte d'fhéadfá sin a dhéanamh ar an iPhone/iPod Touch, ach ní dhearnadh don chuspóir sin iad, agus in ainneoin cé chomh deas is atá na scáileáin orthu is bun-fhíric é, agus ní féidir éalú uaidh, nach bhfuil ach beagán os cionn 10 n-orlach$^2$ iontu. Le h-os cionn ceithre oiread sin ar an iPad, is léir go mbeidh úsáidí iomlán éagsúil ag baint leis, agus tá Apple ag díriú isteach air sin le nuachtáin agus ríomh-leabhair á mbrú go láidir acu ar iTunes agus trí pháirtúinéirí sna meáin.

Casadh iontach suimiúil ar an scéal ná gurb é seo an chéad uair ó gur eisigh Apple an "Apple TV" a bhfuil siad ag déanamh iarrachta margadh iomlán nua a chruthú dóibh féin. An "Apple TV" a deir tú? Bhuel, sin é go díreach. Tá Apple go hiontach maith go stairiúil i mbun ionsaithe ar mhargaí atá fadbunaithe, ag tógáil na smaointe uile go léir a bhí ag daoine maidir leis an mhargadh agus iad a chur le chéile le snas den scoth.

An fhadhb leis an iPad ná nach bhfuil siad ag déanamh ionsaí ar aon mhargadh, seachas b'fhéidir margadh an Amazon Kindle, agus níl ach scata fíorbheag ar fad i ndiaidh sin a cheannach. Mar sin, cá as a dtiocfaidh na tomhaltóirí a rachaidh craiceáilte don iPad? Bhuel, ní fios go fóill, ach in ainneoin na bhfadhbanna is ndúshlán thuasluaite bheadh ort bheith iontach misniúil ar fad le geal a thógáil i gcoinne aon táirge nua ó Apple, agus níl mórán dabht ann ach go mbeidh scuainí dochreidte ann nuair a bhuaileann sé an phríomhshráid.

**Casadh iontach suimiúil ar an scéal ná gurb é seo an chéad uair ó d'eisigh Apple an "Apple TV" atá siad ag déanamh iarrachta margadh iomlán nua a chruthú dóibh féin. An "Apple TV" a deir tú? Bhuel, sin é go díreach.**

Eiseofar an iPad ar an 3 Aibreán i Meiriceá, agus uair éigin níos déanaí sa mhí san Astráil, i gCeanada, sa Fhrainc, sa Ghearmáin, san Iodáil, sa tSeapáin, sa Spáinn, san Eilvéis agus sa Ríocht Aontaithe - dúinne i ndeisceart na tíre, gach seans go bhfeicfear anseo go luath ina dhiaidh sin é, ach níor fógraíodh dáta oifigiúil go fóill.

Ar ábhar éagsúil ach a bhfuil ceangal leis an scéal, chuir Apple tús le déanaí le cás cúirte i gcoinne an déantóra fóin HTC, ag cur ina leith go raibh suas le 20 paitinn (patents) a bronnadh ar Apple don iPhone briste acu i ndearadh an HTC Hero agus, níos suimiúla fós, an Nexus One. Ar fhaitíos nach bhfuil tú ar an eolas faoi, is é Nexus One an "Google Phone" ar a bhfuil daoine ag fanacht leis na blianta, deartha ag Google agus HTC le chéile agus á tháirgeadh ag HTC. Tá sé ar fáil cheana féin i Meiriceá Thuaidh, go dtí seo tá sé i ndiaidh léirmheasanna maithe a ghnóthú, agus feicfear anseo é roimh dheireadh na bliana. Is minic a fheictear dhá mhórchomhlacht sna cúirteanna le chéile, ach ní minic go mbíonn an dá chomhlacht chomh mór le Apple nó Google. Ní sin amháin, ach go dtí le déanaí bhí caidreamh iontach maith eatarthu, agus go háirithe a gceannairí Steve Jobs agus Eric Schmidt. Is cogadh iontach suimiúil atá i ndán dúinn, agus n'fheadar go fóill cé acu ádh nó mí-ádh atá ar HTC bheith díreach i lár an aonaigh. Is cinnte go bhfuil dóchas ann dóibh sa chás seo áfach, ós rud é go bhfuil ceisteanna móra ann mar gheall ar phaitinní Apple. I gcásanna áirithe, an scáileán il-tadhaill mar shampla, tá sé ráite gur bronnadh an phaitinn ar ollscoil sular bronnadh ar Apple í. I gcás eile, maidir le fuinneamh a chaomhnú, is cosúil go bhfuil Apple ag déanamh iarracht paitinní a chur ar bhun-fhoirmle fisice, cumhacht = sruth x vóltas. Ní dócha nach n-ardóidh dlíodóirí Google/HTC cúpla ceist faoi sin!

Agus le críoch a chur le scéalta ón domhan soghluaiste, tá eolas curtha ar fáil le déanaí ag Microsoft faoi dhá tháirge nua atá le heisiúint go luath, an córas oibriúcháin "Windows Mobile 7" agus "Courier", a bheas ar cheann amháin de 50 tháibléad, nó mar sin, a fheicfimid ó dhéantóirí eile le dul in iomaíocht leis an iPad.

*Iriseoir teicneolaíochta é Diarmuid Ó Muirgheasa as Rath Fearnáin, Baile Átha Cliath.*

# Foclóir Gaeilge nua seolta do ghutháin póca




Le Meadhbh Ní Eadhra

TÁ feidhmchlár nua don ghuthán soghluaiste i ndiaidh teacht ar an bhfód do Ghaeilgeoirí. An comhlacht Maithú atá freagrach as 'Get the Focal', aistritheoir Gaeilge gur féidir a úsáid ar do ghuthán póca.

Mar chuid de cheiliúradh Lá Fhéile Pádraig agus Seachtain na Gaeilge, cuireadh an feidhmchlár nua ar fáil saor in aisce don phobal. Ní gá a bheith ar líne le leas a bhaint as, rud atá an-áisiúil dóibh siúd gan teacht ar an idirlíon. Chomh maith leis sin, tá Maithiú i ndiaidh an chéad chéim eile a ghlacadh agus uasghrádú a dhéanamh ar an leagan de Get the Focal a úsáidtear ar an iPhone.

Tá an leagan seo difriúil mar go ndéantar cuardach ar líne le haghaidh breis agus 120,000 focal agus téarma. Is féidir teacht ar fhoclóir iomlán Uí Dhónaill ar an mbealach seo. Tá fuaimniú ar fáil anois freisin, ionas go mbeidh foghlaimeoirí in ann foghraíocht na Gaeilge a chloisteáil go héasca. Maíonn lucht Maithú go bhfuil an dá fheidhmchlár nua an-ghasta, cruinn agus úsáideach.

Cé go bhfuil sé dírithe ar fhoghlaimeoirí agus ar lucht na scoile nó na hollscoile den chuid is mó, is iontach na deiseanna a thugann sé do chainteoirí líofa freisin, nuair atá siad ar lorg téarma neamhghnách, nó casta.

Tá gá le seirbhís mar seo don ghuthán póca agus don idirlíon, ionas go mbeidh an nasc idir an Ghaeilge agus an saol nua-aimseartha á chothú agus á neartú i gcónaí.

Bhí ról lárnach ag an dearthóir grafach agus gréasáin Cillian Ó Mongáin sa togra nua seo. Bhí sé d'aidhm aige dearadh Get the Focal agus inúsáidteacht an chomhéadain a fheabhsú.

An mbeidh an oiread sin tóra ar na feidhmcháir nua is a bhí ar an gcéad leagan de Get the Focal? Beidh le feiceáil! Is féidir na feidhmchláir a íoslódáil ar shuíomh gréasáin iTunes agus Android.

**Tá tuilleadh eolais ar fáil ar www.getthefocal.com.**

# 300 post i mbaol i nDún na nGall

## Fear Gnó Gaeltachta míshásta leis na bainc

**Le Seán Ó Curraighín**

TÁ duine de na fir ghnó is mó i Leitir Ceanainn, Hughie McGee, i mbun troda chun 300 post a shábháil san iarthuaisceart tar éis gur cuireadh dhá cheann dá chomhlachtaí faoi ghlacadóireacht na mbanc.

Agus é ag caint le Gaelscéal dúirt an tUasal McGee, "Déanfaidh mise gach uile iarracht chun iad a shábháil, ní bheidh sé iontach furasta ag an ghlacadóir an bua a fháil ormsa, cuirfidh muidne suas troid go dtí an deireadh."

Tá fear Ghaoth Dobhair ina stiúrthóir bainistíochta ar shé chomhlacht atá mar chuid den McGee Group. Tá Óstán Clanree, Sister Sara's, Dry Arch Bar agus dhá stáisiún peitreal atá go léir lonnaithe i mbaile Leitir Ceanainn agus roinnt talamh forbartha mar chuid de Chomhlacht Clanmaca agus Clanree atá anois i nglacadóireacht.

Tá P45 á éisiúint go fostaithe i gComhlacht Clanmaca agus Clanree i láthair na huaire. Tá ná gnóthaí chun leanúint i mbun oibre faoi stiúir an ghlacadóra. Rinneadh athstruchtúrú ar na comhlachtaí anuraidh. Bhí gnáthscaireanna faighte ag an McGee Group ach dhiúltaigh Anglo Irish Bank aon tairiscint uathu.

Bhí breis is 450 fostaithe ag McGee agus é i mbarr a réime.

Tá An tUasal McGee muiníneach dá bhfágfadh na bainc é go mbeadh sé i mbarr a réime arís faoi dheireadh an tSamhraidh. "Ní raibh na bainc fabhrach, níl siad ábalta theacht amach agus labhairt linn ar chor ar bith."

Bhailigh slua mór daoine in Óstán Clanree ón dá thaobh den teorainn le linn na seachtaine chun tacaíocht a léiriú ar son na poist seo a shábháil. "Tá cuid mhór daoine i Leitir Ceanainn in éadan na mbanc. Chonaic mé níos mó daoine ag teacht isteach san óstán ná mar a chonaic mé a riamh roimhe, iad a rá, "seasfaidh muid le chéile agus níl muid chun ligint do na bainc poist a scriosadh i Leitir Ceanainn" arsa Hughie.

In ainneoin a dhóchais, tá cuma ar an scéal gur in olcas a bheith cúrsaí fostaíochta ag dul i Leitir Ceanainn amach anseo, dar leis. "Déarfainn gurb é seo an tús agus beidh cuid mhór daoine ag titim thart."

Tá McGee ag cur fostaíochta ar fáil san iarthuaisceart ó bhí 1984 ann. Tá a chuid fostaithe ag tacú go láidir leis i gcoinne na glacadóireachta. "Déanfaidh muidne gach iarracht chun iad a choinneáil amuigh. Sheas an fhoireann go buan liomsa. Níl muidne dul a chailleadh slí beatha, seo daoine le teaghlaigh óga, le morgáistí agus páistí ag dul ar scoil."



**Mícheál Ó Scanaill, comhalta boird Údarás na Gaeltachta, Richard Wilkins, stiúrthóir Independent Irish Health Foods, Pádraig Ó hAoláin, Príomh fheidhmeannach Údarás na Gaeltachta, Henry Bartlett, stiúrthóir Independent Irish Health Foods, Dónal Ó Liatháin agus Éamonn Ó Neachtain, Údarás na Gaeltachta ag oscailt oifigiúil an chomhlachta Dé Sathairn seo caite.**

# 15 phost do Bhaile Bhúirne

**Le Treasa Bhreathnach**

TÁ ionad nua de chuid Independent Irish Health Foods Ltd. oscailte i bPáirc Ghnó Údarás na Gaeltachta i mBaile Bhúirne le seachtain anuas a chruthóidh 15 phost nua don cheantar.

In 2008 a bunaíodh an comhlacht i bhFearann Fuar i gCo. Chiarraí, agus ag an am chinn siad athlonnú go Baile Bhúirne de bharr cúinsí spáis ach anois tá sé beartaithe ag an chomhlacht an gnó a leathnú agus cúigear déag a chur leis an seachtar is daichead atá ag obair dóibh. Deir duine de stiúrthóirí an chomhlachta, Richard Wilkins, faoin athlonnú, go gcinnteoidh "an spás breise gur féidir leis an ghnó fás agus forbairt sa todhchaí. Tá muid ag feidhmiú i margadh an-iomaíoch agus tacóidh an t-athlonnú seo linn clú an ghnó a neartú."

Is comhlacht iad atá ag soláthar don chuid is mó de shiopaí sláinte na hÉireann agus iad anois ag iarraidh a dháileachán a mhéadú.

Dúirt Pádraig Ó hAoláin, Príomhfheidhmeannach Údarás na Gaeltachta, faoin athlonnú seo, "Nuair a fheictear na deacrachtaí atá ag gnólachtaí san aeráid eacnamaíochta reatha, is údar misnigh é gnó mar seo a fheiceáil ag fás agus ag bogadh ar aghaidh lena bpleananna leathnúcháin."

# "Anois" Teasáras na Gaeilge

**Le Treasa Bhreathnach**

TÁ aithne ag scríbhneoirí agus foghlaimeoirí na Gaeilge ar fud an domhain ar an bpacáiste ríomhaireachta "Gaelspell" a fheidhmíonn mar litreoir na Gaeilge agus an pacáiste "Ceart" a chabhraíonn le daoine lena gcuid gramadach Ghaeilge.

Tá an comhlacht Cruinneog tar éis obair a thosú ar an triú cuid den togra seo darb ainm "Anois" a chuirfidh Teasáras na Gaeilge ar fáil.

Le tacaíocht ó Fhoras na Gaeilge, tá Diarmaid Mac Mathúna, duine de chruthaitheoirí an phacáiste, ag súil go mbeidh an pacáiste bogearraí ríomhaireachta seo ar fáil roimh dheireadh na bliana agus tá siad chun gach iarracht a dhéanamh praghas an phacáiste a choinneáil íseal sa chaoi is gur féidir leis a bheith ar fáil dá lán daoine.

Nuair a bhí Diarmaid Mac Mathúna ina mhac léinn agus é ag obair mar láithreoir ar Raidió na Life thug sé faoi deara nach raibh na hacmhainní



**Diarmaid Mac Mathuna agus Kevin Scannell.**

tacaíochta ríomhaireachta ann do Ghaeilgeoirí agus shocraigh sé "Gaelspell" a chruthú. Tar éis dó cairdeas idirlín a thosú leis an leachtóir matamaitice agus ríomhaireachta Kevin Scannell in Ollscoil St. Louis Mheiriceá, shocraigh siad oibriú le chéile chun an fhadhb seo a réiteach agus pacáiste bogearraí litrithe agus gramadaí a chruthú agus anois is iad an fhoireann cheanann chéanna, le ríomhcláraitheoir sa bhreis darb ainm Derek Cassidy, atá chun tabhairt faoi "Anois". Níor chas Diarmaid agus Kevin ar a chéile go dtí go raibh roinnt mhaith blianta caite acu ag obair le chéile ar líne.

Má tá Gaelspell nó Ceart agat cheana féin, ní gá fanacht go dtí go bhfuil "Anois" críochnaithe mar gur féidir uasghrádú a dhéanamh ar an bpacáiste nuair a bheidh sé seolta ag an gCruinneog.

Tá ag éirí go maith le Gaelspell agus Ceart ar fud na hÉireann agus níos faide i gcéin le daoine ag ceannach an phacáiste chomh fada i gcéin leis an Astráil, agus Meiriceá.

I láthair na huaire tá os cionn míle duine ag úsáid Ceart agus i bhfad níos mó ná sin ag úsáid Gaelspell.

Tar éis don Chruinneog an togra seo a chríochnú cén áit eile ar féidir leo dul? Deir Diamaid go bhfuil siad tosaithe cheana féin ag obair ar na pacáistí céanna do mhionteangacha eile an domhain, ag tosú leis na teangacha Ceilteacha.

Cruinneog
www.cruinneog.com
GaelSpell + Ceart
Bogearraí a chabhraíonn le litriú agus gramadach na Gaeilge.
Sábháil 10% nuair a ordaíonn tú an dá cheann le chéile.
Ordaigh iad ó www.cruinneog.com anois!
sábháil 10%!

6 COMHSHAOL

# Samhlaítear 'Talamh gan Éisc'

Le Pól Mac Cana

IN Eanáir na bliana seo, i rith Féile Scannán Sundance in Utah Mheiriceá, bhí an chéad taibhiú den scannán faisnéise, 'The End of the Line - image a world without fish'. De réir na bhfortheilgean staitistiúil atá déanta ag na saineolaithe sa scannán seo, beidh deireadh le tromlach thionscal na hiascaireachta ar bhonn domhanda le teacht 2048, má leantar leis an iascaireacht mar atáthar. An féidir a leithéid bheith fíor?

Ná dearmadaimis rabhadh na staire: Talamh an Éisc agus imeacht na dtrosc. I 1992, cuireadh stad le hiascaireacht troisc i dTalamh an Éisc. Bhí an stoc uile bainte ón fharraige. Bhí an stoc troisc seo ar cheann de na stoic éisc ba mhó ar domhan, ach rinneadh ró-iascaireacht air le dul chun cinn sa teicneolaíocht, agus tháinig cliseadh iomlán ar an tionscal in Iarthuaisceart an Atlantaigh. Chaill 40,000 duine a bpost thar oíche. Níor fhill na troisc fós.

De réir FAO (Eagras um Bhia agus Talmhaíocht de chuid na Náisiúin Aontaithe), tá 75 % d'éisc mara na cruinne faoi lánsaothrú nó faoi ró-iascaireacht againn. Tá ár nuatheicneolaíocht rómhaith ag aimsiú éisc - níl aon éalú ann. Ach cé atá ag baint an éisc agus cén fáth?

Deirtear go bhfuil iasc mar bhunchothú ag 1.2 billiún duine againn. Ach amach ó chósta na hAfraice (agus ó chóstaí eile), tá longa próiseála ó stáit na hEorpa ag iascaireacht leo agus iad fóirdheonaithe le cáin na nEorpach. Tá siad ag iascaireacht leo, ach ní ar leas na nAfracach. Tá éisc na nAfracach á gcarnadh acu ar son gheilleagar na hEorpa. Ceannaíonn na stáit Eorpacha cearta iascaireachta ó rialtais san Afraic. Nuachoilíneachas, ab ea? Tá longa próiseála éisc ag glacadh éisc bhunchothaithe na nAfracach bocht agus tá siad á gcur i dtreo an 'domhain fhorbartha'. Bhí ráiteas an-spéisiúil ón Ollamh Rashid Sumaila (Ollscoil British Columbia) ar na himpleachtaí ag leibhéal an duine de, *"If the fish goes the people are left poorer and what happens? They try to emigrate. The Europeans like our fish but they don't like the people. The fish has [a] visa to come in but the people are turned back."*

Amharcaimis ar ghné eile den scéal - feirmeoireacht éisc. Moltar go minic í mar leigheas ar easpa bia. Ach smaoinímis meandar uirthi. Cothaítear bradáin feirme ar mhin éisc, .i. min déanta as éisc eile, amhail ainseabhaithe. Cén dochar? Breathnaímis anois ar na figiúirí: 100 milliún tona d'ainseabhaithe bainte ón fharraige gach bliain, agus déantar min éisc as 40 % de na héisc (amhail bradáin) agus le hainmhithe eile a chothú. Ach glacann sé 5 kg d'ainseabhaithe le 1 kg de bhradáin a chothú. Níltear ag cothú níos mó bia. Táthar ag aistriú éisc ó speiceas amháin go speiceas eile; agus táthar á dhéanamh i bpróiseas a chruthaíonn níos lú éisc don chine daonna sa deireadh. Mar gheall air seo, sa scannán molann Patricia Majluf Cayetano ó Ollscoil Heredia na speicis atá íseal sa bhiashlabhra a ithe - ainseabhaí, scadán, ronnach. Ní 'chailltear' éisc sa dóigh seo.

Cé gur scannán rabhach é 'The End of the Line', ní fhágtar an lucht féachana gan dóchas. Tá réiteach molta ann - agus is réiteach simplí é - rud annamh i ndomhan na gcoimhlintí leasa. Is é an réiteach é ná rialú ar an tionscal féin agus tearmainn mhara a chruthú nach mbeadh aon chead iascaireachta iontu. Tá eiseamláirí dá leithéid ann cheana féin a oibríonn - sa Chairib, in Alasca, san Íoslainn.



Faoi láthair tá cead iascaireachta i 99 % den fharraige. Meastar go gcosnódh sé $12 - 14 billiún gach bliain le 20 - 30 % den fharraige a rialú mar thearmainn. Dodhéanta mar gheall ar an chostas? Faoi láthair caitear $15 - 30 billiún gach bliain ar fhóirdheontais iascaigh - fóirdheontais a spreagann ró-iascaireacht; a chuireann slite beatha i mbaol agus a bhagraíonn ocras ar phobail ar fud na cruinne. Meastar, lena chois, gurbh fhéidir 1 mhilliún post a chruthú dá ndéanfaí an bhainistíocht cheart.

Cuirimis ceist orainn féin: cén luach atá ar an euro / phunt sin a chuirimid ionsar TRÓCAIRE nó eile, agus sinn ag baint an éisc as béal an bhoicht? Cén costas ar éiceolaíocht na mara agus ar dhínit duine eile, an mhin éisc a úsáidtear mar leasachán don talamh nó mar bhia don bhradán?

Tá rogha againn uile: an domhan uile bheith ina 'Thalamh gan Éisc', nó iarracht a dhéanamh an tionscal iascaigh a athrú ar bhealach ár leasa uile sa saol romhainn.

Má tá spéis agat féin san ábhar seo agus tuilleadh eolais uait, ransaigh http://endoftheline.com . Faightear ábhar teagaisc do mhúinteoirí anseo fosta.

Le fiosrú faoin fheachtas atá ar bun ag lucht léirithe an scannáin 'End of the Line' le brú a chur ar an earnáil agus ar na rialtais na tearmainn mhara a chruthú agus le rialú a chur i bhfeidhm, gabh chuig http://endoftheline.com/campaign/ .

*Is dochtúir le zú-eolaíocht é Pól Mac Cana, oibríonn sé leis an eagraíocht Ghaeilge Pobal.*

**Ach amach ó chósta na hAfraice (agus ó chóstaí eile), tá longa próiseála ó stáit na hEorpa ag iascaireacht leo agus iad fóirdheonaithe le cáin na nEorpach. Tá siad ag iascaireacht leo, ach ní ar leasa na nAfracach.**



# "Seal the Deal"

## An feachtas ar son Ionad Caomhnaithe agus Oideachais Mhuirí a thógáil in Éirinn



**Le Treasa Bhreathnach**

IS Tearmann Rónta Éireann atá taobh thiar den bhfeachtas chun Ionad Caomhnaithe agus Oideachais Muirí a thógáil in Éirinn le blianta beaga anuas. Gheall Comhairle Contae Fhine Gall suíomh dóibh i mBaile Brigín trí bliana ó shin saor in aisce le haghaidh an t-ionad seo a thógáil ar an gcoinníoll go mbeadh an togra in ann íoc as féin.

Fuair siad gealltanas deontais de €2 mhilliún ó Fháilte Éireann, agus bhí gealltanas de €3 mhilliún tugtha dóibh ag Comhairle Contae Fhine Gall. Tar éis don gComhairle Contae an dearadh don bhfoirgnimh a thairiscint go poiblí, tháinig praghas na tógála ar ais ag €6.65 milliún, praghas a bhí i bhfad ró-ard. Deir Comhairle Contae Fhine Gall go ndearna siad na tairiscintí don Tearmann Rónta an chéad lá riamh ar mhaithe le turasóireacht a thabhairt isteach go dtí an ceantar, agus sa deireadh níor shíl siad go raibh an togra, mar a bhí sé, in ann íoc as féin agus tharraing siad siar a dtairiscint don suíomh agus maoiniú de €3 mhilliún mall sa bhliain i 2008. De thoradh air seo, ní raibh an Tearmann Rónta in ann an deontas €2 mhilliún a tharraingt síos ó Fáilte Éireann.

Mar gheall ar an fhadhb seo mholl an Tearmann Rónta an tógáil a chur i bhfeidhm de réir a chéile, rud nach raibh an Chomhairle Contae sásta leis mar dá dtógfadh an tIonad de réir a chéile é, ní bheadh sé in ann íoc as féin ó thaobh turasóireachta de. Mar údarás poiblí ní raibh an Chomhairle Contae in ann tacú leis an dtogra seo níos mó, ó thaobh caiteachas €3 mhilliún d'airgead poiblí agus sábháilteacht an phobail le foirgneamh á thógáil de réir a chéile. Dúirt an Chomhairle Contae ag an am go mbeadh siad sásta athbhreithniú ar an gcás dá dtiocfadh an Tearmann Rónta ar ais chucu le hathruithe déanta ar an phlean gnó, ach níor tharla sé seo.

Bhí cruinniú eile idir an Chomhairle Contae agus an Tearmann Rónta tamall ó shin inar léirigh Comhairle Contae Fhine Gall dá bhféadfadh an Tearmann Rónta an maoiniú a eagrú go mbeadh siad in ann suíomh a thabhairt dóibh fós saor in aisce ach nach mbeadh siad in ann aon mhaoiniú a chur ar fáil dóibh.

Tá an Tearmann Rónta tar éis tairiscintí éagsúla a fháil do shuímh d'Ionad taobh amuigh de Bhaile Átha Cliath agus tá siad anois ag déanamh dianscrúdú orthu siúd, rud a chiallaíonn go bhfuil an chosúlacht ann go mbeidh Tearmann Rónta Éireann ag bogadh go hiomlán amach as Baile Átha Cliath. Gan an dara rogha acu tá Tearmann Rónta Éireann ag iarraidh airgead a bhailiú ón bpobal don togra seo agus is tríd an fheachtas poiblíochta "Seal the Deal" atá sé seo á dhéanamh acu. Tá tacaíocht tugtha ag an iar-Aire Trevor Sargent don tearmann ón uair a bunaíodh é agus deir sé go gcaithfidh an Tearmann anois airgead príobháideach a bhailiú mar nach bhfuil aon airgead ag an Rialtas chun infheistíocht a dhéanamh sa togra. Scríobh sé féin seic do bhreis is €1,000 le deireanaí agus níos mó thar na blianta.

Dar leis an Uasal Sargent go bhfuil a leithéid d'ionad tábhachtach mar go bhfuil easpa áiseanna muirí againn agus easpa áiseanna againn chun déileáil le tubaiste thimpeallachta, mar shampla doirteadh ola ar ár gcósta. Bíonn éifeacht thubaisteach ag doirteadh ola ar ár bhfiabheatha, ar mhamaigh cosúil leis an míol mór, ar dheilfeanna agus ar rónta. Déantar damáiste dá n-aerbhealaigh agus dá scamhóga agus bíonn fadhbanna acu anáil a tharraingt.

Cé go bhfuil aithne ag an domhan mór orthu mar Thearmann Rónta Éireann ní cairde na Rónta amháin iad, thar na blianta chabhraigh siad le deilfeanna, muca mara, madraí uisce agus fiú tíogar na Sibéire! Má tá suim agaibh deontas a dhéanamh don fheachtas "Seal the Deal" is féidir dul chuig an suíomh idirlín www.irishsealsanctuary.ie nó glaoch orthu díreach ag (01) 8354370.



**Thuas: Rónta á scaoileadh saor darb ainm Roxanne agus Carrie i nGleann Beithe, Co. Chiarraí**
Ar Chlé: Rón darb ainm Ciaran, láimsealaithe Alberto Aguilar, Sophia Cardoso agus Nicola Davies.
Thíos: Feadánra Róin darb ainm Bobby





7 BEATHA

# Brú agus Strus

## Cén dóigh is féidir linn plé le brú is strus an tsaoil seo?



**Le Gráinne McElwain**

IS cuimhin liom mo mháthair i gcónaí ag rá, "Níl an t-am agam mé féin a bheannú" agus gan dabht leis a bhíonn a bhíonn muid uile go léir faoi dhifir inár saol faoi láthair ní bhíonn an t-am againn a dhath ar bith a dhéanamh níos mó!

Idir obair, caidreamh lenár gclann, cairde, an duine speisialta i do shaol, aclaíocht, ithe, siopadóireacht, spioradáltacht, páistí agus gach rud eile, ní aon ionadh é go bhfuil go leor daoine ag mothú go bhfuil siad faoi bhrú.

Is ionann "brú" agus an dóigh a mothaíonn tú nuair atá gach rud ag teacht aniar aduaidh ort. Le brú thig linn a bheith amhrasach fúinn féin agus faoin méid gur féidir linn a sheasamh. Aon rud atá mar bhagairt ar ár sláinte, is brú é. Ach is rud maith é an brú sin anois is arís. Deirtear go mbeadh an saol an-leadránach muna mbeadh brú de chineál éigin ann. Ach cad iad na comharthaí a bhaineann le brú?

Is fiú a rá ag an phointe seo nach gcuireann brú isteach ar gach duine ar an dóigh chéanna. Cuid de na comharthaí a bhíonn le tabhairt faoi deara nuair a bhíonn brú orainn ná ardú brú fola, ag análú níos tapúla, do chroí ag bualadh níos tréine, matáin theannta agus easpa codlalta.

Cosúil le gach rud a bhaineann le do shláinte, is fiú dul chuig an dochtúir chun gach rud a sheiceáil amach. De réir na saineolaithe ar fad, cabhraíonn aclaíocht go mór le brú a mhaolú.

Chomh maith leis sin, is fiú fáil réidh le halcól agus toitíní mar ní chuidíonn sin le strus. Ith níos mó glasraí agus torthaí agus gearr siar ar an mhéid cupán caife a ólann tú gach lá. Seo am maith chun Yoga nó teicnící suaimhneacha a chothú agus déan iarracht am a chur i leataobh duit féin más féidir.

De dheasca brú agus strus, uaireanta mothaíonn daoine tinneas cinn, ólann siad barraíocht alcóil nó tógann siad drugaí. Roinnt daoine eile, caitheann siad roinnt ama ag gol, tagann fearg orthu nó tosaíonn siad ag ithe níos mó bia. Is féidir le brú a bheith an-chontúirteach do do shláinte agus is fiú iarracht a dhéanamh teacht ar bhealach chun brú a mhaolú i do shaol.

Chuir muid ceist ar thriúr Gaeil aitheanta le fáil amach cad a dhéanann siad nuair a bhíonn brú nó strus orthu.

### CONAS PLÉ LE STRUS?

**Siún Nic Gearailt,** Láithreoir Nuachta RTÉ



**"Is breá liom dul amach ag siúl gach lá agus ceapaim go gcruidíonn sin go mór le stus a mhaolú. Déanaim Yoga anois is arís ach amuigh ag siúl ar an phromanáid I nGaillimh, níl aon bhealach níos fearr chun fáil réidh le do chuid strus!"**

**Tomaí Ó Conghaile,** Eagarthóir nós* / Láithreoir Nuacht24



**"Caithfidh mé a admháil nach mothaím faoi bhrú mór chomh minic sin ach nuair atá sprioc thábhachtach éigin ag teacht aníos, nó nuair atá dualgas faoi leith le comhlíonadh agam, sílim go dtugaim faoi ionas go mbeidh sé déanta agus amuigh as an bhealach.**

**"Agus rud éigin ar m'intinn nó rud mór le déanamh agam, déanaim iarracht é a chríochnú go gasta agus gan díriú ar rudaí níos sultmhaire nó níos éasca ina ionad, cé nach dtarlaíonn sé sin i gcónaí!"**

**Lynette Fay,** Craoltóir leis an BBC



**Leideanna le brú a laghdú, bíonn sé doiligh agam mo scíth a ligint ach bím ag éisteacht le ceol, siocair go n-oibrím leis an oiread sin! Éistim le I Can See Clearly Now leis na Hothouse Flowers nó rian dár teideal Good Morning Nightcap le Lúnasa.. Cuireann an dá rian seo gliondar orm agus baineann den strus!**

**Thriail mé Bikram Yoga le gairid agus caithfidh mé a rá go bhfuil sin go héifeachtach ar fad! Aclaíocht is dóigh liom an rud is fearr - agus má bhím faoi bhrú, téim a luí go luath san oíche .. bíonn sé i gcónaí ina chuidiú agam má bhíonn oíche mhaith chodlata agam. Gan sin, ní fiú faic mé i mbun oibre!**

# NUACHT LITROÍCHTA




## agus rud eile de and another thing

*Louis de Paor*
*Cló Iar-Chonnachta*
*€14.00*


CNUASACH filíochta dátheangach leis an bhfile Gaeilge mór le rá, an Corcaíoch Louis de Paor. Tá na haistriúcháin go Béarla déanta ag Kevin Anderson, Biddy Jenkinson, Mary O'Donoghue, agus leoga leis an údar é féin. Tá léaráidí ealaíne sa leabhar déanta ag Kathleen Furey. D'fhoilsigh Coiscéim an bunleagan Gaeilge den chnuasach seo siar sa bhliain 2002. Tagann dlúthdhiosca in éineacht leis an leabhar, rud a chuireann go mór le leabhar ar bith ach le leabhair Ghaeilge ach go háirithe ar an ábhar gur pobal foghlama sinn den chuid is mó. Tá ceol le Ronan Browne le cloisteáil ar an dlúthdhiosca seo idir na dánta.

## Cá bhfuil tú a Phádraig?

*Lára Nic Oireachtaigh*
*An Gúm*
*Aoisghrúpa 7+*
*€15.00*

SEO an chéad leabhar a scríobh an t-údar Lára Nic Oireachtaigh do pháistí. Is as Contae na Mí di, áit ar fhreastail sí ar Ghaelscoil. Baineann eachtraí an scéil leis an chontae sin agus leis na hagóidí a bhaineann le tógáil an mhótarbhealaigh úir cóngarach do Theamhair agus an pháirt a ghlac Naomh Padraig san agóid chéanna!


Tá aistriúchán go Béarla ar fáil ar shuíomh an údair féin laurageraghty.com.




## Eachtraí Uchtaigh, Scéalta do dhaoine óga

*Esther Göbl Uí Nualláin*
*Léaráidí daite le Emily Colenso*
*Móinín*
*Do léitheoirí óga, 7-9 bliana*
*€8.00*

DÍREACH mar a deir sé ar an gclúdach, scéalta do dhaoine óga atá sa leabhar beag tarraingteach seo. "Scéalta misniúla, scéalta dóchais, scéalta bíogúla" atá le fáil ann do




pháistí "ag aois leibhéal na meánranganna bunscoile".

Is 'máthair, múinteoir agus gníomhaí teanga' í an t-údar, Esther Göbl Uí Nualláin. Is de bhunadh na hÉireann is na hOstaire í.


## Na Clocha Síneacha

*Karen Tazi*
*I gcomhar le Ré Ó Laighléis*
*Móinín*
*Aoisghrúpa 10-12 bliana*
*€10 (dlúthdhiosca san áireamh)*

LEABHAR beag deas é seo atá suite sa tSín. Baineann an scéal le cailín óg ag dul ar thuras ar fud a tíre dúchais in éineacht lena seanathair.

Is go hálainn ar fad atá an leabhar seo maisithe, tá sé lán de learáidí uiscedhathanna déanta i stíl Shíneach leis an tsaol sin a chur in iúl.

As Baile Átha Cliath ó dhúchas don scríbhneoir, Karen Tazi, cé go bhfuil cónaí uirthi i bPáras na Fraince san am i láthair.




Cló Iar-Chonnacht
Indreabhán, Co. na Gaillimhe
Teil: 091 593307 cic@iol.ie www.cic.ie





agus rud eile de / and another thing
Louis de Paor
€14; (bog) le CD

Cleamhnas dátheangach is ea seo idir filíocht, ceol agus ealaín. Ina lár istigh tá sraith pictiúirí le Kathleen Furey agus is maisiú breise ar an leabhar an ceol cumasach atá curtha ag an máistirphíobaire Ronan Browne le cuid de na dánta.

"A revelatory collaboration that glistens in the heat forged by its own spirit of adventure."
– The Irish Times

MÁIRTÍN Ó DIREÁIN: NA DÁNTA
Eag. Eoghan Ó hAnluain
€20; (crua)




Foilsíodh an cnuasach nua seo mar chuid de chomóradh 100 bliain ó rugadh Máirtín Ó Direáin. Is é seo an bailiúchán is cuimsithe d'fhilíocht an mhórfhile as Árainn ar foilsíodh ariamh. San áireamh tá pictiúir nua leis an ealaíontóir Árannach Seán Ó Flaithearta.


Tá catalóg iomlán ar an suíomh idirlín www.cic.ie

# SCANNÁN ón todhchaí

**Le Gráinne McElwain**

IS é *An líne* an ceathrú gearrscannán den tsraith iontach ar TG4 faoi láthair darb ainm Síol. Seo sraith ina bhfuil seans ag stiúrthóirí agus scríbhneoirí nua a gcuid scéalta a chur ar an scáileán. I scannán na seachtaine seo, pléitear téamaí uilíocha mar ghrá, feall, éadairise, an caidreamh idir mac agus athair, buachaill agus cailín atá ag súil le leanbh.

Is sa todhchaí in Éirinn atá an scannán seo bunaithe agus tá an dream óg imithe ó smacht. Bunaíodh an tÚdarás



um Athbhreithniú Tuismitheoirí nó ÚAT le dul i ngleic leis an fhadhb seo- is é sin droch-thuistiú. Tá cuirfiú i bhfeidhm do dhaoine faoi aois 21 agus gearrtar fíneáil ar a gcuid tuismitheoirí má bhristear é, Ach an rud is conspóidí ná go gcaithfidh tuismitheoirí atá ag súil le páiste freastal ar agallamh lena chinntiú go mbeadh siad feiliúnach mar thuismitheoirí.

Is scannán dorcha é seo ina bhfuil moladh mór tuillte ag an stiúrthóir Diarmuid Goggins agus an scríbhneoir Kevin Lavelle as an scéal.

Tá an stiúrthóireacht go maith agus tá Neasa Ní Chuanaigh thar barr ag aisteoireacht i bpáirt Mary, an cailín óg atá ag súil le leanbh gan mórán tacaíochta óna fear. Is fiú breathnú air oíche Dé Luain 29ú Márta ag 10i.n ar TG4.



# BUÍON CHEOIL na seachtaine

## The Frames



**• Cá bhfuil tú faoi láthair, agus céard atá ar siúl agat?**
Sé a chloig ar maidin atá ann agus tá mé ag triall titim ar ais i mo chodladh in Auckland sa Nua Shéalainn. Tá mé ar chamchuairt leis an 'Swell Season' tríd an Nua Shéalainn, an Astráil agus an Chóiré Theas.

**• An bhfuil tú ag scríobh aon cheol nua faoi láthair, go haonarach nó leis na Frames?**
Tá mé ag obair ar mo cheol féin faoi láthair. Tugaim liom an trealamh taifeadta nuair a bhím ag taisteal ionas gur féidir liom a bheith ag obair liom cuma cén áit a mbeidh mé.

**• Leis an "Swell Season" agus do thogra aonarach "Cúinne an Ghioria", an bhfuil sibh ar fad imithe bhur mbealaithe féin óna Frames?**
Tá muid ar tí filleadh ar ais ar dhomhan na Frames i mí Meán Fómhair. Bíonn daoine cruthaitheacha níos sona agus iad ag cruthú. Tá muid críonna a dhóthain faoin am seo gan a bheith i ngreim an fhir bháite ar a chéile.

Fágann sé sin an caidreamh i bhfad níos éasca eadrainn.

**• Tá sé de nós agaibh turais an-fhada a dhéanamh, céard, más aon cheo a áiríonn tú uait ón mbaile?**
Mo bhean agus mo ghasúir a airím uaim is mé ón mbaile. Buíochas mór le Dia feiceann muid a chéile gach lá ar an ríomhaire sna laethanta seo. Is iontach go deo an rud é an Skype! Sé seachtainí an turas is faide a dhéanann muid. Ach ní dhéanfadh muid turas mar sin ach b'fhéidir uair sa mbliain.

Tá sé rófhada. Trí seachtainí is minice a bhíonn muid imithe. Seachtain ag fágáil, seachtain imithe agus seachtain ag teacht abhaile.

'Sé an chuid is fearr den turas ná an teacht abhaile. Tugann muid málaí tae linn freisin i gcónaí agus muid ag taisteal ... ní fhéadfá a bheith gan tae maith!

**• Tá comóradh fiche bliain na Frames ag teacht suas, nuair a bhreathnaíonn tú siar ar na blianta cén cuimhne cheolmhar a sheasann amach i d'aigne?**
Tá mé tar éis os cionn leath mo shaol a chaitheamh sna Frames .. agus níl aon easpa cuimhní ann. Nuair a sheinn muid le Bob Dylan don chéad uair i 1993 cheap mé go raibh mé sna flaithis!

Is cuimhin liom go maith a bheith sa Fhrainc ag taifeadadh an cheirnín 'Dance the Devil' ... Cuimhne eile ná an tsaoirse a tháinig as éalú as conradh taifeadadh sa mbliain 2000. Sheinneamar gig mór dár gcuid féin i Marley Park i mBaile Átha Cliath i 2004 agus bhí slua 17,000 ann ... B'éacht é sin do bhanna neamhspleách!

Níl ansin ach blaiseadh.

**• Beidh sibh ag seinm ag Electric Picnic i mbliana, cén a dhéanann an fhéile seo difriúil, má tá, d'aon fhéile eile ar domhain?**
Comhthéacs an téarma is fearr tá mé ag ceapadh. Chuaigh muid i dtaithí sna nócha idí ar fhéilte a bheith ar siúl i ráschúrsaí nó ar pháirceanna imeartha ... Rud eile is ea an Electric Picnic.

Tá an láthair fíor álainn. Bíonn srian i gcónaí ar an méid ticéadaí a dhíoltar ionas nach mbíonn sé róphlódaí ... Bíonn meascán iontach ceoil ann.

Go bunúsach bíonn an deireadh seachtaine i bhfad níos sibhialta!

# BUAICPHOINTÍ TEILIFÍSE AGUS RAIDIÓ na Seachtaine




## TEILIFÍSE

**• TG4: Dáithí ar thóir Patsy Cline** Tá Dáithí Ó Sé ar ais ar an mbóthar i Meiriceá arís, ach an babhta seo tá sé ar thóir réalta móra ceol tíre Mheiriceá. Sa gcéad chlár seo den tsraith, téann sé ar thóir Patsy Cline, agus tugann sé cuairt ar Nashville agus Winchester áit ar rugadh Patsy agus ar bhain sí cáil amach leis na hamhráin "Crazy" agus "I Fall to Pieces". *Déardaoin 9.30i.n.*

**• TG4: Ros na Rún**
Bíonn Bríd ag fáil faoi réir le imeacht as Ros na Rún i dteannta Johnny nó go bhfaigheann sí eolas ar an mhéid a bhí ar bun aige. Insíonn Berni gur chodail sí féin le Johnny. An nimeoidh Bríd in éindí leis nó an gcuirfidh sí rith air? Buaileann Berni le Helen, an múinteoir i scoil Evan, le dráma na Cásca a phlé. Cé go mbíonn Helen sibhialta léi ní mó ná sásta atá Berni léi. *Dé Máirt 8.30i.n.*

**• BBC ALBA: Ann am Bàta, Nam Aonar**
Is craoltóir é Niall Iain Dòmhnallach atá ina chónaí i Leódhas. I Mí na Bealtaine 2007 d'fhulaing sé cliseadh néarach agus d'imigh sé as an tsochaí. Nuair a d'fhill sé ar ais, dhiagnóisigh na dochtúirí go raibh dúlagar air. Shocraigh sé dúshlán dó féin mar gheall ar seo, is chinn sé chun iomramh trasna na farraige idir Gaeltacht na hAlban agus Leódhas, fad 43 míle. Tá láidreacht coirpe ag teastáil chun é seo a dhéanamh ach níos mó ná sin láidreacht intinne. *Déardaoin 9.00i.n.*

**• RTÉ1: Cloch le Carn**
Sa gclár seo de Chloch le Carn beidh súil á chaitheamh ar Séamus Brennan agus an saol polaitíochta a bhí aige le linn a thréimhse i bhFianna Fáil. Beidh agallaimh ó Máire Geoghegan Quinn, Bertie Ahern, Mary Harney, Liz O'Donnell agus Alan Dukes chomh maith le hiriseoir an Irish Times Harry McGee i measc eile. Beidh neart agallaimh cartlainne le feiceáil sa gclár seo chomh maith le Séamus Brennan i mBéarla agus i nGaeilge síos trí na blianta. *RTÉ1: Cloch le Carn, Dé Luain @ 7.30i.n.*

## RAIDIÓ

**• BBC Radio nan Gàidheal: Feasgar**
Tá Feasgar curtha i láthair ag Cathy MacDonald ag cur meascán de nuacht, díospóireacht, ceol agus siamsaíocht ar fáil dúinn gach lá ag am lóin. Le linn 2010 tá Radio nan Gàidheal ag ceiliúradh "Bliadhna nan Òran" agus gach uile lá beidh "Òran an Là" curtha ar fáil dúinn ó leabharlann BBC ag tabhairt seans dúinn amhráin síos trí na blianta ó Albain uile a chloisteáil. BBC Radio nan Gàidheal : Feasgar (Gach lá @12.00) www.bbc.co.uk/iplayer

**• Raidió na Gaeltachta: Nósanna an Chreidimh**
Clár speisialta d'Aoine an Chéasta ag cur síos ar na nósanna agus na cleachtais a bhaineann leis an lá seo leis an Dr. Seán Ó hEochaidh agus cur síos ar oilithreacht Santiago de Compostela le Mairéad Ní Ghallchóir. Dé hAoine, 2ú Aibreáin 4.10i.n.

**• RTÉ Raidió 1: Scéalta san Aer**
Seo an seans dhá ghearrscéal a chloisteáil ar RTÉ Raidió 1. Breathnaíonn"Méar an Phíobaire" le Biddy Jenkinson ar iarrachtaí píobaire a mhealladh óna gceol. Caitheann "Ar an Algarve" le Séamas Mac Annaidh súil ar fhear Éireannach a dhéanann cairdeas le Sasanach agus é ar a chuid laethanta saoire.
• RTÉ Raidió 1 :Scéalta san Aer, Dé Sathairn @ 8i.n.

**• Raidió Fáilte: Glór na Móna**
Is grúpa feachtasaíochta teanga iad Glór na Móna a bhfuil mar aidhm acu ceantarUachtar Chluanaí i mBéal Feirste a ghaelú. Bíonn neart eachtraí ag dul ar aghaidh i gcónaí ó ranganna Gaeilge agus ceoil go ceardlanna graffiti. Clár Glór na Móna curtha i láthair ag Cormac Ó Briain.
**• Raidió Fáilte: Glór na Móna**
Dé Satharn 107.1fm nó www.raidiofailte.com

8 OIDEACHAS

# Cathaoirleach nua ar Eagraíocht na Scoileanna Gaeltachta



Le Treasa Bhreathnach

TAR éis do Bhríd Ní Lubhaing trí bliana a chaitheamh mar chathaoirleach ar Eagraíocht na Scoileanna Gaeltachta is ar na cúlbhinsí atá sí anois, agus cé go dtugann sí lán tacaíochta don chathaoirleach nua, deir sí go bhfuil sí anois i measc daoine iontacha eile ar féidir leo a lán ionchuir a bheith acu. Deir Bríd "go raibh sé in am athrú agus go stairiúil gur rud maith é athrú in aon eagraíocht".

Síleann sí go raibh, agus go bhfuil, gluaiseacht na heagraíochta ró-mhall leis an t-úafás pleananna agus fochoistí á mbunadh, agus cé go bhfuil pleananna tábhachtach go bhfaigheann "duine breoite den tógáil mhall" agus "má tá an bunábhar ann cén fáth nach féidir na caisleáin a thógáil?" Tá Bríd den tuairim go bhfuil an eagraíocht i lár báire idir an Roinn Oideachais agus na scoileanna, agus ceapann sí gurb é an dúshlán is mó a bheidh roimh an gcathaoirleach nua ná "dul i bhfeidhm ar na scoileanna agus, trí oifig an chathaoirligh, tacú leis na múinteoirí a ndualgais an teanga a chur chun cinn mar theanga phobail a chomhlíonadh". Caithfidh na scoileanna muinín a bheith acu as an eagraíocht, dar le Bríd, agus dá bharr, beidh siad níos laidre leis an tacaíocht sin agus iad ag cuardach cearta teanga.

Is í Mairéad Ní Chualáin, múinteoir bunscoile as Leitir Mór, Co. na Gaillimhe, an




cathaoirleach nua ar Eagraíocht na Scoileanna Gaeltachta. Ar cheann de na mórspriocanna atá ag Maáiréad dá tréimhse mar chathaoirleach, tá polasaí náisiúnta i leith na Gaeilge a chur i bhfeidhm sna scoileanna Gaeltachta. Deir sí nach bhfuil an Roinn Oideachais ag tabhairt tús áite do chearta na nGaeilgeoirí dúchasacha agus go gcaithfidh siad polasaí náisiúnta níos leithne a bheith acu i leith na Gaeilge. Tá sé de thuairim ag Mairéad go gcaithfear níos mó béime a leagan ar chainteoirí dúchasacha Gaeilge sna scoileanna Gaeltachta agus ina leith sin go gcaithfear a bheith cinnte faoi chaighdeán Gaeilge na múinteoirí. Deir sí go bhfuil an t-ádh leo gur de bhunadh na Gaeltachta an chuid is mó de na múinteoirí sna scoileanna Gaeltachta ach, go fadtéarmach, go bhfeiceann sí gur cheart coláiste oiliúna a bhunú a chuirfidh béim ar an gcúrsa Gaeilge.

Tá a lán oibre roimpi agus roimh an eagraíocht i mbliana agus iad ag súil le dul i bhfeidhm ar an Roinn Oideachais, ag iarraidh a gcuid tuairimí a bhrú, a bheith ag troid dá dtuairimí, ag eagrú seimineáir sna Gaeltachtaí éagsúla agus ag casadh leis na múinteoirí ar fad.

OÉ Gaillimh
NUI Galway

TAPAIGH AN DEIS
Cláir Iarchéime 2010-2011

- MA/Dioplóma Iarchéime (Pleanáil Teanga)
- MA (Teagasc Teangacha - Gaeilge)
- MA/Dioplóma Iarchéime (Ateangaireacht Chomhdhála)
- MA/Dioplóma Iarchéime (Aistriúchán Reachtaíochta & Dlí)
- Ard-Dioplóma (Léann an Aistriúcháin)
- Ard-Dioplóma (Cumarsáid Fheidhmeach)
- Ard-Dioplóma (Teicneolaíocht Faisnéise)

SUNDAY TIMES OLLSCOIL NA BLIANA 2009-10

Déan iarratas roimh 2 Aibreán 2010 - www.pac.ie
Tuilleadh eolais:(091) 595101 *mary.niniadh@oegaillimh.ie*

www.acadamh.ie/cursaí
ACADAMH na hOllscolaíochta Gaeilge

Foras na Gaeilge

GLAOCH AR IARRATAIS
SCÉIMEANNA SCRÍBHNEOIREACHTA 2010

Cuirfear fáilte roimh iarratais do na scéimeanna seo a leanas:

✍ Scéim na nOidí
✍ Scéim na gCoimisiún

Spriocdháta: Roimh 17:00, **Dé Luain, 19 Aibreán 2010.**

TUILLEADH EOLAIS & FOIRMEACHA IARRATAIS
Foras na Gaeilge, Ráth Chairn, Áth Buí, Co. na Mí
T: 046 943 0419 F: 046 943 0420
R: leabhar@forasnagaeilge.ie I: www.leabhar.ie

## LEIDEANNA STAIDÉIR

Le mocks.ie

**AGUS tú ag staidéar, tá sé ríthábhachtach go bhfaigheann tú do dhóthain aclaíochta, codlata agus bia den chineál ceart.**

1 Tá an seanfhocal Béarla fíor, nuair atá do chorp sláintiúil tá d'intinn sláintiúil freisin. Tar éis aclaíocht de chineál ar bith scaoileann an corp ionoirfin a dhéanann níos sona tú ná mar is gnáth agus beidh sé níos éasca duit díriú ar an staidéar.

2 Bí cinnte go bhfaigheann tú do dhóthain codlata, gan é ní fhanfaidh aon cheo i do chloigeann. Déan iarracht 8 n-uaire a chloig codlata a fháil gach uile oíche.

3 Dean do dhícheall an bheatha cheart a ithe agus neart vitimíní a ghlacadh. Cabhraíonn Omega-3 le d'intinn agus tú ag staidéar, idir bheith in ann díriú ar an stáidéar agus do chumhacht foghlama. Is féidir vitimíní Omega-3 a ghlacadh, nó neart ronnach a ithe, agus tú ag déanamh do chuid scrúduithe Mata.

4 Caith súil ar na foirmíl Mata sula dtéann tú isteach sa scrúdú. Nuair a shuíonn tú síos, scríobh síos do chuid foirmlí ar fad, ionas nach ndéanann tú dearmad orthu.

5 Scríobh do chuid freagraí i bpeann agus ba chóir duit níos mó ná peann amháin a thabhairt leat.

6 Ná scrios amach aon chuid de do chuid oibre; tá an seans ann go bhfaighidh tú marcanna don iarracht.

## BUAITEOIRÍ SCLÉIP! 2010

# Comórtas Tallainne Na nIar-Bhunscoileanna Lán-Ghaeilge

TÁ buaiteoirí Scléip 2010 fógartha ag GAELSCOILEANNA TEO. Is éard a bhí i Scléip 2010 ná comórtas tallainne náisiúnta atá dírithe go sonrach ar na hiar-bhunscoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta. Bhí an comórtas roinnte in ocht rannóg éagsúla, le duais i ngach rannóg, trí dhuais nualaíochta agus Grand Prix don duine nó grúpa is fearr san iomlán. Seo thíos liosta na mbuaiteoirí:

**Buaiteoirí na Rannóga:**
- Ceol Aonair: Shane Ó hAonghusa, Gaelcholáiste Cheatharlach
- Rince Cruthaitheach (Aonair): Breandán Ó hIarnáin, Scoil Phobail Mhic Dara
- Rince Cruthaitheach (Grúpaí): Domhan Tarraingt, Gaelcholáiste Cheatharlach
- Amhránaíocht Aonair: Ami Ní Huigéad, Coláiste Chilliain
- Pop/Rac Cheol: Peadar Ó Goill, Gairmscoil Éinne
- Grúpaí Ceoil: Reach Linn, Gaelcholáiste Reachrann
- Drámaíocht/Mím: Teach na mBocht, Pobalscoil Ghaoth Dobhair
- Comórtas Ilchineálach: Rosie Ní Gairbheith, Pobalscoil Ghaoth Dobhair



**Duaiseanna Nualaíochta:**
- Ceol Aonair: Clár Ní Mhaoltuile, Coláiste Laurel Hill FCJ
- Grúpaí Ceoil: Trí Lasadh, Scoil Phobail Mhic Dara
- Drámaíocht/Mím: An Maidrín Rua, Coláiste Cholmcille

**Grand Prix:**
- Drámaíocht/Mím: Teach na mBocht, Pobalscoil Ghaoth Dobhair

Thosaigh Scléip sa bhliain 2005 agus tá sé ag fás agus ag forbairt ó shin i leith. Is é príomhaidhm an chomórtais ná daltaí na niar-bhunscoileanna a spreagadh le Gaeilge a úsáid i réimsí éagsúla de na healaíona trí dheis a thabhairt dóibh páirt a ghlacadh i gcomórtas spreagúil agus spéisiúil.

Is í GAELSCOILEANNA TEO. eagraíocht chomhordaithe na scoileanna lán-Ghaeilge. Cabhraíonn sí le tuismitheoirí agus le grúpaí áitiúla scoileanna nua a bhunú agus tacaíonn sí leis na scoileanna atá bunaithe cheana féin. Tá 170 bunscoil agus 43 iar-bhunscoil lasmuigh den Ghaeltacht ag cur oideachais lán-Ghaeilge ar fáil faoi láthair.






# Cabhair leis na scrúduithe le mocks.ie

**Beidh Gaelscéal ag díriú ar riachtanais daltaí atá ag foghlaim trí mheán na Gaeilge, mar sin de, beidh muid ag cur ábhair ar fáil in éineacht leis an chomhlacht, mocks.ie. Is seirbhís nua é a chabhraíonn le mic léinn chun feabhas a chur ar a gcuid torthaí sna scrúduithe Stáit. Téigh go www.mocks.ie chun tuilleadh eolais a fháil.**

Ta an t-eolas seo curtha ar fáil ag mocks.ie.

Seirbhís nua a chabhraíonn le mic leinn feabhas a chur ar a gcuid torthaí sna scrúduithe Stáit. Téigh go www.mocks.ie chun tuilleadh eolas a fháil.

An tseachtain seo, tabharfaimid súil ar an Matamaitic Ghnáthleibhéil don Ardteistiméireacht

**Eolas**

Tá an struchtúr do pháipéar a haon, gnáthleibhéal, sa Mhatamaitic leagtha amach thíos:

C1 Uimhríocht
C2 Ailgéabar
C3 Ailgéabar
C4 Uimhreacha coimpléascacha
Q5 Seichimh agus sraitheanna
Q6 Feidhmeanna agus difreáil
Q7 Difreáil
Q8 Feidhmeanna

Is fiú 50 marc gach ceist, agus tá sé de dhualgas ort sé cheist a fhreagairt as ocht gceist. Gach bliain bíonn ceist a dó agus a trí bunaithe ar an ailgéabar. Tá dhá ceist shamplacha ailgéabair agus na réitigh leagtha amach thíos chun cabhrú leat cleachtadh agus staidéar a dhéanamh.

Q 1 (a) Réitigh le haghaidh $x$, $3(x-4)=6x$ (10 marc)

$3x-12=6x$
$-12=3x$
$\therefore x=-4$

(b) (i) Faigh tacar réiteach $P$ do $8-3x\geq 5$, $x\in N$ (10 marc)

$-3x\geq -3$
$x\geq 1$
$P=\{x:x\geq 1\}$

(ii) Faigh tacar réiteach Q do $\frac{1}{3}x-\frac{1}{2}\leq\frac{5}{6}$, $x\in N$ (10 marc)

$\frac{1}{3}x\leq\frac{1}{2}+\frac{5}{6}$
$x\leq\frac{15}{6}+\frac{9}{6}$
$x\leq 4$ $x\in N$

Ar lean

Q2(a) Bíodh $s=ut+\frac{1}{2}at^2$ (10 marc)

Faigh luach $a$ nuair $t=10$, $u=10$ agus $s=400$

$400=10x10+\frac{1}{2}a.10x10$
$300=50a.$
$6=a.$

(b)(i) Faigh an tacar réiteach A, le haghaidh $2x-3\leq 7$, $x\in z$ (10 marc)

$2x-3\leq 7$
$2x\leq 10$ $x\in z$
$x\leq 5$
$A=\{-5,-6,-7,-8,-9..........\}$

(ii) Faigh an tacar réiteach B, le haghaidh $\frac{1-3x}{2}<8$, $x\in z$ (10 marc)

$1-3x<16$
$-3x<15$
$x<-5$
$B=\{-6,-7,-8,-9..........\}$
$B=\{x!x<5.\}$

(iii) Scríobh síos na baill i réiteach $P\cap Q$

$P=\{1,2,3,4,5.......\}$ $Q=\{4,3,2,1.......\}$

$P\cap Q=\{1,2,3,4\}$

(c) Scríobh an méid seo a leanas mar chumhacht de chuid a 2.

(i) 128 (5 mharc)

$128=2\text{ x }2\text{ x }2\text{ x }2\text{ x }2\text{ x }2\text{ x }2=2^7$

(i) $\sqrt{32}$ (5 mharc)

$=\sqrt{2x2x2x2x2}$
$=\sqrt{2^5}$
$=2^{\frac{5}{2}}$

(c) (i) Tabhair $p$ i dtéarmaí $q$ agus $t$, $2p-3q=\frac{p-2t}{3}$ (5 mharc)

$(2p-3q).3=p-2t$
$6p-9q=p-2t$
$5p-9q=-2t$
$5p=9q-2t$
$p=\frac{9q-2t}{5}$

(ii) Fíoraigh gur fachtóir é $x-2$ de $x^3+5x^2-8x-12$, más fachtóir é $x-2$ de $f(2)=0$ (5 mharc)

$f(2)=2^3+5x2^2-8.2-12=0$
$=8+20-16-12=0$
$\therefore$ Is fachtóir é $x-2$ de $x^3+5x^2-8x-12$

(iii) Más fachtóir é $x+3$ de $x^3+px^2+9=0$, faigh luach p. (5 mharc)

Más fachtóir é $(x+3)$, ansin $f(-3)=0$, mar sin
$-3^3+9p+9=0$
$-27+9p+9=0$
$-18+9p=0$
$p=2$

(iii) Réitigh le haghaidh $x$ (10 marc)

$=\sqrt{2}.2^x=\left(\frac{128}{\sqrt{32}}\right)^3$

$\sqrt{2}.2^x=\left(\frac{2^6}{2^{\frac{5}{2}}}\right)^3$
$2^{x+\frac{1}{2}}=\left(2^{\left(\frac{6}{1}-\frac{5}{2}\right)}\right)^3$
$2^{x+\frac{1}{2}}=\left(2^{\frac{7}{2}}\right)^3$
$2^{x+\frac{1}{2}}=2^{\frac{21}{2}}$
$x+\frac{1}{2}=\frac{21}{2}$
$x=10$

# Leasuithe do shiollabas Gaeilge na hArdteistiméireachta

**Le Treasa Bhreathnach**

SEOLADH imlitir coicís ó shin chuig údaráis bhainistíochta scoileanna dara leibhéal na tíre inar leagadh amach leasuithe do shiollabas Gaeilge Ardleibhéil agus Gnáthleibhéal na hArdteistiméireachta.

Beidh na leasuithe seo ag déanamh laghdú ar an gcúrsa litríochta agus déanfar méadú ar líon na marcanna a bhronnfar ar an mBéaltriail a mbeidh 40% ag dul chuige uaidh seo amach" Is é Coiste cúrsa Gaeilge na hArdteistiméireachta a chuir na moltaí seo faoi bhráid na Comhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta agus is é an t-iar Aire Oideachais Batt O'Keefe a rinne an cinneadh na moltaí seo a chur i bhfeidhm ó Fhómhar 2010.

Beidh an chéad scrúdú bunaithe ar na leasuithe seo i 2012 agus leanfar ar aghaidh leis an siollabas leasuithe go dtí 2014.

Deir Gaelscoileanna Teo. "go bhfuil neamhaird á dhéanamh leis na leasuithe seo ar dhaltaí ar ardleibhéal Gaeilge. Dar le hArdfheidmeannach Gaelscoileanna Teo., Bláthnaid Ní Ghréacháin go mbeidh "impleachtaí anmhór ann do scoileanna agus tá an baol ann nach n-éireoidh leis na daltaí caighdeán ard Gaeilge san Ardteist a bhaint amach mar atá á dhéanamh faoi láthair, Mura dtugtar dúshláin a dhóthain sa teanga ní fhásfaidh sí amach anseo ó thaobh na litríochta, na hiriseoireachta agus eile. Tubaiste a bheadh ann do na coláistí oiliúna agus do thodhchaí na Gaeilge".

**"Mura dtugtar dúshláin a dhóthain sa teanga ní fhásfaidh sí amach anseo ó thaobh na litríochta, na hiriseoireachta agus eile. Tubaiste a bheadh ann do na coláistí oiliúna agus do thodhchaí na Gaeilge"**

Deir Máire Ní Fhlatharta ó Eagraíocht na Scoileanna Gaeltachta go ndéanfaidh na leasuithe seo caighdeán na Gaeilge a ísliú . Deir sí nach bhfuil "aon dúshlán ann do dhaltaí atá ag fáil a gcuid oideachais trí mheán na Gaeilge i scoileanna ar fud na tíre" agus "gur mhaith le hEagraíocht na Scoileanna Gaeltachta go mbeadh siollabas ar leith ann atá níos leithne ó thaobh an litríocht agus teanga de, do dhaltaí atá an Ghaeilge mar theanga dúchais acu, nó fiú Gaeilgeoirí mhaithe ar fud na tíre mar atá leis an ábhar matamaitice nó a leithéid." Tá sé de thuairim ag Máire go bhfuil sé seo ríthábhachtach chun go mbeadh caighdeán ard Gaeilge ag páistí agus iad ag fágáil na scoile sa gcaoi go mbeadh Gaeilge ar ardchaighdeán idir Ghaeilge scríofa agus labhartha ag múinteoirí na tíre agus foirne irise, teilifíse nó raidió Gaeilge.

I láthair na huaire "Tá rún ag Lárchoiste Comhar na Múinteoirí Gaeilge impleachtaí na leasuithe ar Shiollabais Ghaeilge na hArdteiste a chíoradh go luath."

Foras na Gaeilge

OIFIGEACH FOIRNE OIDEACHAIS

BÉAL FEIRSTE TAGAIRT: OFO 03/10

Is mian le Foras na Gaeilge Oifigeach Foirne Oideachais a cheapadh ar chonradh sealadach chun tréimhse shaoire máithreachais a chlúdach.

Beidh an té a cheapfar lonnaithe in oifigí an Fhorais i mBéal Feirste.

NICS: SO **£24,089**

*Tá Foras na Gaeilge tiomanta don chomhionannas deise agus cuirimid fáilte roimh iarratais ó iarrthóirí a bhfuil na cáilíochtaí cuí acu beag beann ar chreideamh, ar inscne, ar mhíchumas, ar chine, ar dhearcadh polaitíochta, ar aois, ar stádas pósta, ar chlaonadh gnéis nó cé acu atá nó nach bhfuil cleithiúnaithe acu. De réir fiúntais amháin a mheasfar gach iarratas. Proficiency in the Irish language, both written and verbal, is an essential requirement for the above post.*

FOIRM IARRATAIS & DEASCÁN EOLAIS

Ríomhphost: poist@forasnagaeilge.ie
*Nó is féidir scríobh chuig an seoladh thíosluaite agus an uimhir thagartha chuí a lua.*

SPRIOCDHÁTA

*Ba chóir foirmeacha comhlánaithe a bheith faighte ag an seoladh thíosluaite roimh* **12.00pm (meán lae), 15 Aibreán 2010.**

Poist, Foras na Gaeilge, 7 Cearnóg Mhuirfean, Baile Átha Cliath 2.

# 9 MIONFHÓGRAÍ

Gaelscéal

Tarraingeoidh muidne aird . . .
déanfaidh sibhse an chuid eile!




**Tairiscint Aonuaire**
Suas le 42% lascaine ar fhógraí taispeántais

Gheobhaidh tú ár gcuid rátaí fógraíochta clóite agus ar líne ar chúl.

Teileafón: +353(0)91 897766 Email: fograi@gaelsceal.ie

Údarás na Gaeltachta

**CEARDLANN AN SPIDÉIL**
**Aonad Ceardaíochta**

Tá aonad ceardaíochta 50 méadar cearnach le ligean ar léas i gCeardlann an Spidéil, An Spidéal, Co. na Gaillimhe. Iarrtar tairiscintí ó dhaoine a bhfuil taithí acu i reáchtáil gnó ceardaíochta. Tabharfar tús áite do thograí a bhfuil taithí ábhartha, d'ardchaighdeán acu san earnáil seo agus a dhéanfadh comhlánú ar dhea-íomhá Cheardlann an Spidéil.

Seoltar iarratais roimh 16 Aibreán 2010 chuig an seoladh thíos:
**Aonad Ceardaíochta, Oifig Réigiúnach**
**Údarás na Gaeltachta, Na Forbacha,**
**Co. na Gaillimhe. Teil: 091 503100**

NDP
Plean Forbartha Náisiúnta 2007–2013




udar.ie

**SIOPA NUA AR-LÍNE**
*EARRAÍ GAEILGE AGUS ÉIREANNACHA*
**NEW ONLINE SHOP**
*IRISH AND IRISH LANGUAGE GOODS*
*CÓD SPEISIALTA i gCOMHAIR NA LASCAINE:*
*SPECIAL DISCOUNT CODE:*
*Gaelscéal*

*Gach eolais faoi udar.ie ar fáil ó www.udar.ie*
*All information for udar.ie available on www.udar.ie*

*Tá udar.ie ag trádáil mar chuid de Glór na nGael Teo.*
*udar.ie is trading as part of Glór na nGael Teo.*

*Ag guí gach ráth ar Gaelscéal ó Glór na nGael*

**COMHAR NAÍONRAÍ NA GAELTACHTA TEO**

Comhar Naíonraí na Gaeltachta Teoranta

**Riarthóir**

**Fáiltíonn Comhar Naíonraí na Gaeltachta Teo. roimh iarratais do phost mar Riarthóir. Post páirt aimseartha 20 uair a chloig sa tseachtain atá i gceist.**

Beidh sár-chaighdeán oideachais, suas go tríú leibhéal, ag iarrthóirí maraon le taithí oiriúnach riarthóireachta. Tá sár-chaighdeán Gaeilge, labhartha agus scríofa, ag teastáil maraon le ardscileanna pearsanra agus ríomhaireachta.

Beidh an té a cheapfar freagrach as dualgais riaracháin an chomhlachta.

Beidh an post lonnaithe i gceanncheathrú an chomhlachta i gConamara.

Seoltar iarratais mar aon le CV iomlán roimh an **Aoine 2 Aibreán** chuig:

**An Bainisteoir,**
**Comhar Naíonraí na Gaeltachta Teo,**
**Cuileán,**
**An Cheathrú Rua,**
**Co. na Gaillimhe**

10 SPÓRT

# Labhraíonn Rónán Loughney as Gaeilge le Gaelscéal

Le Gráinne McElwain

IS as Cnoc na Cathrach i nGaillimh Rónán Loughney a imríonn anois mar fhrapa le Cúige Chonnacht. “Táim an-bhródúil as a bheith ag imirt le Connacht” a deir sé “agus is breá liom a bheith i mo chónaí agus ag obair anseo.”

Thosaigh Rónán ag imirt rugbaí leis an fhoireann Galwegians nuair a bhí sé seacht mbliana d’aois. “Ní raibh aon suim ag mo chlann sa rugbaí. B’fhearr le m’athair peil ghaelach agus sacar. D’imir mé iománaíocht agus sacar le mo scoil go dtí go raibh mé sé bliana déag d’aois ach bhí orm éirí as sin mar gheall ar an rugbaí”.

Cuireadh tús lena chuid rugbaí mar thrícheathrúnach istigh. “ De réir mar a bhí mé ag éirí níos láidre, bhí brú orm dul isteach sna tosaithe. Nuair a bhí mé 17 bliana d’aois bhí triail agam le foireann na hÉireann f-18 agus bhí siad ag cuartú frapa. Bhain mé triail as agus táim ag imirt san áit sin ó shin.”

“Ní raibh mé ag iarraidh imirt mar fhrapa ar dtús mar gheall ar na clibirtí. Bhí sé an-deacair ann mar nach raibh mé cleachtaithe leis. Anois, bainim an sult as mar tá níos mó oibre le déanamh ann. Bíonn fadhb agam i gcónaí meachán a chur suas. Táim 115 KG ach ba chóir go mbeadh mé 120 KG. Nuair a rinne mé an gearán sin sa bhaile, chuir sé isteach go mór ar mo mhamaí agus deirfiúr.” Le linn a chuid ama ag Ollscoil Luimnigh ag déanamh stáidéir ar ghnó, d’imir Rónán le UL Bohemians. Thairg Cúige Chonnacht conradh forbartha dó i 2005 agus tá Rónán ag imirt lán aimseartha leo ó shin. “ Is cuimhin liom go han-mhaith mo chéad chluiche le Connacht. Cluiche dúshláin a bhí ann agus bhí muid ag imirt in aghaidh Parma sa Sportsground. Bhí cúig bhomaite fágtha sa chluiche agus tháinig mé isteach mar ionadaí. Tharla clibirt láithreach agus chuaigh mé isteach ann. Fuair mé buille ó dhuine den dara líne agus briseadh mo shrón. Tús maith a bhí ann an lá sin!”

Beidh an 10ú Aibreán thar a bheith cinniúnach d’fhoireann Chonnacht nuair a bhuailfidh siad le Bourgoin sa chluiche ceathrú ceannais den chorn Amlin Challenge. “Seo an cluiche is mó a bhí againn riamh agus is buntáiste thar a bheith mór dúinn é a bheith sa bhaile. Tá sé chluiche as sé cinn buaite againn agus má bhuann muid an cluiche seo, cáilfidh muid don babhta leathcheannais. Bheadh an cluiche sin sa bhaile freisin os comhair ár lucht tacaíochta féin. Imríonn muid níos fearr i gcónaí nuair a bhíonn slua sa Sportsground agus beidh sé deacair muid a bhualadh.”



**“Níl muid ag imirt ró-mhaith sa tsraith Magners faoi láthair. Tá muid ar bhun an tábla ach tá seans maith againn anois cúpla pointe a fháil sna cluichí atá fágtha. Nil a fhios agam cad chuige ach in aghaidh na bhfoirne móra cosúil le Cúige Laighean, Mumhan agus Uladh, ardaíonn muid ár gcluiche”**

Ní raibh Rónán ag iarraidh mórán a rá faoi thodhchaí Chonnacht agus cad a mbeidh i ndán don Chúige san fhad téarma. “Táim tar éis conradh bliana a fháil agus is é an chéad chluiche eile a bheidh mé féin ag díriú isteach air seachas a bheith ag smaoineamh ar cibé rud atá ag tarlú sna hoifigí i mBaile Átha Cliath” Ach tá Rónán, Eric Elwood agus na himreoirí uilig eile tar éis conradh bliana amháin a fháil. Caithfear an cheist a chur an mbeidh Cúige Chonnacht thart i 2012? Ach sin ceist nach raibh Rónán ag iarraidh smaoineamh faoi fiú.

“Tiocfaidh Eric Elwood isteach ag deireadh an tséasúir seo mar chóitseálaí nua agus tá an-mheas ag na himreoirí air. D’imir sé féin leis an Chúige agus tuigeann sé meon na foirne agus na héilimh a bhíonn ar na himreoirí i mbun imeartha.”

Idir seo agus sin tá cluichí tábhachtacha le n-imirt ag Connacht. Buailfidh siad le Cúige Laighean, seaimpíní Chorn Heineken, as baile an Satharn bheag seo. “Níl muid ag imirt ró-mhaith sa tsraith Magners faoi láthair. Tá muid ar bhun an tábla ach tá seans maith againn anois cúpla pointe a fháil sna cluichí atá fágtha. Nil a fhios agam cad chuige ach in aghaidh na bhfoirne móra cosúil le Cúige Laighean, Mumhan agus Uladh, ardaíonn muid ár gcluiche”.

Nuair a éireoidh Rónán as rugbaí ba bhreá leis ailtireacht a dhéanamh agus a bheith amuigh ag surfáil, caitheamh aimsire a thosaigh sé cúpla bliain ó shin. Le déanaí, tá dioplóma sa Ghaeilge déanta aige agus tá an-mheas aige ar an teanga. Ach beidh sé sin go léir sa todhchaí, “Tá go leor rugbaí le himirt agam idir an dá linn”.

ROTHAÍOCHT

## Sky Ride Etape Hibernia

Le Gráinne McElwain

TÁ beagnach 500 duine as Éirinn agus as an Bhreatain tar éis clárú don Sky Ride Etape Hibernia, ócáid rothaíochta idirnáisiúnta a bheas á reáchtáil i gContae an Chláir ar an 22ú Lúnasa.

D’fhogair IMG, i gcomhpháirt le Sky, Fáilte Ireland, Forbairt na Sionainne, Comhdháil Réigiún agus Biúró Spóirt na Sionainne agus Comhairle Chontae an Chláir, le déanaí na dindiúirí ar fad a bhaineann leis an ócáid. Tá súil ag lucht eagraithe na hócáide go mbeidh breis agus 2000 duine ag glacadh páirte ann, go dtabharfaidh sé roinnt mhaith airgid isteach sa cheantar agus gur i méid a bheidh na huimhreacha ag dul as seo go ceann cúig bliana. Tá margaíocht á déanamh ar an ócáid anseo agus thar lear agus is féidir le duine ar bith idir 18 - 80 a bheith san iomaíocht. Cuirfear tús leis an turas rothaíochta in Inis, as sin tabharfar sciuird timpeall leis an chósta agus críochnóidh siad in Inis arís.

Tuilleadh eolais ar www.etapehibernia.com nó info@etapehibernia.com.

# An Séasúr atá romhainn



Le John Allen

IS iontach iad na séasúir mar atá siad againn ar an taobh seo den domhan mór. Tá deireadh Mhí an Mhárta beagnach buailte linn agus uair bhreise solais againn sa tráthnóna ón Domhnach beag seo ar aghaidh. Ní fada uainn boladh an fhéir nuaghearrtha agus séasúr craoibhe Chumann Lúthchleas Gael tosaithe.

Ach tá comórtas na sraithe fós le buachan sa dá chód agus cúpla cluiche suimiúil fós le teacht.

An bhfuil foirne agus lucht leanta ag ceapadh go bhfuil foireann iontach Chill Chainnigh ag taispeáint comharthaí go bhfuil deireadh ag teacht i réim. Ná téigh go Paddy Power fós. Coiméad do chuid airgid i do phóca nó cuir ar iománaithe na Gaillimhe é chun teacht amach as Connacht ar a laghad! Chuir na Cait tús lena séasúr i gceart le bua ar na Dubs agus chun bheith fireannach faoi, tá an lámh is treise (agus an fhoireann is treise) fós ag Brian Cody. Níl ach leath den fhoireann a rinne stair anuraidh ag tosú aon chluiche go dtí seo. Nuair a bheidh an leath eile le fáil arís agus leithéidí John Dalton, John Mulhall agusTJ agus Eoin Reid ag cur brú orthu, bhuel, beidh sé deacair dul ina gcoinne chun a chéad phíosa staire eile a bhaint amach.

An deireadh seachtaine seo tá seans ag John McIntyre breithiúnas ceart a dhéanamh ar a fhoireann nuair a thagann na Cait agus an Ghaillimh in aghaidh a chéile i bPáirc Uí Nualláin. Is deacair foireann na Gaillimhe a thomhas ag an tráth seo ach tá comharthaí níos fearr ag teastáil as seo amach.

Tá Corcaigh ag treabhadh leo agus a mbainisteoir Walsh sásta go leor go mbeidh siad ar a laghad ullamh don chraobh i mbliana agus gan aon aighneas ag bagairt orthu. Thaispeáin Michael Cussen go bhfuil mianach ann le dhá chúl i gcoinne na Déise agus le Páidí Ó Sullivan ag teacht chun cinn go deas tugann se roghanna deasa don bhainisteoir.

Tá na Déise ag foghlaim gach deireadh seachtaine agus cuirfidh Tiobraid Árann mórán ceisteanna orthu an Domhnach beag seo. Ach é sin ráite ceapaim go bhfuil an ceart ag Davy Fitz imreoirí nua a chur chun páirce go luath sa tsraithchomórtas, ag cur brú ar na seanfhondúirí troid chun a n-áiteanna a fháil ar ais .

Níl na Tiobraidigh ag cur na béime céanna ar an tsraith i mbliana agus an ceart acu. Níos déanaí sa bhliain a bheidh an gabhar á róstadh agus suim mhór ag Liam Sheedy go mbeadh seisean ag crónán agus Corn Mhic Cárthaigh á bhronnadh. Cé go bhfuil níos mó ná seachtain imithe ó Lá 'le Pádraig caithfear tréaslú le foireann pheile Naomh Gall ó iarthar Bhéal Feirste a thug Craobh Pheile na gClubanna leo le bua thar a bheith cuimsitheach ar Chill Mhuire Uí Bhreacháin nár imir in aon chor ar an lá.Mar sin féin, is iontach an t-éacht é d'fhoireann Aontroma an corn Uile-Éireann a bhreith leo .

San iomáint theip ar Phort Omna na Gaillimhe a bpíosa staire féin a bhaint amach. Ní den chéad uair le blianta beaga anuas a tháinig foireann ó Chill Chainnigh go dtí an ceanncheathrúle plean agus a dóthain imreoirí maithe le cinntiú go n-oibreodh an plean céanna.

Ar an taobh eile de ní féidir bheith ag brath beagnach go hiomlán ar imreoir amháin agus cé go ndearna Joe Canning a dhícheall ní bhfuair sé a dhóthain tacaíochta óna chomhimreoirí.

Sa tsraith pheile tá cúrsaí cothrom go leor ar bharr an tábla le Maigh Eo, Corcaigh agus Baile Átha Cliath chun tosaigh. Is dóigh liom go dtiocfaidh curaidh na sraithe as na trí fhoireann sin .

Tá an-choimhlint sa chéad roinn agus trí fhoireann an Tuaiscirt le bagairt an dícháilithe orthu . Tá na cluichí go léir an deireadh seachtaine seo an- tábhachtach.

Beidh sé cothrom go leor idir an Ghaillimh agus Baile Átha Cliath agus idir Tír Eoghain agus Ciarraí. Ba cheart go mbeadh Corcaigh róláidir do Dhoire ach is dóigh liom go mbeidh coimhlint níos géire idir Maigh Eo agus Muineachán agus má leanann foirm na gConnachtach leo ba cheart go mbeadh an lá leo freisin. Léigh mé i rith na seachtaine go raibh na rialacha ag cur isteach ar bhainisteoir Chill Dara Kieran McGeeney agus tríd is tríd aontaím leis . I mo thuairim tá an dainséar ann go ndéanfar "over-sanitization" ar an gcluiche leis na cártaí go léir atá á dtaispeáint ó thús na bliana.

Tá aighneas Luimnigh fós ar siúl . Is trua sin . I mo thuairimse má bhíonn cumarsáid cheart idir na páirtithe go léir i rith na bliana, ní ceart go dtarlódh a leithéid d'aighneas. Tharla sé i gCorcaigh trí huaire agus sa Chlár le déanaí. Ba cheart go bhfoghlaimeodh ceanncheathrú an Chumainn uaidh seo agus a chinntiú go mbeidh rialacha agus coinníollacha leagtha síos gan mhoill faoi gach rud a bhaineann le ceapadh agus téarmaí bainisteoirí foirne.

Beir Bua

*Is iar-imreoir peile agus iomána le Corcaigh é John Allen agus iar-bhainisteoir ar fhoireann iomána an Chontae leis.*

# Réiteoirí faoi bhrú!

Le Gráinne McElwain



**Réiteoir Gearóid Ó Conámha.** PICTIÚR: BRENDAN MORAN / SPORTSFILE

SAMHLAIGH páirc peile, slua mór thart timpeall air agus an t-atmaisféar ann ar nós mar a bhíodh sé sa Coliseum fadó sa Róimh. Tá tú leat féin ag siúl go aonarach i dtreo an taobh eile den pháirc. Tosaíonn imreoirí ag screadach ort, ag brú isteach níos cóngaraí duit, ag cur mallachtaí agus maslaí ort.

Tugann tú faoi deara go bhfuil an slua naimhdeach ag iarraidh greim a fháil ort agus faoi dheireadh, sroicheann tú an seomra feistis slán sábháilte an uair seo!

Le roinnt míonna anuas, tá eachtraí poiblí gránna tar éis tarlú do réiteoirí agus iad i mbun a gcuid dualgais ag cluichí CLG.

Gan dabht, níl an meas céanna ag imreoirí ná ag an lucht tacaíochta ar réiteoirí an CLG is a bhíodh agus tá sé sin i bhfad níos soiléire le ceithre bliana anuas ó d'imir foireann rugbaí na hÉireann i bPáirc an Chrócaigh.

Feictear an meas atá ag na himreoirí sin ar an réiteoir agus cibé rud a deir sé, glactar leis. Ní bhíonn Brian O' Driscoll ná Paul O'Connell ag tabhairt amach faoin gcinneadh agus rud eile, nuair a théann siad chun cainte leis an réiteoir tugann siad "Sir" air i gcónaí.

"Níl meas ag an ngnáthlucht tacaíochta ar na réiteoirí. Is nós é, íde béil a thabhairt don réiteoir" a deir Gearóid Ó Conámha réiteoir peile idirchontae.

"De ghnáth, bíonn imreoirí go deas ar an pháirc ag plé leat. Corruair ní bhíonn siad sásta ach bíonn teannas i gcónaí ar an pháirc. Cuid den lucht tacaíochta, ní bhíonn siad sásta ach an oiread ach is é jab an réiteora ná na rialacha a chur i bhfeidhm. Ní thuigeann formhór an lucht tacaíochta na rialacha. Ceapann siad go bhfuil na rialacha ar eolas acu ach níl i ndáiríre."

**"Cuid den lucht tacaíochta, ní bhíonn siad sásta ach an oiread ach is é jab an réiteora ná na rialacha a chur i bhfeidhm. Ní thuigeann formhór an lucht tacaíochta na rialacha. Ceapann siad go bhfuil na rialacha ar eolas acu ach níl i ndáiríre."**

Ach más nós é bheith ag tabhairt amach don réiteoir, cén dóigh is féidir linn é a bhriseadh? "Ba bhreá liomsa dá mbeadh an CLG ag déanamh níos mó chun an lucht tacaíochta a chur ar an eolas faoi na rialacha. Tá scéim nua ar bun faoi réiteoirí nua a mhealladh isteach ach tá drogall ar dhaoine óga bheith páirteach ann mar gheall ar an drochmheas agus an chaoi go gcaithfear leo."

Is réiteoir óg é Dónal Connolly as an Bhoth i gCo. Mhuineacháin. "Thosaigh mé ag réiteoireacht mar bhí spéis agam ann. Tá réiteoireacht cosúil le bheith ag imirt peile, bíonn drochlaethanta agus laethanta maithe agat."

"Sílim go bhfuil níos lú measa ag an lucht tacaíochta ar réiteoirí ná mar atá ag na himreoirí mar ní thuigeann siad na rialacha. Nuair a bhíonn imreoirí ag tabhairt amach don réiteoir, is bealach dóibh é chun a gcuid frustrachais agus díomá a scaoileadh amach. Go pearsanta níor tugadh drochíde domsa ach tuigim cén fáth go bhfuil faitíos ar dhaoine óga dul i mbun na hoibre seo. Níl aon duine ag iarraidh cur suas le drochíde agus maslaí mar gheall ar bhotúin atá déanta ag an réiteoir."

Beidh Coiste Náisiúnta na Réiteoirí ag cur riail nua i bhfeidhm maidir le haois na réiteoirí ó mhí Eanáir 2011 ar aghaidh. Mar chuid den phlean forbartha cúig bliana, beidh ar réiteoirí éirí as réiteoireacht idirchontae tar éis dóibh 50 bliain a bhaint amach. Mar a bheifeá ag súil, tá tuairimí measctha ag na réiteoirí amuigh ansin faoin riail nua seo. " Seo mo bhliain dheireanach ag réiteoireacht peil idirchontae" a deir Gearóid Ó Conámha "mar beidh mé thar 50 bliain d'aois an bhliain seo chugainn agus caithfidh mé éirí as. Ní dóigh liom gur rud maith é sin mar do na cluichí móra bíonn taithí ag teastáil mar is laethanta móra iad do gach duine agus bíonn go leor teannais ag baint leo. Ar an lámh eile caithfear seans a thabhairt do leaids óga fosta."

Dar le Dónal, is rud maith é an riail nua seo mar is é an sprioc atá ag gach réiteoir club ná a bheith ag réiteoireacht cluichí idirchontae. "Tá go leor taithí ag na réiteoirí a bheidh ag éirí as an bhliain seo chugainn agus bheadh sé go maith dá mbeidís in ann meastóireacht a dhéanamh chun cuidiú agus comhairle a thabhairt do na réiteoirí óga. Sílim go bhfuil coiste na réiteoirí ag smaoineamh ar seo a dhéanamh."

Is léir mar sin gur daoine daonna iad na réiteoirí a théann amach i ngach cluiche chun a ndícheall a dhéanamh cosúil leis na himreoirí ar an pháirc. Taitníonn réiteoireacht go mór le Dónal agus Gearóid ach do Ghearóid tá sprioc amháin fágtha aige.

"Tá réiteoireacht déanta agam ar gach cineál cluiche seachas an cluiche ceannais do Chraobh Peile Sinsir na hÉireann agus ba bhreá liom sin a dhéanamh." Seo é a bhliain dheireanach ag réiteoireacht cluichí idirchontae agus ní bheadh a fhios agat cad a tharlódh.

# Déagóir as Gaeltacht Thír Chonaill ag dul go Manchester United!

**Le Judy Ní Ógáin**


TÁ déagóir 16 bliain d'aois - Joe Coll as Mín Larach, Gort a' Choirce i nGaeltacht Dhún na nGall tar éis síniú leis an bhfoireann sacar cáiliúil Manchain Aontaithe - 'Manchester United' mar chúl báire. Is conradh 3 bliana atá i gceist, dhá bhliain mar imreoir óg agus an bhliain deireadh ag imirt leis an gclub go proifisiúnta.

Tosaíonn an conradh agus saol úr Joe ar an 5ú lá d'Iúil an Samhradh seo nuair a fhilleann an club ar ais le haghaidh an réamh-shéasúr.

Ag labhairt dó an tseachtain seo, dúirt Joe atá anois ar ais sa mbaile, go bhfuil sé an-sásta leis an dea-scéala. "Is mothú iontach é ceart go leor ach níl mé cinnte go gcreidim féin é céad fán gcéad go fóill" a dúirt sé. "Shínigh mé leo ar an Sathairn. Bhí muid thall don deireadh seachtaine, mé fhéin agus m'athair, agus bhí muid ag an chluiche in aghaidh Fulham Dé Domhnaigh. Chas muid le Alex Ferguson roimh an chluiche, thug sé suas muid go dtí a oifig muid, áit ar inis sé dom faoin chlub agus an caighdeán agus smacht a bhíonn á lorg acu ó imreoirí sa chlub. Chuir sé fainic orm fosta - gan dul gar d'oiread is tatú amháin ariamh!

Ghuigh sé gach rath orm leis an chlub agus dúirt sé liom - nach raibh siad ag mo shíniú leis an chlub díreach chun mé a dhíol le club eile amach anseo, ach chun a bheith mar an cúl báire is fearr sa chlub de réir a chéile."

"Bhí muid sa tseomra feistis i ndiaidh an chluiche, áit ar chas muid leis na himreoirí ar fad agus thug Van Der Sar (Cúl báire Manchester United) a chuid miotóga chúl báire domh. Bhí siad ar fad go deas agus cairdiúil."


Joe Coll

Cé nach gcaithfidh Joe tosú ag traenáil leo go dtí an chéad seachtain i mí Iúil, tá air taisteal ar ais go Manchester an deireadh seachtaine seo chun dul faoi scrúdú leighis.

Tá Joe ag freastal ar Phobalscoil Chloich Cheannfhaola (PCC) ar an Fhál Carrach, agus é sa cheathrú bliain ansin. Mar pháirt den chonradh, leanfaidh sé ar aghaidh lena chuid oideachais le linn

**"Bhí muid sa tseomra feistis i ndiaidh an chluiche, áit ar chas muid leis na himreoirí ar fad agus thug Van Der Saar (Cúl báire Manchester United) a chuid miotóga chúl báire domh. Bhí siad ar fad go deas agus cairdiúil."**

an chéad dhá bhliain eile agus tá oifigeach de chuid an chlub - Dave Bushell chun cuairt a thabhairt ar an PCC inniu (Dé hAoine) chun a chuid oideachais a phlé leis an scoil, ionas go mbeadh siad ábalta a chinntiú go dtiteann Joe isteach faoin leibhéal céanna oideachais sa chlub.

Seo rud a bhí ag cur imní mhór ar thuismitheoirí Joe, agus ceann dos na fáthanna gur shínigh Joe leis an gclub seo seachas ceann de na clubanna móra eile sa phríomhroinn a bhí sa tóir ar fhear óg Thír Chonaill chomh maith.

"Ina iomlán, bhí muid iontach tógtha leis an chlub" a deir athair Joe - Tom Coll. "Go deimhin, níor fhág siad cloch amháin gan iompú. Bhí siad chomh proifisiúnta sa bhealach a ndearna siad gach rud. Thug siad go dtí an teach muid ina mbeidh Joe ag fanacht ann, fiú amháin, chun casadh le bean an tí ansin, a chur na mílte fáilte romhainn agus a chinnteoidh go mbraithfidh Joe 'sa bhaile' ann agus ar a shuaimhneas", a dúirt Tom. D'admhaigh go raibh siad chomh bródúil as a mhac as síniú le ceann do na clubanna is mó sa domhan.

Ní inniu ná inné a thosaigh Joe ag imirt sacar, agus é ag imirt lena chlub áitiúil Gleann Átha Aontaithe i nGaeltacht Thír Chonaill le blianta agus ag feabhsú agus ag forbairt mar chúl báire ar fhoireann sacar an Chontae agus ina dhiaidh sin ar fhoireann na hÉireann (faoi aois).

Tá níos mó ná 15 cluiche imeartha aige le foireann na hÉireann. Bhí níos mó ná Manchester United agus Tottenham Hotspur sa tóir ar Joe, agus trialacha déanta aige le Wolves, Charlton Athletic, Manchester City agus Celtic. Thaispeáin Arsenal agus Chelsea suim ann chomh maith agus thug siad cuireadh dó freastal ar thrialacha freisin.


Leanann Joe líne fhada de chúl báirí as Dún na nGall a chuaigh roimhe agus a shínigh le clubanna sacar Shasana freisin - daoine ar nós Packie Bonner, Shay Given, James Gallagher (bainisteoir Finn Harps) agus Conrad Logan. Go n-éirí go geal leat a Joe.

## Ag amharc chun tosaigh ar an deireadh seachtaine CLG

**Le Gráinne McElwain**
**PICTÚIRÍ LE SPORTSFILE**

**Tír Eoghain v Ciarraí, An Ómaigh**
Bhí Seán Cavanagh ar ais ar a sheanléim nuair a tháinig sé isteach mar ionadaí in aghaidh na Gaillimhe ach ní mórán dea-scéalta eile a bhí ag Tír Eoghain ón chluiche sin agus iad i gcontúirt dícháilithe. Ní bheidh Kieran Donaghy ar fáil do Chiarraí a bhfuil 2 phointe eile ag teastáil uathu chun a bheith iomlán sábháilte.
*Bua: Tír Eoghain*


Seán Cavanagh


Michael Martin

**BÁC v Gaillimh, Páirc Pharnell**
Fiú le Michael Meehan, Seán Armstrong, Pádraig Joyce agus go leor eile gortaithe, d'éirigh le Gaillimh 1-15 a scóráil agus an bua a fháil ar Thír Eoghain. Chaill Baile Átha Cliath a gcéad chluiche sraithe in aghaidh Chorcaí agus beidh na pointí tábhachtach anocht má tá siad chun cáiliú do Chluiche Ceannais na Sraithe den chéad uair ó 1999.
*Bua: Baile Átha Cliath*

**An Iarmhí v An Dún, Páirc Uí Chíosóig**
Casfar na foirne atá ag barr agus ag bun an tábla ar a chéile sa choimhlint seo. Níl aon chluiche caillte ag an Dún agus níl ach ceann buaite ag an Iarmhí. Beidh an Iarmhí ag imirt i Roinn 3 an bhliain seo chugainn ach is i Roinn 1 a bheidh an Dún agus James McCartan.
*Bua: An Dún*




**Doire v Corcaigh, Páirc Cheilteach**
Tá Doire i dtrioblóid ar bhun an tábla ar fad ach tá gortuithe ag cur isteach ar Chorcaigh le Pearse O'Neill, Nicholas Murphy agus Colm O'Neill in easnamh.

Chomh maith leis sin, tá Donncha O'Connor ar fionraí agus beidh turas fada ó thuaidh orthu ach ba chóir go mbeadh an lá leo.
*Bua: Corcaigh*

**Ard Mhacha v Tiobraid Árann, Crois Mhic Lionnáin** Chaill Ard Mhacha in aghaidh na gcomharsan béal dorais An Dún an tseachtain seo caite den chéad uair sa tsraith agus craobh le 15 bliana anuas. Níl ach cluiche amháin buaite ag Tiobraid Árann go dtí seo agus beidh seans ag an fhoireann bhaile dhá phointe eile a phiocadh suas.
*Bua: Ard Mhacha*

**Maigh Eo v Muineachán, Caisleán an Bharraigh** Bhí bua slachtmhar sa bhaile ag Muineachán ar Dhoire Dé Domhnaigh seo caite agus cé go bhfuil 4 phointe acu níl siad sábháilte fós i Roinn 1. Bhuaigh Maigh Eo ar Chiarraí i dTrá Lí agus bhí Conor Mortimer ar dóigh. Mar go bhfuil Maigh Eo ar bharr an tábla agus sa bhaile, ba chóir go mbeadh an lá leo in aghaidh Mhuineacháin.
*Bua: Maigh Eo*


Conor Mortimer

**Dún na nGall v An Mhí, Bealach Féich** Leis an dá fhoireann seo ar 6 phointe, beidh deis ag na buaiteoirí a bheith san iomaíocht d'ardú céime go Roinn 1 an bhliain seo chugainn. Bua aon chúilín amháin a bhí ag an dá fhoireann an tseachtain seo caite agus beidh sé cóngarach arís amárach. Buntáiste an bhaile an difear a bheidh eatarthu. *Bua: Dún na nGall*

# SPÓRT

Déan teagmháil linn ag **sport@gaelsceal.ie**

Gaelscéal

26.03.2010

# Cá bhfuil tú ag dul, a Thíogair?

**Le Gráinne McElwain**

Cibé rud a cheap lucht tacaíochta an ghailf, beidh lucht eagraithe na gcomórtas sásta go mbeidh Tiger Woods (atá náirithe os comhair an tsaoil) ag filleadh ar na comórtais an mhí seo chugainn. D'fhógair sé go mbeidh sé ag glacadh páirte i gComórtas na Máistrí a bheidh ar siúl in Augusta, Georgia, SAM. Níor ghlac Woods páirt in aon chomórtas ó mhí na Samhna nuair a tháinig sé chun solais go raibh caidreamh aige le mná eile seachas a bhean féin. Ar ndóigh tá an comórtas seo buaite aige ceithre huaire cheana agus tá sé ar dhuine acu siúd atá i measc rogha na n-údar chun é a dhéanamh arís. Nuair a chuala Seve Ballesteros go raibh Woods ag filleadh dúirt sé gurb é an rud is fearr é a d'fhéadfadh tarlú don chluiche.




Cóipcheart ag Sportsfile